An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Data Protection Commissioner

# 2016

## Tuarascáil Bhliantúil
## Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann

Curtha faoi bhráid gach Tí an Oireachtais, de bhun Alt 14 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.




**Is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí (an CCS) an t-údarás náisiúnta neamhspleách atá freagrach as seasamh le ceart bunúsach an AE atá ag an duine aonair go gcosnaítear a sonraí pearsanta.**

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach Thuarascáil Bhliantúil 2016 | 1 |
| Ról agus Freagrachtaí Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann | 5 |
| Athbhreithniú achomair ar 2016 | 8 |
| Teagmháil, Ceisteanna agus Gearáin | 10 |
| Imscrúduithe Speisialta | 12 |
| Fógraí um Shárú ar Shonraí | 14 |
| Ilnáisiúntaigh agus an Teicneolaíocht | 17 |
| Comhairliúchán | 21 |
| Iniúchtaí Príobháideachais | 23 |
| Dlí | 27 |
| Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha agus Cur i bhFeidhm Comhsheasaimh ag Google | 34 |
| Treoir agus For-Rochtain | 35 |
| Rannpháirtíocht an AE agus Idirnáisiúnta | 37 |
| Clárúchán | 39 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 40 |
| Aguisín 1 – Liosta na n-eagraíochtaí ar a ndearadh iniúchadh nó cigireacht in 2016 | 46 |
| Aguisín 2 – Cás-Staidéir | 47 |
| Aguisín 3 – Cásdlí um chosaint sonraí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 55 |
| Aguisín 4 – Cairt Eagraíochtúil an CCS | 56 |
| Aguisín 5 – An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 57 |
| Aguisín 6 – Tuarascáil Fuinnimh | 58 |



Anna Morgan, John O’Dwyer, Helen Dixon, Dale Sunderland, Jennifer O’Sullivan

# Brollach: Tuarascáil Bhliantúil 2016



**Ms. Helen Dixon**
An Choimisinéara Cosanta Sonraí

Is rí-dheas liom Tuarascáil Bhliantúil 2016 an Choimisinéara Cosanta Sonraí (an CCS) a chur i láthair. Tugtar chun solais sa tuarascáil príomhfhorbairtí agus príomhghníomhaíochtaí na hOifige sa bhliain seo caite, anuas ar na tosaíochtaí don bhliain 2017 agus ina dhiaidh sin. Ba bhliain ar leith 2016 mar bhliain Oilimpeach i ndomhan an spóirt agus d'fhéadfaí a rá gur bhliain thar a bheith Oilimpeach a bhí ann, chomh maith, sa limistéar um chosaint sonraí.

## Céimeanna Móra chun Cinn san Eoraip

Bhaineamar achtú an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) amach, ar deireadh thiar, i mBealtaine. Rinneadh seo ceithre bliana i ndiaidh gur foilsíodh togra 2012 Choimisiún an AE a bhí dírithe ar chreatdlí na hEorpa a nuachóiriú agus a nuashonrú a chosnaíonn an ceart i leith sonraí pearsanta a chosaint faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an AE. Is éard a dhéantar sa dlí nua seo, go criticiúil, ná cumas níos mó a ghealladh do gach duine dínn chun na húsáidí a bhaintear as ár sonraí pearsanta i ré um Olltiomsú Sonraí na linne seo a rialú agus a thuiscint níos éifeachtaí. Ar an gcuma chéanna, thugamar faoi deara go ndearna Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) rialú bharrthábhachtach bhreise sa chomhchás *Tele2 Sverige agus Watson*, ina ndearna an Chúirt soiléiriú breise ar an tástáil riachtanais agus chomhréireachta a leagtar amach sa bhreithiúnas a thug sí ar Chearta Digiteacha Éireann ('Digital Rights Ireland') in 2014 agus leagadh síos, go sonrach, nach féidir le Ballstáit oibleagáid ghinearálta neamhsprioctha chun sonraí a choimeád faoi sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Ina theannta sin, tháinig an Sciath Phríobháideachais i láthair i samhradh 2016 i ndiaidh go ndearna údaráis SAM agus Coimisiún an AE comhaontú air mar bhonn dlíthiúil do chuideachtaí cáilitheacha chun sonraí pearsanta a aistriú ón AE go dtí SAM i ndiaidh go ndearna CBAE 'Tearmann' a chur ar ceal i nDeireadh Fómhair 2015.

## Cuideachtaí Idirlín ar Thús Cadhnaíochta

In Europe, big internet companies became an San Eoraip, ní ábhar ionaidh é gur dhírigh na meáin ar chuideachtaí móra idirlín i ndiaidh gur tháinig cumaisc chuideachta agus sáruithe mórscála sonraí chun solais. Léirigh cumasc Facebook agus WhatsApp an chastacht go soiléir a bhaineann leis an ngné um chosaint sonraí a fhuascailt ó leasanna níos fairsinge tomhaltóirí sa saghas seo cás. Bíonn sé ina ábhar díospóireachta ag go leor daoine cé acu an bhfuil nó nach bhfuil beartais úsáideora 'glac leis nó fág é', nach é an t-aon bhealach lena sheachaint sonraí a bheith á roinnt idir dhá aonán a dhéanann cumasc lena chéile ná chun scor agus gan leanúint le húsáid a bhaint as an tseirbhís níos mó, mícheart, neamhdhleathach nó an dá rud. Ó dhearcadh um chosaint sonraí, ní soiléir go gcuirfí toirmeasc go huathoibríoch ar a leithéid de bheartas – má thugann úsáideoir toiliú go neamhshrianta, i ndiaidh fógra leordhóthanach a fháil faoi cén sonraí pearsanta atá i gceist agus faoin gcuspóir dá n-úsáidfear na sonraí siúd, is féidir roinnt na sonraí siúd a dhlisteanú díreach

ó dhearcadh um chosaint sonraí amháin. Ach tá bealaí ann, b'fhéidir, faoi mar a bhíonn mar ábhar argóinte ag roinnt daoine, ina bhfuil an trádáil ina n-íoctar as rudaí le sonraí pearsanta éagórach, in ainneoin na caoi go bhfuil na seirbhísí saor in aisce i dtaobh airgid de. Ar an gcúis seo, molann CCS na hÉireann tionscnamh nuabhunaithe Mhaoirseoir Cosanta Sonraí na hEorpa in 2016 chun Teach Imréitigh Digitigh a bhunú a thabharfaidh údaráis um chosaint sonraí agus rialálaithe tomhaltóirí agus iomaíochta le chéile, ar bhonn deonach, chun súil a chaitheamh ar bhealaí inar féidir le soláthraithe seirbhíse gréasánbhunaithe bheith níos cuntasaí as a n-iompar mar thoradh ar an gcomhoibriú idir na húdaráis éagsúla. Is soiléir go bhfuil smacht ag dornán ardáin mhóra, den chuid is mó, ar chumhacht i dtaobh rianú idirlín agus brabús a chur chun cinn ó fhógraí idirlíon-bhunaithe agus gur gá ceisteanna a chur agus a fhreagairt maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tomhaltóirí á bhfágáil san fhaopach gan dóthain rogha a bheith acu (agus bheith faoi 'toiliú éigeantach' de shaghas, dá bharr) nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil gach asraon meán cláraithe leis na malartuithe céanna fógra siúd. Arís eile, creidim nach saincheist um chosaint sonraí amháin atá i gceist leis seo ach is saincheist é is gá a chomhordú trí ghníomhartha ag na rialálaithe éagsúla i limistéar na dtomhaltóirí. Más féidir le gach úsáideoir diúltú do rianú ar líne ar chuspóirí fógraíochta agus má dhéanann siad amhlaidh, ní mór rochtain a fháil ar ábhar ar líne taobh thiar de bhalla íocaíochta, an bhfeabhsaíonn seo cearta foriomlána tomhaltóirí? Ar an nós céanna, an féidir brú a chur ar ghnólachtaí chun seirbhísí saor in aisce agus a gcuirtear ball íocaíochta i bhfeidhm orthu a thairiscint? Ionchur suimiúil sa limistéar seo is ea dréacht-Rialachán Ríomhphríobháideachais Choimisiún an AE, a foilsíodh in Eanáir 2017, agus tá sé ina argóint ag roinnt daoine nach ndéanfaidh an bhéim iomlán a chuireann sé ar thoiliú nuair a fhaightear rochtain ar ghléas úsáideora (i.e. gléas móibíleach a léamh nó fianán a leagan anuas ar ghléas deisce) ach níos mó cumhachta a lárú i measc an dornáin mhalartuithe fógra is mó agus nach gcuirfidh aon fhíorfheabhas, i ndeireadh na dála, ar bheart an tomhaltóra.

Rinne an rialú a raibh feitheamh fada leis i samhradh 2016 a rinne an Dara Cuaird in SAM i gcás barántais Microsoft béim bhreise ar an gcastacht a bhaineann le dlíthe dlínsiúla a chur i bhfeidhm ar an idirlíon domhanda. Rinne an chúirt an cinneadh nach raibh ceanglas ar Microsoft ríomhphoist a thabhairt suas a bhí suite ar fhreastalaí in Éirinn do ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí in SAM a bhí ag tabhairt faoi imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chionta drugaí. Cé gur cheap go leor daoine gurbh ionann an toradh agus bua ar son ceart um príobháideachas sonraí, thug daoine eile a bhí chomh buartha céanna faoi na cearta siúd le fios go bhféadfadh a mhalairt de thoradh eascairt ón mbéim a leagan ar láthair an fhreastalaí fhisiciúil, ag brath ar láthair an fhreastalaí fhisiciúil.

Sholáthair na hollsáruithe ar shonraí a raibh Yahoo! thíos leo meabhrúchán tairbheach, chomh maith, i leith fhíorchainníocht ár sonraí pearsanta a stórálann soláthraithe seirbhíse ar líne. I measc rialtóirí Eorpacha chuideachtaí idirlín SAM a aistríonn sonraí chuig SAM go ndéanfar breis próiseála orthu, is ann d'oibleagáidí soiléire faoi dhlí na hÉireann a cheanglaíonn ar na rialtóirí atá bunaithe in Éirinn lena chinntiú go ndéanann an próiseálaí cosaint leordhóthanach ar na sonraí. Caithfidh próiseas gníomhach agus leanúnach a bheith i gceist leis an bpróiseas seo ina gcinntítear gurb ann do rialuithe leordhóthanacha a leantar lena chur i bhfeidhm i bhfad i ndiaidh go sínítear agus go gcuirtear i dtaisce an comhaontú idir an rialtóir agus an próiseálaí. Cé go bhféadfadh sé bheith dodhéanta, i gcásanna áirithe, chun cosaint leordhóthanach a dhéanamh i leith haiceáil choiriúil atá thar a bheith sofaisticiúil, má dhéantar an monatóireacht agus an iniúchóireacht cheart agus más ann do na rialuithe cearta, is féidir sárú ar chórais a shainaithint, má dhéantar amhlaidh, i bhfad níos luaithe agus is féidir dul i mbun gníomh maolaithe.

## Fairsingiú Leanúnach an CCS

I gcás CCS na hÉireann, ba bhliain eile é 2016 ina ndearnadh tógáil, fairsingiú, uasoiliúint agus inar baineadh amanna freagartha ní b'fhearr amach inár gcuid oibre. Tá nach mór 70 comhalta foirne inár measc anois i ndiaidh earcaíocht thréan sprioctha a mhair bliain a chur dínn a sholáthair cleachtóirí dlí a bhfuil saineolas acu ar an tionscal, teicneolaithe agus bainisteoirí tionscail Is féidir le leibhéal fairsingithe sinsearach eagraíocht an CCS anois dul chun cinn a dhéanamh agus tabhairt faoinár ról rialála faoin RGCS atá ag teacht chun cinn agus ag dul i mbun fairsingiú. I measc na n-ullmhúchán seo, tá babhta nua breise d'earcaíocht shubstainteach, agus tá 35 comhalta foirne le cur leis in 2017, ina measc speisialtóirí breise dlí, imscrúdaithe, anailíse gnó, agus ábhar/cóipscríbhneoireachta. In 2016, sheol an CCS láithreacht ar Twitter agus tá an cuntas anois i measc na gcuntas is tapúla fás de Chomhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí! Tugtar tús áite sa RGCS do threoir a sholáthar d'eagraíochtaí agus chuir an CCS tús in 2016 lena thabhairt isteach agus tá clár gníomhach ar na bacáin don bhliain 2017. Mar gheall ar dhlí comhchuibhithe a chur i bhfeidhm ar fud na hEorpa, bhí an obair dian laistigh de Mheitheal Oibre Airteagal 29 d'Údaráis Chosanta Sonraí an AE in 2016 de réir mar a thugaimid aghaidh ar chomhdhearcadh a chinntiú agus treoir a eisiúint don tionscal maidir le coincheapa tábhachtacha nua, ar nós oifigeach um chosaint sonraí, fógraí éigeantacha um shárú agus an ionaid ilfhreastail. Sa mhullach air sin, lorg an CCS lena chinntiú go gcuireann an rialtas an taithí rialála 'ar an láthair' atá ag an CCS san áireamh nuair a dhéantar Bille nua um Chosaint Sonraí na hÉireann a dhréachtú a bhuntacóidh le cur i bhfeidhm an RGCS agus, go háirithe, lena chinntiú, mar fheidhmitheoir neamhspleách an dlí um chosaint sonraí, tá réimse iomlán cumhachtaí ar fáil againn chun tabhairt faoinár ról.

Ba léir gur chruthaigh oifigí nua an CCS i lár chathair Bhaile Átha Cliath (anuas ar áitreabh Chúil an tSúdaire) tairbhí an-mhóra do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Bhíomar an-sásta le fáilte a chur roimh an Taoiseach, Enda Kenny, T.D. (an Príomh-Aire) chun



An Taoiseach, Enda Kenny T.D., ag oscailt oifigí nua An Coimisinéir Cosanta Sonraí i mBaile Átha Cliath (Chearnóg Mhic Liam Theas) i gcuideachta An Coimisinéir Cosanta Sonraí Helen Dixon agus Aire Stáit Dara Murphy T.D.

ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath a oscailt go foirmiúil in Eanáir 2017, tráth a leag sé béim ar an tuiscint dhomhain atá ag a rialtas ar a thábhachtaí atá sé chun sonraí pearsanta a chosaint agus ar thiomantas an rialtais d'údarás tréan neamhspleách forfheidhmithe a chistiú. Mar gheall ar ráta ár gcláir earcaíochta, tá áitreabh breise i ngar á lorg ag an CCS chun cóiríocht a chur ar fáil do na comhaltaí breise foirne a rachaidh leis an CCS i gcaitheamh na tréimhse dhá bhliain amach romhainn, a mhéadóidh ár bhfoireann atá bunaithe i mBaile Átha Cliath aníos go dtí 130.

## Gearáin agus Forfheidhmiú

Mar thoradh ar an tréimhse 12 mhí anuas inar thugamar faoi obair thiomanta agus gearáin á láimhseáil againn faoi eagraíochtaí a rinne daoine aonair linn i rith 2016, fáiltíonn an CCS díriú forfheidhmithe níos mó an RGCS mar bhealach chun caighdeáin fheabhsaithe chomhlíonta an dlí um chosaint sonraí a chur chun cinn le cois an mhéid a thugaimid faoi deara inniu. In 2016, d'imscrúdaigh CCS na hÉireann de bhreis ar 1,400 gearán aonair. Is ábhar díomá gurb íseal i gcónaí comhlíonadh cearta rochtana daoine aonair ar a sonraí pearsanta agus, dá réir, chuir an CCS feachtas spriocthа ar bun le déanaí a leag an bhéim ar oibleagáidí eagraíochtaí sa limistéar seo. Léiríonn cás-staidéir eile gur theip ar eagraíochtaí lena chinntiú go dtugtar fógra cuí do dhaoine aonair maidir le conas atá a sonraí á bpróiseáil. Ábhar buartha do go leor daoine go fóill is ea monatóireacht a dhéanamh ar fhostaithe trí CCTV agus, cé gur dhealraitheach don CCS i gcásanna áirithe a imscrúdaíodh in 2016 go raibh údar dlíthiúil le monatóireacht agus próiseáil a dhéanamh ar íomhánna CCTV, tugtar faoi deara gurb ann do threocht ina dteipeann ar fhostóirí chun na rialacha a bhaineann le brath ar phíosaí scannáin CCTV i bpróisis dhisciplíneacha a shoiléiriú d'fhostaithe. Tháinig sonraí daoine aonair a nochtadh do thríú páirtithe chun solais i roinnt cásanna inar theip ar fhoireann túslíne roinnt comhlachtaí earnála poiblí meas a léiriú air nár cheart sonraí pearsanta duine aonair a thabhairt go huathoibríoch dá gceile nó do dhaoine muinteartha eile leo ar iarraidh sin.  Ceart pearsanta is ea an ceart i leith cosaint sonraí gan aird ar stádas pósta nó teaghlaigh.

Ba bliain ghnóthach forfheidhmithe eile í, agus leagtar sonraí amach faoi ionchúisimh sna míreanna 'Imscrúduithe Speisialta' agus 'Dlí' sa tuarascáil seo.

Ar scála níos córasaí, is minic go mbíonn drogall ar chomhlachtaí earnála poiblí agus ranna rialtais, in go leor cásanna chun teacht isteach ar an tslí nach féidir cearta um chosaint sonraí a bhaint, go simplí, tríd an reachtaíocht gan tástálacha leordhóthanacha riachtanais agus anailíse comhréireachta agus dochair a chur i bhfeidhm. Is gá nuachóiriú críochnúil a dhéanamh ar dhlíthe faireachais agus idircheaptha na hÉireann chun iad a thabhairt cothrom le dáta lena chinntiú go mbíonn cumhachtaí den chéad scoth ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus faisnéise, ach lena chinntiú, go tábhachtach go gcosnaítear cearta daoine aonair go leordhóthanach, go háirithe tri mhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar conas a bhaintear leas as na cumhachtaí fadréimseacha seo. I lár 2016, thug an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le fios go ndéanfaí athbhreithniú ar an dlí maidir le cumhachtaí imscrúdaithe maidir le cumarsáid leictreonach. Chuirfeadh an CCS fáilte roimh aschur luath an phróisis seo. Tháinig an CCS os comhair Choiste Sláinte an Oireachtais (parlaimint na hÉireann), chomh maith, i Nollaig 2016 chun cuntas a thabhairt ar ár

**The Baineann na chéad 12 mhí amach romhainn go léir leis an RGCS – ullmhú a dhéanamh mar údarás um chosaint sonraí an AE agus cabhrú le heagraíochtaí chun ullmhú a dhéanamh.**

mbuarthaí leis an ról a bheartaítear a bheidh ag an CCS sa Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar, agus creideann an CCS go gcuireann sé dúshlán an-mhór roimh neamhspleách riachtanach an CCS. Gan aird ar an tsaincheist thromchúiseach sin, caithfidh comhlachtaí Stáit a thuiscint go bhfuil na hoibleagáidí sa dlí, agus an ceanglas le bheith cuntasach as an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta, orthu agus ní féidir leo reachtú a dhéanamh, go simplí, chun a n-oibleagáidí a aistriú chuig an rialálaí neamhspleách.

Sholáthair 2016 roinnt feabhsúcháin spreagúla i dtaobh idirchaidreamh an CCS le comhlachtaí earnála poiblí, ar nós iad siúd a leagtar amach sa mhír maidir le Comhairliúcháin. Ar an taobh eile den phingin, dúshlán i gcaitheamh ana ama ar gá dul i ngleic leis atá i sonraí a sceitheadh ar bhonn leanúnach ó chomhlachtaí rialtais le himscrúdaitheoirí príobháideacha; tá imscrúdú á dhéanamh ag an CCS, chomh maith, ar shaincheisteanna maidir leis na próisis agus na cosaintí chun comhaid íogaire a láimhseáil i ngníomhaireachtaí áirithe Stáit. Anuas air sin, léirigh an t-iniúchadh a rinneadh ar an soláthraí seirbhísí comhroinnte státseirbhíse, PeoplePoint, leibhéal d'earráid dhaonna túslíne a bhí ina ábhar buartha nuair a bhíonn sonraí pearsanta agus sonraí íogaire á láimhseáil in go leor cásanna, agus tá de rún ag an CCS chun a mholtaí iniúchóireachta a fhiosrú i rith 2017. Cruthaíonn tionscadail mhórscála rialtais a chur i bhfeidhm gan reachtaíocht shonrach a bheith ann a bhuntacaíonn leo, ach a bhraitheann, ina ionad sin, ar fhorálacha cineálacha i bpíosaí éagsúla reachtaíochta, dúshláin i dtaobh na trédhearcachta don phobal maidir le tionscadail, ar nós an Phríomhbhunachair Shonraí agus na gCártaí Seirbhísí Poiblí agus n-úsáidí dá gcuirtear sonraí pearsanta i bhfeidhm. Cé gur féidir bonn dlíthiúil a lua ar a mbaintear an úsáid sin as sonraí pearsanta, teastaíonn fógra agus trédhearcacht go géar sna saghsanna seo cásanna agus ní bhíonn sé soiléir i gcónaí gur soláthraíodh soiléireacht phoiblí.

### Imeachtaí na hArd-Chúirte i gCás na nAistrithe

Ba bhliain ar leith 2016 don CCS i dtaobh imeachtaí na hArd-Chúirte a seoladh i mBealtaine a lorg tagairt do CBAE chun scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht na gclásal caighdeánach conarthach (CCCanna) mar bhealach chun sonraí pearsanta an AE a aistriú chuig SAM. Bhí éisteacht an cháis in 2017 i Rannóg Tráchtála Ard-Chúirt na hÉireann ar siúl ar feadh 21 lá agus thug sé chun solais go mór castachtaí suntasacha dhlíthe agus róil na ngníomhaithe éagsúla leis an gcás seo (dlí SAM agus an AE; údaráis um chosaint sonraí, Choimisiún an AE, rialtas SAM, ilnáisiúntaigh SAM). Cuirtear sonraí breise faoin gcás seo san áireamh sa mhír 'Dlí' den tuarascáil seo.

Faoi mar a dtugtar cuntas níos cuimsithí air sa mhír 'Dlí', bhí bliain ghnóthach ag an CCS sna cúirteanna, agus rinneadh achomharc in aghaidh cinnidh i gcás 'an ceart go ligfí i ndearmad', imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhaineann le cumhachtaí breithnithe, rialú na Cúirte Uachtaraí maidir le nósanna imeachtaí achomhairc agus tagairt do CBAE maidir le scóip na sonraí pearsanta a bhaineann le scripteanna scrúdaithe. Ar a bharr sin uile, chuir Cearta Digiteacha Éireann tús le caingean san Ard-Chúirt i gcoinne an Stáit a líomhnaigh easpa neamhspleáchais an CCS – seasamh nach measann an CCS a chruthaíonn ár n-oibríochtaí rialála atá go hiomlán neamhspleách, i bhfírinne.

### Na Chéad 12 Mhí Eile – Baineann sé go léir le hUllmhacht an RGCS

Baineann na chéad 12 mhí amach romhainn go léir leis an RGCS – ullmhú a dhéanamh mar údarás um chosaint sonraí an AE agus cabhrú le heagraíochtaí chun ullmhú a dhéanamh. Beidh impleachtaí scor na Ríochta Aontaithe ón AE le cur san áireamh in ullmhacht an RGCS, ina theannta sin. Rinne CCS na hÉireann iarrachtaí suntasacha i rith 2016 agus leanfaidh iad seo le feasacht a chur chun cinn ar shaincheisteanna um chomhlíonadh cosanta sonraí d'eagraíochtaí. Sa ré dhigiteach seo, de réir mar a dhéanann an teicneolaíocht dul chun cinn go mear, agus feidhmchláir intleachta saorga, gluaisteáin gan tiománaí ina measc, ar tí a bheith curtha i bhfeidhm, baineann ríthábhacht níos mó leis anois ná mar a bhain roimhe seo go gcosnaítear cearta um chosaint sonraí daoine aonair go dian. Soláthraíonn an RGCS ardán nua agus níos daingne ónar féidir CCS na hÉireann aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir seo.

I bhfírinne, tá ré nua i gcosaint sonraí ar leac ár ndorais ... táimid ag dréim leis agus tá de rún againn bheith ullamh dó!



**Ms. Helen Dixon**
An Choimisinéara Cosanta Sonraí

# Ról agus Freagrachtaí Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann

Is é an Coimisinéir Cosanta Sonraí (an CCS) an t-údarás náisiúnta neamhspleách atá freagrach as seasamh le ceart bunúsach an AE atá ag an duine aonair go gcosnaítear a sonraí pearsanta. Bunaíodh an CCS i 1989 agus bronntar an chumhacht agus an t-údarás ar an CCS sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003, a chuir i bhfeidhm Coinbhinsiún um Chosaint Sonraí Chomhairle na hEorpa agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí ón AE 1995.

**The Áirítear le príomhfheidhmeanna na hoifige imscrúduithe a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine aonair; rioscaí a shainaithint atá i gcoinne sonraí pearsanta a chosaint in eagraíochtaí éagsúla earnála poiblí agus príobháidí trí chigireacht agus iniúchtaí ar an láthair; comhlíonadh níos mó na reachtaíochta um chosaint sonraí a chur chun cinn trí threoir ardchaighdeáin agus idirchaidreamh rialta agus bríoch le heagraíochtaí earnála príobháidí agus poiblí a fhoilsiú; agus forfheidhmiú dlíthiúil a fháil, ar deireadh, nuair is gá.**

Áirítear le príomhfheidhmeanna na hoifige imscrúduithe a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine aonair; rioscaí a shainaithint atá i gcoinne sonraí pearsanta a chosaint in eagraíochtaí éagsúla earnála poiblí agus príobháidí trí chigireacht agus iniúchtaí ar an láthair; comhlíonadh níos mó na reachtaíochta um chosaint sonraí a chur chun cinn trí threoir ardchaighdeáin agus idirchaidreamh rialta agus bríoch le heagraíochtaí earnála príobháidí agus poiblí a fhoilsiú; agus forfheidhmiú dlíthiúil a fháil, ar deireadh, nuair is gá.

Faoi mar a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, leanann fairsingiú mear ag teacht ar an réimse saincheisteanna lena ndéileálaimid. Déanann an fhreagracht atá orainn maidir le daoine aonair ar fud na hÉireann agus an AE amhlaidh, chomh maith. Is iad na rudaí is mó a chuireann seo chun cinn an luas gan staonadh ar a bhfuil borradh ag teacht ar nuálaíochtaí idirlín agus teicneolaíochta, ar nós intleacht shaorga agus idirlíon na n-earraí, anuas ar na cuideachtaí teicneolaíochta agus idirlín is mó ar domhan atá suite go fóill in Éirinn.

Ar leibhéal an AE, rannpháirtithe gníomhacha sinn i Meitheal Oibre Airteagal 29 – ina bhfuil na húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí (ÚCSanna) san Eoraip – atá ag oibriú go dlúth lenár gcomhghleacaithe san AE chun cur i bhfeidhm rialacha um chosaint sonraí a chomhchuibhiú ar fud an AE agus chun ullmhú do theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) an 25 Bealtaine 2018.

Tiocfaidh an RGCS in ionad Threoir 1995 ón AE maidir le Cosaint Sonraí agus méadóidh sé go mór na hoibleagáidí cuntasachta agus comhlíonta a leagtar ar eagraíochtaí, agus déanann sé soláthar, i gcomhthráth, do chearta breise agus níos treise liostaithe do dhaoine aonair. Anuas air sin, leagfaidh an Rialachán nua Ríomhphríobháideachais a bheartaítear freagracht ar an CCS as maoirseacht a dhéanamh ar réimse ceisteanna a bhaineann go sonrach le cosaint príobháideachais agus sonraí san earnáil chumarsáide leictreonaí. Leagfaidh an creat nua dlíthiúil seo an bonn faoi go leor comhoibriú idir údaráis um chosaint sonraí na hEorpa, chomh maith. Go háirithe, déanfar ról lárnach san Eoraip mar phríomhúdarás maoirseachta de ról an CCS faoin RGCS chun rialáil a dhéanamh ar go leor cuideachtaí ilnáisiúnta atá bunaithe in Éirinn.



An tUasal John O'Dwyer



An tUasal Anna Morgan



An tUasal Helen Dixon



An tUasal Jennifer O'Sullivan



An tUasal Dale Sunderland

## Foireann Bhainistíochta Sinsearaí an CCS


In 2016, sa mhullach ar na hacmhainní barrfheabhsaithe a cuireadh ar fáil don oifig agus mar ullmhú don RGCS, chuir triúr Leas-Choimisinéirí a cuireadh leis an bhfoireann bhainistíochta go mór le cáil agus cumas ceannaireachta na heagraíochta. Tá taithí fhairsing san earnáil phoiblí agus phríobháideach ag ár Leas-Choimisinéirí nua agus tá raon leathan scileanna tugtha acu a fhad leis an eagraíocht, i limistéir ar nós cúrsaí dlí, teicneolaíochta, forbairt straitéise agus beartais, bhainistíocht na hearnála poiblí agus príobháidí agus cumarsáide. A bhuíochas leis an bhfoireann shínte bhainistíochta sinsearaí, anuas ar an bhfoireann speisialaithe bhreise ar leibhéal Cinn Aonaid/ Coimisinéara Chúnta, tá ar chumas againn cumas agus gairmiúlacht an CCS a threisiú mar údarás éifeachtach agus réamhghníomhach um chosaint sonraí. Féach Aguisín 5 chun teacht ar chairt eagraíochtúil an CCS.

Agus ár leithdháileadh cistithe a méadaíodh go mór agus méid na heagraíochta atá ag dul i méid go mear á gcur san áireamh, cuireadh socruithe treisithe rialachais i bhfeidhm in 2016 i ndiaidh gur bunaíodh Coiste Bainistíochta Sinsearaí (CBS) an CCS, ina bhfuil an Coimisinéir agus Leas-Choimisinéirí. Tá de shainordú ag an CBS chun tabhairt faoi bhainistíocht agus rialachas ceart na heagraíochta ar aon dul leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Áirítear le téarmaí tagartha an Choiste ceannaireacht, bainistíocht agus maoirseacht straitéiseach na heagraíochta, agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ár lucht bainistíochta agus ár bhfoirne i gcoinne ár dtosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha agus gnó.

### Ár bhfoireann bhainistíochta sinsearaí:

- **An tUasal Helen Dixon** (an Coimisinéir Cosanta Sonraí)
- **An tUasal John O'Dwyer** (Leas-Choimisinéir – Imscrúduithe, Iniúchóireacht agus Aistrithe)
- **An tUasal Dale Sunderland** (Leas-Choimisinéir – Comhairliúchán, Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáid)
- **An tUasal Anna Morgan** (Leas-Choimisinéir – Ceann Dlí)
- **An tUasal Jennifer O'Sullivan** (Leas-Choimisinéir – Ilnáisiúntaigh agus Teicneolaíocht)

## Maoiniú




## Foireann

30
2013

beagnach
100
2017

### Cistiú agus riarachán

Déantar cistiú tiomnaithe don CCS a sholáthar trí vóta Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann. Bailíonn an CCS ioncam ó fheidhm chlárúcháin reachtúil na hOifige, agus aisíoctar an t-ioncam sin go díreach leis an státchiste. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcistiú atá faighte ag an CCS ón rialtas le blianta beaga anuas ó ¤1.7 milliún in 2013 go dtí ¤7.5 milliún in 2017. B'ionann leithdháileadh 2016 agus ¤4.7 milliún. Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2016 in Aguisín 5.

Ní féidir linn ár sainordú a chomhlíonadh bheith mar an gcomhlacht neamhspleách maoirseacht in Éirinn atá freagrach as seasamh le ceart bunúsach an AE i leith cosaint sonraí mura soláthraíonn an Rialtas dóthain acmhainní. Aithníonn an CCS an méadú suntasach atá tagtha ar chistiú le blianta beaga anuas agus fáiltíonn sé roimh thiomantas leanúnach an Rialtais d'fhreastal ar riachtanais um sholáthar acmhainní na hoifige.

Tugadh tús áite do chistiú breise in 2016 i dtreo leanúint lenár ndianiarrachtaí chun earcaíocht a dhéanamh, agus leagadh an bhéim ar bonn scileanna na heagraíochta i limistéar an dlí, na teicneolaíochta, na hiniúchóireachta agus na n-imscrúduithe a neartú. Líonadh na poist eile ar díríodh orthu le haghaidh earcaíochta in 2016 go luath in 2017 agus mhéadaigh sin ár líonta foirne aníos go dtí 61. Déanfaidh earcaíocht in 2017 ár bhfoireann a bhreismhéadú aníos go dtí nach mór 100 comhalta, a bheidh lonnaithe i measc ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus Cúil an tSúdaire.

Cé gur comhlacht neamhspleách an CCS, cinntímid go leanann maoirseacht ár riartha na ceanglais a leagtar amach do gach eagraíocht earnála poiblí. Ní mór gach caiteachas a chur i gcuntas don státchiste, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht bhliantúil ar ár gcuntais. Soláthraíonn ár n-idirghníomhú laethúil le saoránaigh, gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara eile maoirseacht bhreise ar an obair faoina dtugaimid. Is féidir achomharc a dhéanamh ar chinntí reachtúla an Choimisinéara leis na Cúirteanna.

Leagtar amach faisnéis bhreise a bhaineann le cúrsaí corparáideacha agus riaracháin sa mhír 'Gnóthaí Corparáideacha'.

### Príomhspriocanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí don mhéid a leanas:

1. **Ullmhacht don RGCS agus Ríomhphríobháideachas:** Ionchur leis an Rialtas lena chinntiú go soláthraítear sa reachtaíocht a bhuntacaíonn leis an RGCS/ Rialachán Ríomhphríobháideachais na cumhachtaí a theastaíonn ón CCS chun tabhairt faoina fheidhmeanna go héifeachtach; treoir shoiléir, ardchaighdeáin agus tráthúil a sholáthar do rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí; idirchaidreamh agus rannchuidiú ag Meitheal Oibre Airteagal 29 i dtreo treoir chomhchuibhithe a ullmhú; córas nua bainistíochta láithreán gréasáin agus cáis; an CCS a athstruchtúrú chun tabhairt faon ról nua forfheidhmithe; leanúint le for-rochtain ardmhéide a sholáthar trí labhairt ag comhdhálacha etc.; agus uasoiliúint a chur ar ár bhfoireann chun freastail ar éilimh nua rialála.
2. **Earcaíocht:** Earcaíocht spriocthа a dhéanamh ar os cionn 30 comhalta foirne breise ag a bhfuil scileanna anailísíochta sonraí, dlíthiúla, teicniúla, beartais, feabhsaithe próisis agus éifeachtúlachta, imscrúdaithe, cumarsáide agus bainistíochta.
3. **Clásáil Chaighdeánacha Chonarthacha (CCCanna) Iarratas CBAE ar Thagairt leis an Ard-Chúirt:** Imeachtaí an CCC a stiúradh agus a bhainistiú ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir chun an fhéidearthacht a uasmhéadú chun tagairt le CBAE a bhaint amach maidir le bailíocht CCCanna, i gcomhthéacs threoracha CBAE sa rialáil a rinne sé i nDeireadh Fómhair 2015 sa chás "Schrems 1".
4. **Imscrúduithe, Iniúchtaí agus Comhairliúchán Straitéiseach:** Tionchar iniúchtaí, imscrúduithe agus chomhairliúcháin straitéisigh an CCS a uasmhéadú d'ábhair shonraí trí leanúint le clár a chur ar bun a dhíríonn ar limistéir ardriosca de phróiseáil sonraí pearsanta. Dul chun cinn a rianú tríd an deais a úsáid ar an gcóras nua bainistíochta cáis atá le forbairt sna 12 mhí amach romhainn.
5. **Teach Imréitigh Dhigitigh:** Idirchaidreamh a dhéanamh le tionscnamh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí chun idirchaidreamh níos dlúithe idir Rialálaithe Iomaíochta, Tomhaltóirí agus um Chosaint Sonraí a chur chun cinn lena chinntiú go bhfuil tairbhe iomlán á baint ag ábhair shonraí agus tomhaltóirí as "cothroime" i dtaobh na seirbhísí ar líne lena ndéanann siad suibscríobh.

# Athbhreithniú Achomair ar 2016

Dhéileálamar le **15,335** ceist ar ríomhphost

**16,744** Glaonna teileafóin

**1,150** ceist sa phost

**1,479** gearáin imscrúdú

Táimid faighte **2,224** Slándáil Sonraí Fógraí Sáraithe

**100+** Cuireadh os cionn 100 cruinniú duine ar dhuine ar bun le hilnáisiúntaigh

- Dhéileálamar le **15,335** ceist ar ríomhphost, **16,744** glao ar an nguthán agus 1,150 ceist sa phost.
- Imscrúdaíodh **1,479** gearán agus b'iarrataí ar rochtain (56%) an chatagóir aonair ba mhó de ghearáin go fóill, agus léiríonn seo nach bhfuil rialaitheoirí sonraí ar an eolas ar n-oibleagáidí reachtúla sa limistéar seo agus nach bhfuil na hoibleagáidí seo á gcomhlíonadh acu.
- Rinneadh 26 gearán maidir leis **"an Ceart go Ligfí i nDearmad"** agus seasadh le 6 cinn díobh, diúltaíodh 15 cheann díobh agus tá 5 cinn díobh á n-imscrúdú go fóill.
- Cé gur leanadh le tromlach na ngearán a réiteach go cairdiúil, d'eisíomar an líon ba mhó de chinntí foirmiúil (59 ar an iomlán, i gcomparáid le 52 in 2015). Tugadh **1,438** gearán chun críche in 2016, ar méadú aníos ó 1,015 é seo in 2015.
- Cuireadh **2,224** sárú bailí ar shlándáil sonraí i gcuntas, arb ionann seo agus laghdú anuas ó 2,317 fógra a tugadh le fios in 2015.
- Ba é 2016 an chéad bhliain iomlán inar oibríodh **an tAonad Imscrúduithe Speisialta**. Díríodh go príomha de shíor ar imscrúdú leanúnach a dhéanamh ar an earnáil imscrúdaithe phríobháidigh agus thugamar faoi dhá ionchúiseamh rathúla i ndiaidh na hoibre a rinne an tAonad.
- In 2016, thug an tAonad Imscrúduithe Speisialta ullmhúcháin chun críche chun imscrúdú nua a oscailt in earnáil na nOspidéal in 2017 chun scrúdú a dhéanamh ar shonraí pearsanta íogair faoi othair a phróiseáil.
- Bhunaíomar foireann nua Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta, d'fhonn go ndéantar ár ngníomhaíochtaí rialála do gach ilnáisiúntach a chomhordú agus go bhfuil siad éifeachtach. Rinneamar idirghníomhartha fairsinge le hilnáisiúntaigh maidir le roinnt ceisteanna, beartais, táirgí agus seirbhísí nua a bheartaítear ina measc. Cuireadh os cionn **100** cruinniú duine ar dhuine ar bun le hilnáisiúntaigh.
- I rith 2016, chuir an CCS go leor cruinnithe agus teagmhálacha ar siúl le Facebook Ireland maidir le ceisteanna éagsúla um chosaint sonraí agus Ríomhphríobháideachais. Tríd an gcomhairliúchán seo, nuashonraigh Facebook Irelandliúchán seo, nuashonraigh Facebook Ireland a fhógra meirge fianán chun faisnéis níos gonta a chur san áireamh ar an úsáid a bhaineann sé as fianáin ar mhaithe le cuspóirí tráchtála agus maidir le ceisteanna nua.
- Mar chuid dá n-idirchaidreamh leis an CCS, nuashonraigh LinkedIn an fhaisnéis atá ar fáil do chomhaltaí agus cuairteoirí a láithreáin maidir leis an úsáid a bhaineann sé as fianáin.
- Thugamar faoi scrúdú críochnúil a dhéanamh ar Théarmaí Seirbhíse agus Beartas Príobháideachais WhatsApp i ndiaidh go ndearna Facebook Inc. WhatsApp a fháil in 2014.
- D'imscrúdaíomar sárú ar shonraí a chuir Yahoo!EMEA agus Yahoo!Inc. in iúl don CCS i Meán Fómhair 2016, ina ndearnadh thart ar 500 milliún cuntas úsáideora de chuid Yahoo a chóipeáil agus a ghoid ó bhonneagar Yahoo!Inc. in 2014.

**1,170**
**cheisteanna comhairliúcháin**

**Thugamar faoi**
**50+**
**iniúchadh agus cigireacht**

**9**
**ionchúiseamh i leith margaíocht leictreonach cionta**

**Á chur i láthair ag**
**60+**
**labhairt imeachtaí**

- Tháinig méadú nach beag ar cheisteanna comhairliúcháin in 2016, aníos ó 860 in 2015 go dtí **1,170** ar an iomlán. D'eascair seo mar thoradh ar ullmhúchán a rinne Rialaitheoirí Sonraí don RGCS agus feasacht mhéadaitheach ar an tábhacht a bhaineann le saincheisteanna agus ceart um chosaint sonraí. Cuireadh os cionn 100 cruinniú aghaidh ar aghaidh le cuideachtaí earnála poiblí agus príobháidí.
- Thugamar faoi **50 iniúchadh agus cigireacht**, iniúchtaí doimhne ar ghníomhaireachtaí stáit ina measc (e.g. an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, na Fórsaí Cosanta agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána).
- Bunaíodh aonad láraithe dlíthiúil in 2016 laistigh den CCS.
- Thug an Coimisinéir faoi ionchúisimh in 2016 le haghaidh réimse cionta a rinneadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus "na Rialacháin Ríomhphríobháideachais". Ionchúisíodh naoi n-aonán i ngeall ar chionta a bhain leis na rialacha maidir le margaíocht leictreonach.
- **Chuireamar tús le himeachtaí Ard-Chúirte i Meitheamh** a lorg tagairt do CBAE chun scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht na gClásal Caighdeánach Conarthach mar bhealach chun sonraí pearsanta an AE a aistriú chuig SAM. Bhí éisteacht an cháis ar siúl ar feadh 21 lá agus thug sé chun solais go mór castachtaí suntasacha dhlíthe agus róil na ngníomhaithe éagsúla leis an gcás seo, Coimisiún an AE agus Rialtas SAM ina measc.
- Leanadh le tús áite a thabhairt d'fheasacht a chur chun cinn agus a fhorbairt ar chosaint sonraí agus bhíomar gníomhach ag tabhairt faoi threoir a sholáthar agus ár bpríomhtheachtaireachtaí a chur in iúl, agus úsáid á baint as réimse leathan cainéil, teicnící agus ardáin chumarsáide. Áiríodh leo seo comhdhálacha agus imeachtaí labhartha; idirchaidreamh leis na meáin agus na meáin shóisialta; treoir; agus feachtais mhúscailte feasachta ar fhaisnéis.
- In 2016, leanamar le sceideal fairsing for-rochtana a chur ar fáil agus rinneamar idirchaidreamh gníomhach le bonn leathan páirtithe leasmhara trí labhairt ag seimineáir, comhdhálacha agus le heagraíochtaí aonair breis agus **60** uair i rith na bliana.
- I nDeireadh Fómhair 2016, sheolamar ár gcuntas Twitter **@DPCIreland** chun teachtaireachtaí rialta agus príomhtheachtaireachtaí a scaipeadh maidir lenár n-obair, an RGCS agus faisnéis eile thábhachtach faoi chosaint sonraí. I gcaitheamh na gcúig mhí ón seoladh, ghin ár tvuíteanna os cionn 390,000 tuairim agus tá méadú tagtha ar ár lucht leanúna ar Twitter go dtí breis agus 1,250 de lucht leanúna agus tá lucht leanúna láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta againn.
- In 2016, d'fhreastail an Coimisinéir agus / nó an Leas-Choimisinéir ar gach réamhchruinniú de chuid Mheitheal Oibre Airteagal 29, a ghníomhaíonn mar chomhairleoir don Choimisiún Eorpach maidir le saincheisteanna um chosaint sonraí. Ghlacamar páirt i thart ar 50 cruinniú sa Bhruiséil.
- In 2016, thug 25 rialálaí timpeall an domhain, Éire ina measc, faoi Rianú Príobháideachais Líonra Forfheidhmithe Príobháideachais Dhomhanda (LFPD).

# Teagmhálaithe, Ceisteanna agus Gearáin

Déantar teagmhálacha iomadúla leis an CCS agus déantar ardlíon ceisteanna a fhiosrú agus ardlíon gearán leis gach bliain. Cuireadh 15,335 ceist faoi bhráid ár saoráide faisnéise/gearán ar ríomhphoist in 2016, cuireadh 16,744 glao ar ár ndeasc chabhrach gutháin agus fuaireamar 1,150 ceist sa phost, ina theannta sin uile.

Tá de chuspóir againn gach ceist agus gearán a réiteach san amfhráma is giorra agus is féidir, chun sásaimh an té a chuir an cheist. In go leor cásanna, soláthróimid an chomhairle chuí don té a chuir an cheist d'fhonn gur féidir leo féin a saincheist um chosaint sonraí a réiteach a thapúla agus is féidir.

Anuas ar chabhrú le baill den phobal chun aon cheisteanna/ghearáin um chosaint sonraí a d'fhéadfadh bheith acu a réiteach, déanaimid monatóireacht ar chineál na ngearán a fhaightear chun íomhá a chruthú de na saincheisteanna um chosaint sonraí atá ina n-ábhar buartha is mó do bhaill den phobal ag tráth áirithe ama d'fhonn gur féidir an gníomh riachtanach agus cuí a dhéanamh. Mar shampla, i Lúnasa 2016, d'fhoilsíomar treoir maidir le sonraí láithreach i ndiaidh go ndearnadh roinnt fiosrúchán linn. Ní raibh treoir foilsithe roimhe seo ar an ábhar seo.

In 2016, fiosraíodh 1,479 gearán, ar an iomlán.

Ar nós blianta roimhe seo, b'iarrataí ar rochtain (56%) an chatagóir aonair ba mhó de ghearáin go fóill, agus léiríonn seo nach bhfuil rialaitheoirí sonraí ar an eolas ar n-oibleagáidí reachtúla sa limistéar seo. Is é an tréimhse reatha reachtúil ar cheart freagairt d'iarraidh ar rochtain laistigh di 40 lá. Íslítear sa RGCS, a mbeidh éifeacht aige ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh, an tréimhse chun iarraidh ar rochtain a chomhlíonadh anuas go dtí mí amháin.

Leanann an líon gearán a bhaineann le margaíocht leictreonach dhíreach gan athrú mórán agus fuarthas 118 gearán den saghas seo in 2016, i gcomparáid le 104 in 2015. Tugann an CCS faoi ionchúisimh go rialta sa limistéar seo faoi na Rialacháin um Príobháideachas i gCumarsáid Leictreonach (I.R. 336 de 2011). As na 118 gearán a fuarthas, bhain 55 díobh le margaíocht ríomhphoist, bhain 45 díobh le margaíocht SMS (teachtaireacht téacs) agus bhain 18 díobh le margaíocht gutháin.

In 2016, tugadh an t-ullmhúchán chun críche le haghaidh feachtais faisnéise ar chearta rochtana agus margaíocht leictreonach dhíreach chun feasacht a mhúscailt ar chearta daoine aonair agus oibleagáidí eagraíochtaí. Seoladh na feachtais seo in 2017.

## An Ceart go Ligfí i nDearmad

Tháinig an 'Ceart go Ligfí i nDearmad' (CGLD), mar a dtugtar air, nó an chatagóir ghearáin díliostaithe ó thorthaí cuardaigh idirlín chun cinn in 2014 i ndiaidh rialú CBAE an 13 Bealtaine 2014 i gcás Google na Spáinne vs AEPD agus Mario Costeja (C-131/12) (ar a dtugtar rialú 'Google' na Spáinne go minic).

Ó rinneadh an rialáil, féadfaidh úsáideoirí idirlín ar fud na hEorpa, faoi chúinsí áirithe, iarraidh ar innill chuardaigh chun faisnéis a dhíliostú fúthu. Sa chás go ndiúltaíonn an t-inneall cuardaigh iarratas, féadfaidh ábhair shonraí an cheist a thabhairt os comhair an údaráis náisiúnta um chosaint sonraí. Is tábhachtach a thabhairt le fios go mbaineann cás an CGLD le díliostú go sonrach i gcás cuardach faoi ainm an duine aonair.


Fuair an CCS 26 gearán in 2016 agus seasadh le 6 cinn díobh, diúltaíodh 15 cheann díobh agus tá 5 cinn fós á n-imscrúdú go fóill. Baineann anailís a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na torthaí cuardaigh cruinn, neamhbhainteach nó as dáta leis na critéir le haghaidh díliostú.

As na gearáin ar seasadh leo, bhain ceann amháin le tuairisciú a dhéanamh ar chiontú duine aonair i ngeall ar ionsaí ba chúis le díobháil ar ar gearradh príosúnacht 6 mhí a cuireadh ar fionraí ar feadh 3 bliana. Nuair a chuirtear san áireamh go raibh seacht mbliana imithe thart ó dháta an chiontaithe, cháiligh sé mar chiontú spíonta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016. Mheasamar nár bhain an scéal le hábhar a thuilleadh ar an mbonn seo agus baineadh an t-inneall cuardaigh a bhí i gceist on nasc a bhí faoi chaibidil.


## Conclúid na nGearán

Tá oibleagáid reachtúil ar an CCS chun dícheall a dhéanamh chun aon ghearáin a fhaighimid ó bhaill den phobal a réiteach go cairdiúil. I gcaitheamh 2016, d'éirigh linn tromlach mór na ngearán a thabhairt chun críche go cairdiúil idir na páirtithe leis an ngearán gan gá a bheith ann chun cinneadh foirmiúil a eisiúint faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. In 2016, d'eisigh an Coimisinéir an líon ab airde cinntí foirmiúla; eisíodh 59 ceann, ar an iomlán, agus sheas 55 ceann díobh seo go hiomlán leis an ngearán, sheas 1 cheann leis an ngearán go páirteach agus dhiúltaigh 3 cinn ábhar an ghearáin. Ba iad na figiúirí inchomparáide don bhliain 2015, 52 cinneadh foirmiúil, agus sheas 43 ceann díobh seo go hiomlán leis an ngearán, sheas 1 cheann leis an ngearán go páirteach agus dhiúltaigh 8 gcinn ábhar an ghearáin. Tugadh 1,438 gearán, ar an iomlán, chun críche in 2016. In 2015, tugadh 1,015 imscrúdú, ar an iomlán, chun críche.

## Miondealú ar ghearáin a fuarthas de réir saincheiste um chosaint sonraí




## Cinneadh foirmiúil 2015 vs 2016





## Forbhreathnú ar Ghearáin 2016

**1,479**
Gearáin ar cuireadh tús leo sa bhliain


**1,438**
Iomlán na nGearán a Tugadh chun Críche sa bhliain

**508**
Iomlán na nGearán gan Réiteach ag deireadh na bliana

## Gearáin a fuarthas ó 2006 i leith




## Ceart sonraí a dhearmad



# Imscrúduithe Speisialta

## Ba é 2016 an chéad bhliain iomlán inar oibríodh an tAonad Imscrúduithe Speisialta.

Ba é 2016 an chéad bhliain iomlán inar oibríodh an tAonad Imscrúduithe Speisialta. Bunaíodh an tAonad go príomha chun tabhairt faoi imscrúduithe ar a stuaim féin, ar leithligh ó imscrúduithe atá bunaithe ar ghearáin.

### An Earnáil Imscrúdaitheora Phríobháidigh

Lean obair an Aonaid Imscrúduithe Speisialta ag díriú go lárnach ar an imscrúdú leanúnach ar an earnáil imscrúdaitheora phríobháidigh in 2016. Ag eascairt ó imscrúduithe a thug an tAonad chun críche, tugadh faoi dhá ionchúiseamh rathúla in 2016.

Faoi mar a léiríonn na cásanna seo, nochtadh leibhéal an-ard de sháruithe ag roinnt imscrúdaitheoirí príobháideacha ó tugadh na buarthaí sa limistéar seo chun solais den chéad uair in 2013. In 2016, síneadh an t-imscrúdú i measc gach earnála a úsáideann seirbhísí Imscrúdaitheora Phríobháidigh ar bhonn rialta – ar nós banc, comhlachtaí árachais, gnóthais dlí, cuideachtaí seirbhísí airgeadais. Sa chás go dtagann ár n-imscrúdú ar fhianaise a léiríonn gur thug imscrúdaitheoirí príobháideacha faoi iompar breise ciontaithe, déanfaidh an CCS na cionta siúd a ionchúiseamh.

### Cás-Staidéar 1

### Ionchúiseamh an Imscrúdaitheora Phríobháidigh James Cowley

Cuireadh seasca a haon chás de sháruithe ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 i leith James Cowley. Bhain gach cúiseamh le hAlt 22 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta gan údarás a bheith faighte roimh ré ón rialaitheoir sonraí a choimeádann na sonraí, agus na sonraí a nochtadh do dhuine eile. Bhí na sonraí pearsanta á gcoimeád ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Nochtadh na sonraí pearsanta d'aonáin san earnáil árachais – an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, Zurich Plc agus Allianz Plc.

An 13 Meitheamh 2016, ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath, phléadáil James Cowley ciontach do thrí chúiseamh shamplacha dhéag. Ciontaíodh é ar na chéad cheithre chúiseamh agus ghearr an Chúirt fíneáil €1,000 maidir le gach ceann de na ceithre chúiseamh seo. Cuireadh na naoi gcúiseamh eile san áireamh sa phianbhreith a gearradh.

Rinne an t-imscrúdú sa chás seo rochtain a nochtadh ag an gcosantóir ar thaifid leasa shóisialaigh a bhí á gcoimeád ar bhunachair shonraí na Roinne Coimirce. Chun rochtain a fháil ar na taifid seo, d'úsáid an cosantóir teagmhálaí foirne a raibh aithne aige air. D'úsáid an tUasal Cowley an fhaisnéis, ina dhiaidh sin, a fuair sé ar mhaithe le tuairiscí ar imscrúdaitheoirí príobháideacha a chur le chéile dá chliaint. Lean na gníomhaíochtaí seo ar aghaidh ar feadh roinnt blianta a fhad le Meán Fómhair 2015 nuair a rinne ár bhfoireann imscrúdaithe teagmháil leis den chéad uair faoi ábhair bhuartha na foirne maidir leis an bpróiseáil a bhí á déanamh aige ar shonraí pearsanta.

Ábhar buartha eile a cuireadh ar ár n-aird san earnáil imscrúdaitheora phríobháidigh in 2016 a bhí san úsáid a bhaineann roinnt imscrúdaitheoirí príobháideacha as gléasanna rianaithe feithicle. Má dhéanann eagraíocht imscrúdaitheoir príobháideach a fhruiliú chun tabhairt faoi rianú nó faireachas ar dhuine aonair agus má cheanglaíonn an t-imscrúdaitheoir príobháideach sin gléas rianaithe ar ghluaisteán an duine aonair, mar shampla, i gcaitheamh a n-oibríochtaí, is soiléir gurb é cuspóir an ghléis chun gluaiseachtaí agus láthair an duine aonair a rianú bunaithe ar ghluaiseacht agus láthair a ngluaisteáin. Is é an mhonatóireacht seo a dhéantar ar shonraí láithreach an duine aonair a chuireann cosaintí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 i ngníomh.

Laistigh de chreat na reachtaíochta um chosaint sonraí, meastar, go ginearálta, gur próiseálaithe iad imscrúdaitheoirí príobháideacha a oibríonn don eagraíocht a rinne iad a fhruiliú.  Tá dualgas ar rialaitheoirí sonraí chun treoracha a leagan síos do phróiseálaithe sonraí a bhaineann le tascanna próiseála sonraí agus a chinntiú go n-oibríonn an próiseálaí sonraí i leith na dtreoracha siúd agus go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí um chosaint sonraí agus amhlaidh á dhéanamh.  Mura gcloífeadh imscrúdaitheoir príobháideach le treoracha an rialaitheora sonraí a dhéanann an t-imscrúdaitheoir príobháideach a fhruiliú trí ghléasanna rianaithe feithicle a cheangal chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine aonair, is dóchúil go gcruthódh seo deacrachtaí don rialaitheoir sonraí maidir le comhlíonadh Alt 2(C)3 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

I rith 2016, rinne ár nAonad Imscrúduithe Speisialta teagmháil le nach mór ceithre chéad chuideachta nó eagraíocht is eol dúinn a úsáideann seirbhísí imscrúdaitheora phríobháidigh faoi láthair, nó d'fhéadfadh na seirbhísí siúd a úsáid amach anseo, chun iad a chur ar an eolas ar an tsaincheist seo.  Mholamar go scríobhfaidís chuig gach imscrúdaitheoir príobháideach ar a bpainéil chun iad a chur ar an eolas, i measc rudaí eile, nár cheart go mbainfí úsáid as gléasanna rianaithe feithicle gan toiliú úinéir na feithicle atá i gceist.

Cé go ndíríonn an tAonad Imscrúduithe Speisialta go príomha ar imscrúduithe a dhéanamh ar a stuaim féin, ar leithligh ó imscrúduithe atá bunaithe ar ghearáin, láimhseáil an tAonad ceithre imscrúdú in 2016 a tháinig chun solais ó ghearáin a fuarthas ón bpobal i gcoitinne a bhain le gníomhaíochtaí imscrúdaitheoirí príobháideacha.

### Scéim Íocaíochta Simfiseatóime Mháinliachta

De bhun gearáin a fuarthas i Márta 2016, chuir an tAonad Imscrúduithe Speisialta tús le himscrúdú ar an Scéim Íocaíochta Simfiseatóime Mháinliachta agus ar phlean na Scéime chun cáipéisí áirithe a stialladh ar sheol iarratasóirí chuici mar chuid dá n-éilimh ar shásamh faoin Scéim. Mar chuid den imscrúdú, tugadh faoi chigireacht fhisiciúil ag oifigí na Scéime Íocaíochta Simfiseatóime Mháinliachta. I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na comhaid go léir a catagóiríodh le haghaidh stiallta ag an Scéim, bhí na himscrúdaitheoirí sásta go bhfuair an Scéim toiliú cuí agus bailí iarratasóirí a roghnaigh go ndéanfaí a gcáipéisí a stialladh. Bhain an t-imscrúdú an tátal as nár tharla aon sárú ar shonraí go dtí seo maidir le togra na Scéim chun cóipeanna de cháipéisí iarratasóirí a stialladh agus nach dtarlóidh aon sárú ar shonraí nuair a leanann an Scéim ar aghaidh chun foirmeacha iarratais agus cóipeanna de cháipéisí tacaíochta iarratasóirí a stialladh maidir le hiarratasóirí a fuair bás agus maidir le hiarratasóirí a roghnaigh go ndéanfar a gcáipéisí a stialladh.

### An Earnáil Ospidéal

In 2016, thug an tAonad Imscrúduithe Speisialta ullmhúcháin chun críche chun imscrúdú nua a oscailt san earnáil ospidéal in 2017. Scrúdóidh an t-imscrúdú seo próiseáil a dhéanamh ar shonraí íogair pearsanta faoi othair i limistéir in ospidéil in Éirinn ina bhfuil rochtain ag othair agus ag an bpobal agus, bunaithe ar thorthaí an scrúdaithe sin, féadfaidh sé moltaí a dhéanamh le haghaidh feabhsúchán. Bainfidh cigireachtaí fisiciúla leis ag ospidéil ar fud an Stáit a chuimsíonn saoráidí FSS, ospidéil phríobháideacha agus ospidéil dheonacha chun léargas a fhairsinge agus is féidir a thabhairt ar shonraí íogair pearsanta a phróiseáil i limistéir phoiblí ospidéal. Díreoidh an t-imscrúdú seo ar chúrsaíocht agus aistear comhaid othair lena shainaithint más ann d'aon easnaimh i dtaobh riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh chun sonraí pearsanta a choimeád slán agus sábháilte agus chun bearta cuí a bheith i bhfeidhm chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta nó ar shonraí pearsanta a nochtadh.

# Fógraí um Shárú ar Shonraí

I rith 2016, fuaireamar 2,301 fógra um shárú ar shonraí, ar an iomlán, ar rangaíodh 77 cás díobh mar neamhsháruithe faoi fhorálacha Chód Cleachtais um Shárú ar Shlándáil Sonraí Pearsanta an CCS.

Cuireadh 2,224 sárú bailí ar shlándáil sonraí, ar an iomlán, i gcuntas i rith na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016. Is ionann seo agus laghdú anuas ó 2,317 fógra a tugadh le fios in 2015.

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Sholáthraithe Seirbhíse Teileachumarsáide agus Seirbhíse Idirlín faoi Ionstraim Reachtúil 336 de 2011 chun fógra a thabhairt don CCS ar shárú ar shlándáil sonraí tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig i ndiaidh go n-aimsítear an sárú i dtosach báire.  Murar féidir leis an soláthraí sonraí iomlána den sárú a thabhairt ag an am seo, ba cheart níos mó sonraí a thabhairt laistigh de thrí lá tar éis an fógra tosaigh. D'fhéadfadh aon chuideachta theileachumarsáide a dteipeann uirthi fógra a thabhairt don CCS ar shárú ar shlándáil sonraí a bheith faoi dhliteanas, ar ciontú achomair, fíneáil aicme A a íoc nó, ar díotáil, fíneáil nach mó ná ¤250,000 a íoc.

In 2016, fuarthas 142 fógra bailí um shárú ar shonraí, ar an iomlán, ón Earnáil Teileachumarsáide. B'ionann seo agus díreach os cionn 6.3% de na cásanna iomlána a tuairiscíodh don bhliain, arb ionann sin agus méadú aníos ó na 104 fógra a tuairiscíodh in 2015.

Déantar gach sárú ar shlándáil sonraí eile a thuairisciú faoi Chód Cleachtais um Shárú ar Shlándáil Sonraí Pearsanta deonach, a tugadh isteach in Iúil 2011. Níl an Cód Cleachtais seo ina cheanglas dlíthiúil agus ní bhaineann sé leis an Earnáil Teileachumarsáide.  Beidh sé éigeantach faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, a bheidh éifeachtach ó Bhealtaine 2018 ar aghaidh, chun sáruithe ar shonraí a thuairisciú don CCS, áfach.

Faoi mar a bhí i gceist in 2015, ba nochtadh neamhúdaraithe an chatagóir ab airde de sháruithe ar shonraí a tuairiscíodh faoin gCód Cleachtais seo, ar nós nochtadh poist agus leictreonach, ar thit an tromlach mór díobh amach san Earnáil Airgeadais agus arbh ionann na sáruithe siúd agus beagán os cionn 43.5% de líon iomlán na bhfógraí um shárú ar shonraí iomlána a fuarthas in 2016.

I measc na samplaí tipiciúla de sháruithe ar shonraí a tuairiscíodh, tá an méid seo a leanas:

- láimhseáil nó nochtadh míchuí sonraí pearsanta, e.g. diúscairt mhíchuí, rochtain ag tríú páirtí ar shonraí pearsanta – cé acu de láimh nó ar líne – agus rochtain neamhúdaraithe ag fostaí;
- cailleadh sonraí pearsanta a choimeádtar ar ghléasanna cliste, ríomhairí glúine, ríomhairí, méaróga USB, comhaid pháipéir, agus
- slándáil líonra a chur i gcontúirt/sáruithe ar shlándáil láithreán gréasáin, e.g. bogearraí éirice, haiceáil, camchóipeáil láithreán gréasáin

Tugadh ardú faoi deara in 2016, chomh maith, ar an líon uaireanta a cuireadh an CCS ar an eolas ar shlándáil líonra a chur i gcontúirt. Tháinig méadú nach mór faoi dhó ar líon na bhfógraí aníos ó 12 chás a tuairiscíodh in 2015 go dtí 23 cás in 2016. Is minic go n-áirítear leis na cásanna siúd bogearraí éirice agus mailíseacha.

Tháinig méadú, chomh maith, aníos ó 12 shárú in 2015 go dtí 16 shárú in 2016 ar sháruithe ar shlándáil láithreán gréasáin a tuairiscíodh. Is gnách go mbíonn láithreáin mhiondíoltóirí ar líne i gceist leis an saghas seo cásanna a choimeádann faisnéis chárta creidmheasa custaiméara agus díríonn an t-ionsaitheoir go príomha ar shonraí cárta creidmheasa a chamchóipeáil ón láithreán ar mhaithe le cuspóirí calaoiseacha.

Déileálann an fhoireann Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta le sáruithe a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise (TF). Déanann an fhoireann athbhreithniú ar na gníomhartha faoina dtugann rialaitheoirí sonraí mar fhreagairt dá leithéid de shárú agus, sa chás gur cuí, molann siad bearta breise d'eagraíochtaí chun slándáil an chórais a neartú lena chinntiú nach dtarlaíonn na sáruithe siúd a bhaineann le TF arís.

## **Líon na bhFógraí um Shárú a fuarthas** - 2016

**2,301**

**Líon iomlán na bhFógraí um Shárú a Fuarthas**

**3.3% (77)**

An líon ar measadh nár Sháruithe iad

**2,224**

**Líon na bhFógraí Bailí um Shárú**

(01 Eanáir – 31 Nollaig 2016)


**↓4.18% (93)**

Iaghdú ar an líon a tuairiscíodh in 2015.


## **Fógraí um Shárú de réir Chatagóir agus Shaghas an Rialaitheora Sonraí** - 2016

| **Catagóir** | **Gach Earnáil** | **An Earnáil Phoiblí** | **An Earnáil Phríobháideach** |
|---|---|---|---|
| Goid Trealamh TF | 14 | 9 | 5 |
| Slándáil Láithreán Gréasáin | 103 | 18 | 85 |
| Nochtadh Neamhúdaraithe – Post | 570 | 100 | 470 |
| Nochtadh Neamhúdaraithe – Leictreonach | 376 | 176 | 200 |
| Nochtadh Neamhúdaraithe – Eile | 1,117 | 244 | 873 |
| Saincheisteanna a bhaineann le Slándáil | 44 | 18 | 26 |
| Neamhshárú | 77 | 20 | 57 |
| **Iomlán** | **2,301** | **585** | **1,716** |

## **Comparáid idir Fógraí um Shárú** 2012 - 2016




## **Comparáid idir Líon na nEagraíochtaí a rinne Fógraí um Shárú** 2012 - 2016



## Cás-Staidéar 2

### Sonraí pearsanta a nochtadh do thríú páirtí mar fhreagairt d'iarraidh ar rochtain ar ábhar

Rinne iarfhostaí de chuid Stobart Air gearán i Lúnasa 2015 linn maidir le nochtadh neamhdhleathach a sonraí iomarcaíochta do chomhalta eile foirne i ndiaidh go ndearna an duine sin iarraidh ar rochtain leis an gcuideachta. Chuir an gearánaí ar an eolas sinn, chomh maith, go bhfuair siad faisnéis phearsanta tríú páirtí, ina theannta sin, mar fhreagairt d'iarraidh ar rochtain ar ábhar a rinne siad féin leis an gcuideachta i mBealtaine 2015.

Dheimhnigh Stobart Air, ar thosú ár n-imscrúdaithe, dúinn go ndearnadh sárú ar shonraí an ghearánaí i Samhain 2014. Luaigh sé nár chuir sé an gearánaí ar an eolas ar an sárú nuair b'eol dó go ndearnadh an sárú mar gheall nach raibh na treoirlínte um chosaint sonraí ar an eolas aige ina moltar na hábhair shonraí atá i gceist a chur ar an eolas ar nochtadh sa chás go mbaineann ardriosca leis an nochtadh i leith cearta an duine aonair agus ina moltar don tríú páirtí a fuair an fhaisnéis chun na sonraí atá i gceist a mhilleadh nó a thabhairt ar ais.

Dhiúltaigh an gearánaí sa chás seo an tsaincheist a réiteach go cairdiúil, faoi mar a rinneadh a thairiscint, agus iarradh ar chinneadh foirmiúil an Choimisinéara. Ina cinneadh, cheap an Coimisinéir gur thug Stobart Air, trí shonraí pearsanta an ghearánaí a chur san áireamh i litir a seoladh chuig iarfhostaithe, faoi phróiseáil agus nochtadh neamhúdaraithe shonraí pearsanta an ghearánaí. Sháraigh seo Alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, trí fhaisnéis phearsanta an ghearánaí a phróiseáil gan toiliú an ghearánaí nó bonn eile dlíthiúil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 i ngeall ar amhlaidh a dhéanamh.

Shainaithin Stobart Air féin nach raibh oiliúint agus cosaintí dóthanacha maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm agus lorg sé leis seo a chur ina cheart ó shin i leith.

I ngearán ar leith a fuair an CCS i Meán Fómhair 2015, cuireadh ar an eolas sinn go ndearna Stobart Air sonraí airgeadais tríú páirtí a nochtadh don ghearánaí mar fhreagairt d'iarraidh ar rochtain ar ábhar. Leanamar ar aghaidh lena oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí a mheabhrú do Stobart Air agus shainaithin Stobart Air roinnt daoine aonair a ndearna na saincheisteanna seo difear dóibh. Thug Stobart Air fógra, ina dhiaidh sin, do gach duine de na tríú páirtithe siúd a ndearnadh difear dóibh ar an sárú a rinneadh ar a sonraí pearsanta. Rinne Stobart Air sonraí an ghearánaí a nochtadh, áfach, nuair a bhí iarrachtaí á ndéanamh aige chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh trí fhógra a thabhairt do na daoine aonair a ndearnadh difear dóibh, trína sceitheadh gurbh é an gearánaí faighteoir na sonraí seo, i litir a chuir na daoine aonair a nochtadh a sonraí i dtosach báire, ar an eolas.

Ní raibh aon bhonn dlíthiúil ag Stobart Air chun sonraí pearsanta an ghearánaí a nochtadh do na tríú páirtithe a bhí i gceist ná ní raibh toiliú aige ón duine aonair a ndearnadh difear dó. Ní raibh gá le haitheantas an ghearánaí a nochtadh do na daoine aonair a ndearna an sárú tosaigh difear dóibh faoi na cúinsí agus sháraigh sé Alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

# Ilnáisiúntaigh agus Teicneolaíocht

Bhí an mhaoirseacht a rinneamar ar ilnáisiúntaigh atá bunaithe in Éirinn ar bun i rith 2016. Tá an fhoireann Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta ag an CCS ag tabhairt faoin maoirseacht seo anois, d'fhonn go gcomhordaítear ár ngníomhaíochtaí rialála do gach ilnáisiúntach agus lena chinntiú go bhfuilimid réidh le haghaidh thabhairt isteach an RGCS agus a fhorálacha ionad ilfhreastail i mBealtaine 2018.

Déanann an fhoireann stiúradh anois ar gach comhairliúchán, imscrúdú agus iniúchadh a bhaineann le próiseáil trasteorann ag ilnáisiúntaigh. Mar gheall gur minice a bhíonn an obair rialála le hilnáisiúntaigh a dhéanaimid le cuideachtaí atá dírithe ar chúrsaí teicneolaíochta, bíonn formhór obair na rannóige dírithe ar an teicneolaíocht agus tugann speisialtóirí teicneolaíochta ar an bhfoireann faoin obair sin. Tacaíonn an rannóg seo, chomh maith, leis an obair atá á stiúradh ag aonaid eile an CCS trí ionchur a sholáthar i ngnéithe teicneolaíochta agus slándála sonraí, faoi mar a theastaíonn.

I rith 2016, d'earcaíomar acmhainní speisialaithe don fhoireann seo, agus leanfaimid lenár n-acmhainní agus ár gcumas a fhorbairt i rith 2017.

A luaithe a thiocfaidh an RGCS i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, beidh an CCS ar an bPríomh-Údarás um Chosaint Sonraí chun ilnáisiúntaigh a rialáil a bhfuil a "bpríomhbhunaíocht" in Éirinn acu faoin tsamhail 'ionad ilfhreastail'. Ceanglaíonn an tsamhail seo orainn, chomh maith, chun comhoibriú le hÚdaráis um Chosaint Sonraí eile ar bhonn rialta maidir le cásanna a bhaineann le próiseáil sonraí trasteorann. Déanfar an mol comhordaithe den fhoireann Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta don obair seo, d'fhonn gur féidir linn ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh a éifeachtaí agus a éifeachtúla.

I rith 2016, rinneamar idirghníomhartha iomadúla le roinnt ilnáisiúntach maidir le roinnt ceisteanna, beartais, táirgí agus seirbhísí nua a bheartaítear ina measc. Cuireadh tús, chomh maith, le plé i rith 2016 le hilnáisiúntaigh ar a n-ullmhúchán chun an RGCS a thabhairt isteach, agus tá súil againn go rachaidh an saghas seo idirchaidrimh i méid i rith 2017.

**The Déanann an fhoireann stiúradh anois ar gach comhairliúchán, imscrúdú agus iniúchadh a bhaineann le próiseáil trasteorann ag ilnáisiúntaigh.**

Seo a leanas samplaí den idirchaidreamh a rinneamar le cuideachtaí ilnáisiúnta i rith 2016, lenar áiríodh breis agus 50 cruinniú aghaidh ar aghaidh:

- Trí chomhairliúchán a rinneadh idir Facebook Ireland agus an CCS, nuashonraigh Facebook Ireland a fhógra meirge fianán chun faisnéis níos gonta a chur san áireamh ar an úsáid a bhaineann sé as fianáin ar mhaithe le cuspóirí tráchtála.
- Ar an gcuma chéanna, nuashonraigh LinkedIn an fhaisnéis atá ar fáil dá chomhaltaí agus do chuairteoirí chuig an láithreán maidir leis an úsáid a bhaintear as fianáin, mar chuid den idirchaidreamh leanúnach a rinne se leis an CCS.
- Comhairliúchán le Apple maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a sheirbhís nua oideachais.
- Idirchaidreamh le Google maidir le hathruithe ar a théarmaí agus lena chur chuige i leith fógraíocht iompraíochta ar líne.
- Roinnt cruinnithe le heagraíochtaí a d'fhiosraigh an fhéidearthacht chun cur fúthu in Éirinn mar rialaitheoir nó mar phróiseálaí sonraí.
- Scrúdú ar Théarmaí Seirbhíse agus Beartas Príobháideachais WhatsApp – féach thíos
- Imscrúdú ar Yahoo! Sárú – féach thíos

### Cásanna trasteorann ardphróifíle

Sa dara leath den bhliain 2016, tháinig dhá cheist ar leith aníos maidir le hilnáisiúntaigh theicneolaíochta, agus bhí gach ceann díobh mar ábhar ag cumhdach suntasach na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chuir an fhoireann Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta acmhainní suntasacha chun feidhme chun measúnú agus réiteach dian a dhéanamh ar an dá cheist seo.

Ar an gcéad cheann, bhí nuashonrú Théarmaí Seirbhíse agus Bheartas Príobháideachais WhatsApp i Lúnasa 2016, lena n-áirítear tagairtí do shonraí úsáideora WhatsApp a roinnt le sonraí úsáideora Facebook. Lean éadáil WhatsApp ag Facebook Inc. é seo in 2014. Mar an rialaitheoirí sonraí le haghaidh úsáideoirí Facebook a chónaíonn lasmuigh de na Stáit Aontaithe agus Ceanada, páirtí atá in Éirinn le roinnt agus meaitseáil seo sonraí úsáideora. Rinne an CCS idirchaidreamh díreach le Facebook Ireland agus WhatsApp le roinnt míonna anuas, chun dul i ngleic le buarthaí a tháinig aníos maidir le conas a fuarthas toiliú úsáideoirí WhatsApp chun na sonraí seo a roinnt agus maidir le cuspóirí dá roinneadh na sonraí agus an bealach a próiseáladh roinnt na sonraí.

**TLeag an CCS an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le Príobháideachas trí Dhearadh i gcaitheamh shaolré iomlán an táirge san idirchaidreamh a dhéanaimid le Facebook agus le hilnáisiúntaigh theicneolaíochta eile.**

Ar an dara ceann bhí an sárú a thug Yahoo!EMEA agus Yahoo!Inc. le fios don CCS i Meán Fómhair 2016, ina ndearnadh thart ar 500 milliún cuntas úsáideora de chuid Yahoo a chóipeáil agus a ghoid ó bhonneagar Yahoo!Inc. in 2014. Is é Yahoo!EMEA an rialaitheoir sonraí don fhothacar de na cuntais úsáideora seo a goideadh a bhaineann le saoránaigh an AE/an LEE, agus gníomhaíonn Yahoo!Inc. mar an próiseálaí sonraí. I gcaitheamh imscrúdú an CCS ar an sárú sonraí ar leith seo, thug Yahoo!EMEA sáruithe breise ar leith ar shonraí le fios don CCS a bhaineann le bonneagar Yahoo!Inc., atá san fhearann poiblí chomh maith, agus a leanaimid lena measúnú.

Tá coinne ag an CCS leis go gcuirfear an dá cheist seo i gcrích i rith 2017.

## Idirchaidreamh le Facebook Ireland

I rith 2016, b'iomaí cruinniú a thionóil an CCS agus b'iomaí teagmháil a rinne sé le Facebook Ireland maidir le ceisteanna éagsúla um chosaint sonraí agus Ríomhphríobháideachais, ceisteanna ina measc a tugadh anonn ó 2015. D'athbhreithníomar nuashonruithe ar théarmaí, beartais agus táirgí, agus sholáthraíomar moltaí agus treoir dhea-chleachtais, agus rinneadh ár n-aiseolas a chur i gcomhthéacs do thabhairt isteach an RGCS i mBealtaine 2018. Chumhdaigh ár n-idirchaidreamh go leor gnéithe de sheirbhísí Facebook ó aipeanna agus feidhmiúlacht láithreán gréasáin, agus an scóip agus feabhsúcháin fhéideartha a dhéanamh ar na huirlisí reatha um chosaint sonraí atá ar fáil d'úsáideoirí, agus teicneolaíochtaí nua a úsáid agus an tionchar a imríonn siad ar chearta daoine aonair. Ceadaíonn an t-idirghníomhú dhá bhealach seo idir an CCS agus Facebook dúinn chun tuiscint níos iomláine a fháil ar sheirbhís Facebook agus chun réitigh atá bunaithe ar chomhlíonadh ar shaincheisteanna a lorg.

### Meirge agus Beartas Nuashonraithe maidir le Fianáin

Ba phríomhthéama i rith 2016 conas trédhearcacht agus fógra soiléir a sholáthar d'úsáideoirí faoin úsáid a bhaineann Facebook as fianáin. Tagann an tsaincheist chun solais i measc úsáideoirí cláraithe agus cuairteoirí a thugann cuairt ar sheirbhís Facebook. Faoi Ríomhphríobháideachas, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí chun toiliú a fháil le haghaidh stóráil fianán agus chun faisnéis a sholáthar a thaispeántar go feiceálach faoi chuspóirí na próiseála.

In 2016, i ndiaidh idirchaidreamh a dhéanamh leis an CCS agus le páirtithe leasmhara eile, nuashonraigh Facebook Ireland a fhógra meirge fianán chun faisnéis níos gonta a chur san áireamh ar an úsáid a bhaineann sé as fianáin ar mhaithe le cuspóirí tráchtála. Leag Facebook an bhéim air d'úsáideoirí gur theastaigh gníomh a chuirtear in iúl go soiléir go raibh toiliú á thabhairt ag na húsáideoirí do na cuspóirí seo. Chomh maith leis sin, rinne Facebook a ráiteas fianán a nuashonrú chun breis faisnéise a chur san áireamh a bhaineann le húsáid fianán seachas ar láithreán facebook.com, agus chuir sé leis an bhfaisnéis ina liosta táblaithe d'fhianáin.

Cruthaíonn na hathruithe seo tairbhí d'úsáideoirí Facebook agus do chuairteoirí ar Facebook araon, trína bhfeasacht agus a rialú a mhéadú ar úsáid a dtrealaimh ar chuspóirí sprioctha fógraíochta. Baineann na hathruithe le láithreán gréasáin Facebook agus ar láithreáin eile araon, agus lorgaíonn siad chun feabhas a chur ar cháilíocht an toilithe fheasaigh a sholáthraíonn úsáideoirí agus cuairteoirí.

### Cleachtais Innealtóireachta Bogearraí

Féadfaidh saincheisteanna ar feidhmiúlacht láithreáin ghréasáin agus aipeanna is cúis leo teacht aníos den chéad uair nuair sna céimeanna dearaidh agus forbartha bogearraí, b'fhéidir mar gheall ar easpa feasachta agus oiliúna, nó ar chleachtais dearbhaithe cáilíochta agus rialachais, nó trí chur chuige tástála cothabhála agus cúlchéimnithe. Féadfaidh seo bheith mar shaincheist do go leor soláthraithe seirbhíse idirlín, agus ní hamháin Facebook, ach mar gheall ar scála a mboinn úsáideoirí, féadfaidh aon saincheisteanna a bheith suntasach.

In 2016, thug duine aonair fógra dúinn go raibh grianghraf próifíle a scrios siad ar Facebook roimhe sin fós ar fáil ina dhiaidh sin. Dheimhníomar gur bhain an fhadhb le fabht stairiúil bogearraí ar Facebook, agus bhí sé deimhnithe againn roimhe seo trínár dtástáil féin gur réitigh Facebook é seo. Dheimhnigh Facebook ár n-anailís go bhféadfadh gur tháinig an fabht aníos arís. Ba gá do Facebook acmhainneacht a chórais láimhseála íomhánna a fhairsingiú, i ngeall ar an mborradh a bhí ag teacht ar an úsáid a bhí á baint as grianghraif ar an ardán. B'éard a bhain leis seo ná aistriú ó na córais láimhseála íomhánna a bhí i bhfeidhm ar feadh i bhfad, go dtí córas nua. B'éard a bhí mar thoradh air seo ná gur fhan roinnt grianghraf ar an gcóras go hearráideach. Táimid sásta go bhfuil an tsaincheist ar leith seo go hiomlán réitithe anois.

Leag aithint na saincheiste seo an bhéim air do Facebook go mbaineann ríthábhacht le faireachas leanúnach agus rialuithe cáilíochta ina chleachtais Phríobháideachais agus Dearaidh, ó chéim thosaigh na forbartha táirgí an bealach go léir a fhad le cothabháil agus feabhsú leanúnach córas reatha. Leag an CCS an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le Príobháideachas trí Dhearadh i gcaitheamh shaolré iomlán an táirge san idirchaidreamh

a dhéanaimid le Facebook agus le hilnáisiúntaigh theicneolaíochta eile. Tabharfar an bhéim seo chun solais níos mó nuair a thiocfaidh an RGCS i bhfeidhm i mBealtaine 2018, sa mhéid go bhfuil an chuntasacht ar rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí chun a n-oibleagáidí um chosaint sonraí a chomhlíonadh.

## Idirchaidreamh le LinkedIn Ireland

Bhí an mhaoirseacht a rinne an CCS ar LinkedIn Ireland an-táirgiúil le blianta beaga anuas ag tráth inar thit feabhsú agus fairsingiú leanúnach amach ar sheirbhísí LinkedIn. Rinne an CCS roinnt idirchaidrimh le hionadaithe LinkedIn Ireland i rith 2016. B'éard a d'eascair as an idirchaidreamh seo ná nuashonruithe trédhearcacha do bhaill de LinkedIn ar a shocruithe cuntais agus meirge fianán a thabhairt isteach chun riachtanais Ríomhphríobháideachais a chomhlíonadh. Leanfaimid le hidirchaidreamh gníomhach a dhéanamh le LinkedIn Ireland in 2017 maidir le haon athruithe ar a sheirbhísí agus oibríochtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chearta um chosaint sonraí daoine aonair, agus freisin de réir mar a dhéanann LinkedIn Ireland ullmhú do thabhairt isteach an RGCS agus aon athruithe príobháideachais a d'fhéadfadh teacht aníos óna éadáil ag Microsoft.

### Socruithe Nuashonraithe Cuntais

Go luath in 2016, thug LinkedIn Ireland fógra don CCS go mbeadh sé ag leanúint ar aghaidh lena chuid oibre chun rialúcháin agus socruithe sonraí pearsanta atá ar fáil dá bhaill a nuashonrú. Ceadaíonn iad seo d'úsáideoirí LinkedIn chun roinnt gnéithe a rialú den bhealach a úsáidtear a sonraí pearsanta sa tseirbhís, idir mhinicíocht fógraí ríomhphoist agus a mhéid a bhíonn faisnéis phróifíl úsáideora infheicthe do dhaoine eile sa tseirbhís. Áiríodh leis na nuashonruithe athruithe ar leagan amach agus formáidiú chun feabhas a chur ar rochtain ar na socruithe, agus roinnt athruithe réamhshocraithe a bhí ceaptha chun an chosaint ar shonraí pearsanta a sholáthraítear do LinkedIn a mhéadú.

Ciallaíonn seo gur cheart go mbeadh na socruithe ní b'fhusa lena n-aimsiú agus lena n-úsáid, go bhfuil infheictheacht faisnéis teagmhála fiú níos coiscthe mar réamhshocrú, agus gur féidir moltaí ceangail a rialú níos éifeachtaí. Ar a bharr sin, neartaigh LinkedIn roinnt gnéithe de na socruithe chun socrú tánaisteach slándála a iarraidh, i gcásanna ina bhféadfaí tionchar mór a imirt trí athruithe a dhéanamh. Tarlaíonn seo anois, mar shampla, nuair a roghnaíonn baill chun a bpríomhshocrú ríomhphoist a athrú, chun úsáideoirí a bhlocáil, nó chun athruithe a dhéanamh ar sheiceálacha barrfheabhsaithe logála isteach.

Fáiltímid roimh na hathruithe suntasacha seo mar chéim chun cinn i gcomhlíonadh LinkedIn na riachtanas um chosaint sonraí, agus sa tacaíocht agus sa bhreithniú a chuireann sé ar fáil do chomhaltaí i dtaobh trédhearcachta agus smachta. Beidh ar an obair seo leanúint ar aghaidh mar ullmhú do thabhairt isteach an RGCS agus an Rialacháin nua Ríomhphríobháideachais a bhfuil coinne leis.

### Fógra maidir le Fianáin

De bhreis ar an iniúchadh a rinneamar in 2013, an t-athbhreithniú leantach ar chur i bhfeidhm a rinneamar in 2015 agus ár n-idirchaidreamh leanúnach in 2016, nuashonraigh LinkedIn Ireland an fhaisnéis arís eile atá ar fáil dá bhaill agus do chuairteoirí maidir leis an úsáid a bhaineann sé as fianáin. Tá meirge fheiceálach fógra curtha ag LinkedIn leis an láithreán, chomh maith, a chuireann baill agus cuairteoirí ar an eolas ar fhianáin agus a sholáthraíonn nasc don fhaisnéis nuashonraithe atá ar fáil ina ráiteas maidir le fianáin.

Áirítear leis an ráiteas seo anois faisnéis ar chuspóirí fógraíochta iompraíochta ar líne a fhianán, tábla mionsonraithe ar na fianáin atá á n-úsáid, agus naisc dhíreacha leis na roghanna ábhartha chun fianáin a dhiúltú óna chlár féin fógraíochta agus ó úsáid fianáin tríú páirtí ar a láithreán araon.

Fáiltímid roimh thrédhearcacht mhéadaithe do bhaill LinkedIn agus do chuairteoirí chuig an láithreán araon mar fheabhas leanúnach ar cháilíocht an toilithe faoin Rialachán Ríomh-phríobháideachais (I.R. 336/2011), agus roimh na roghanna atá ar fáil do dhaoine nach baill iad maidir le fianáin LinkedIn ar láithreáin eile. Táimid ag leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil do bhaill agus an fógra a thugtar dóibh maidir leis an úsáid a bhaintear as fianáin agus a gcuspóirí, go háirithe i gcomhthéacs na gceanglas toilithe sa RGCS agus na hathruithe féideartha a d'fhéadfadh teacht aníos faoin Rialachán nua Ríomh-phríomháideachais.

## Saincheisteanna Teicneolaíochta Coitianta

I rith 2016, láimhseáil an rannóg Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta réimse fairsing de ghearáin a bhain leis an teicneolaíocht, chríochnaigh an rannóg measúnuithe mionsonraithe ar shaghsanna éagsúla de sháruithe, agus rinne sí iniúchadh agus cigireacht réamhghníomhach ar shaghsanna fairsinge eagraíochta. Laistigh den éagsúlacht fhairsing seo, b'ann do thrí shaincheist choitianta um chosaint sonraí ba mhinic a shainaithníomar.

Ar an gcéad dul síos, níl rialaitheoirí sonraí go hiomlán ar an eolas ar a n-oibleagáidí, ná ní gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí go hiomlán, san idirchaidreamh a dhéanann siad le próiseálaithe sonraí, faoi mar a cheanglaítear sna hAchtanna um Chosaint Sonraí. Féadfaidh an cur chuige neamhtheagmhálach seo i leith rialachas próiseálaithe sonraí tionchar an-suntasach a imirt ar neart na mbeart slándála atá

i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint, agus ar leochaileacht na sonraí pearsanta, dá bharr. Caithfidh rialaitheoirí sonraí ráthaíochtaí leordhóthanacha a fháil gur cuí agus cothrom le dáta do bhearta slándála an phróiseálaí, agus go bhfuil foireann an phróiseálaí go hiomlán feasach ar na bearta seo. Caithfidh comhaontú nó conradh próiseála sonraí ina leagtar amach oibleagáidí an phróiseálaí a bheith i bhfeidhm agus is ríthábhachtach gur cheart go ndéanfadh an rialaitheoir measúnú rialta agus bríoch ar chomhlíonadh phróiseálaí na n-oibleagáidí siúd.

Baineann an dara saincheist choitianta leis an tsraith bearta slándála a bhíonn i bhfeidhm ag eagraíochtaí. Is gá go mbeadh na bearta seo iltaobhach d'fhonn go ndéantar na saghsanna éagsúla de riosca i leith sonraí pearsanta a mhaolú a mhéid agus is féidir. Shainaithníomar go leor eagraíochtaí a bhrath an iomad ar shaghas amháin de bheart slándála, agus nach ndeachaigh i ngleic le saghsanna eile de leochaileacht. Ba cheart go gcumhdódh bearta slándála rioscaí teicniúla trí bhonneagar slándála atá cothrom le dáta a úsáid, ba cheart go gcumhdódh sé rioscaí eagraíochtúla trí bheartais, nósanna imeachta agus fardail dhiana a chur i bhfeidhm, agus rioscaí i leith earráid dhaonna trí oiliúint agus feasacht.

Ar deireadh, bhí go leor ionsaithe ónar eascair sonraí pearsanta a chailleadh ag brath ar mhíbhreithiúnas nó ar earráid d'fhonn go n-éireodh leo. Féadtar saghsanna ionsaí, ar nós Bogearraí Éirice, a sheachaint trí nós imeachta caighdeánach an tionscail 'smaoinigh sula gcliceálann tú'. Nuair a lorgaítear chun saincheist oibríochtúil amháin a réiteach, ba cheart go gcinnteodh innealtóirí bonneagair i gcónaí nach ndearnadh leochaileacht nua a thabhairt isteach i ngan fhios, mar shampla, trí phoirt oscailte.

Leanfaimid le nótaí praiticiúla treorach agus comhairle a eisiúint i rith 2017 maidir leis na saincheisteanna coitianta seo agus le treochtaí eile teicneolaíochta a thagann chun cinn, agus cuirfidh iad seo an phleanáil a dhéanaimid ar iniúchtaí ilnáisiúnta don bhliain 2017 chun cinn, chomh maith.

## Cás-Staidéar 3

### Sárú ar Shonraí ag Miondíoltóir agus Soláthraí Seirbhíse ar Líne

In Iúil 2016, fuaireamar tuairisc ar shárú ó eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí miondíola agus ar líne.

Bhí an eagraíocht thíos le hionsaí "lántrialach", inar bhain na hionsaitheoirí triail as meascáin éagsúla d'ainmneacha úsáideora/phasfhocail i gcaitheamh tréimhse choicíse, agus d'éirigh leo úsáid a bhaint as roinnt meascán chun rochtain a fháil ar chuntais úsáideora. Nuair a rinneadh na cuntais seo a rochtain, rinne na hionsaitheoirí iarracht chun iarmhéideanna úsáideora a aistarraingt. Rinne an t-ionsaitheoir na haistarraingtí seo a chumasú mar gheall go raibh ar chumas aige modhanna nua íocaíochta a chur leis. Bhí an t-ionsaitheoir in ann rochtain a fháil, chomh maith, ar na sonraí pearsanta a bhain leis an gcuntas.

Ar an sárú a mheasúnú, shainaithníomar go raibh easnaimh ann san eagraíocht sna bearta faoinar thug sí chun sonraí pearsanta úsáideoirí a choimeád slán, an méid a leanas ina measc:

- Bearta neamhleora maidir le beartas pasfhocail agus fíordheimhniú úsáideora;
- Bearta neamhleora rialaithe chun athruithe a bhailíochtú ar chuntas úsáideora; agus
- Bearta neamhleora rialaithe i dtaobh cuntais dhíomhaoine úsáideora a choimeád.

Mheasamar gur sháraigh an eagraíocht Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 mar gheall gur theip orthu bearta cuí slándála a ghlacadh i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ar, nó athrú neamhúdaraithe a dhéanamh ar, nochtadh nó milleadh, shonraí pearsanta a n-úsáideoirí.

Eisíodh moltaí don eagraíocht go rachaidh sé i mbun beart chun na heasnaimh a shainaithnítear a mhaolú nó go rachfaí i mbun gníomh forfheidhmithe ina leith. Chuir an eagraíocht sinn ar an eolas ina dhiaidh sin go ndeachaigh sé i mbun na mbeart a leanas bunaithe ar ár moltaí:

- Pasfhocail a chur i bhfeidhm óna dteastaíonn breis agus toisc amháin
- Beartas cuimsitheach coinneála sonraí a chur i bhfeidhm

Leagann an cás seo an bhéim ar an ngá atá leis go gcinntíonn eagraíochtaí go bhfuil bearta cuí teicniúla, eagraíochtúla agus slándála i bhfeidhm acu chun cosc a chur ar shonraí a chailleadh trí ionsaithe "lántrialacha" nó ionsaithe athúsáide pasfhocail. Sa chás seo, d'fhéadfaí na rioscaí a mhaolú dá mbainfí úsáid as na rialúcháin chuí rochtana agus fíordheimhnithe, ar nós fíordheimhniú iltosca, teorannú ráta líonra agus foláireamh a thabhairt nuair a dhéantar logáil isteach. De bhreis air sin, soláthraíonn drochbheartais choinneála "veicteoir ionsaí" do haiceálaithe ar nós é sin a úsáideadh mar bhealach iontrála sa sárú seo.


# Comhairliúchán

Comhlíonann feidhm an chomhairliúcháin ról lárnach chun tuiscint agus feasacht níos fearr ar oibleagáidí um chosaint sonraí a chur chun cinn. Trí idirchaidreamh gníomhach agus bríoch le heagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí araon, táimid ag tabhairt faoinár sainchúram lena chinntiú go mbíonn rialaitheoirí sonraí freagrach agus comhlíontach i dtaobh na reachtaíochta um chosaint sonraí agus go dtugtar tús áite do chosaint an chirt bhunúsaigh in aon tionscadal lena mbaineann sonraí pearsanta a phróiseáil. Creidimid go ndéanann an obair chomhairlúcháin a dhéanaimid le gach saghas d'eagraíocht an dul chun cinn is mó i dtaobh chosaint fhairsing an phobail ó dhroch-chleachtais láimhseála sonraí pearsanta. Tagann níos lú saincheisteanna córasacha aníos mar gheall ar chomhlíonadh a bhrú chun cinn agus a chinntiú go ndéanann eagraíochtaí breithniú ar thábhacht chúlra Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Tháinig méadú suntasach ar cheisteanna comhairliúcháin aníos ó 860 in 2015 go dtí 1,170, ar an iomlán, in 2016, arb ionann sin agus méadú 36%. Rinneadh an miondealú ar cheisteanna comhairliúcháin a fuarthas a roinnt go cothrom idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Is cosúil gur féidir le roinnt tosca a bheith mar chúis leis an méadú seo, an méid a leanas ina measc: ullmhú ag Rialaitheoirí Sonraí don RGCS; agus feasacht mhéadaitheach phoiblí ar an tábhacht a bhaineann le saincheisteanna agus ceart um chosaint sonraí.

Meastar go leanfaidh an treocht bhorrtha seo ar aghaidh i gcaitheamh na bliana 2017 nuair a chuirtear san áireamh an leibhéal méadaitheach d'fheasacht i measc daoine aonair ar a gcearta um chosaint sonraí, anuas ar an tslí go bhfuil eagraíochtaí ag glacadh leis gur gné lárnach agus ríthábhachtach cosaint sonraí a chomhlíonadh d'fhonn tionscadail/fiontair a sholáthar go rathúil, ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist. Táthar ag díriú go géar, chomh maith, ar impleachtaí an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí nua agus foilseoimid treoir i gcaitheamh 2017 chun cabhrú le heagraíochtaí chun ullmhú a dhéanamh dá thabhairt isteach an 25 Bealtaine 2018.

Rinne an rannóg comhairliúcháin idirchaidreamh réamhghníomhach in 2016 le réimse fairsing páirtithe leasmhara, agus sholáthair sí an treoir agus treorú cuí a chur ar chumas rialaitheoirí sonraí chun cinntí a dhéanamh go muiníneach faoi thionscadail/thograí ina raibh gné shonraí pearsanta. Cuireadh os cionn 100 cruinniú aghaidh ar aghaidh ar bun i rith na bliana (Ní áirítear leis seo cruinnithe le cuideachtaí ilnáisiúnta. Féach an mhír 'Ilnáisiúntaigh agus Teicneolaíocht' chun teacht ar bhreis sonraí).




I measc cuid de na heagraíochtaí/grúpaí agus tionscadail (bíodh tionscadail thaiscéalaíocha nó eile i gceist leo) a ndearnamar idirchaidreamh leo i rith 2016, bhí an méid seo a leanas:

### An Earnáil Phoiblí:

- An Roinn Coimirce Sóisialaí agus sonraí a roinnt
- Bonneagar Náisiúnta Sonraí/Éiceachóras
- Cárta Seirbhísí Poiblí
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- Comhairleoirí údaráis áitiúil agus rochtain ar liostaí tithíochta
- Údaráis Áitiúla éagsúla – dumpáil bruscair, socruithe roinnte sonraí
- Comhlachtaí earnála poiblí agus ceamaraí a chaitear ar an gcorp a úsáid
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- An Bord um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach

# Tugadh treocht faoi deara in 2016 a bhí ag teacht chun cinn i dtreo feachtais de stíl 'ainmnigh agus aithisigh' a chuir eagraíochtaí earnála poiblí ar bun.

### An Earnáil Sláinte:

- Aitheantóir Sláinte Aonair
- An Córas Náisiúnta Faisnéise Saotharlann Mhíochaine (MedLIS)
- Ospidéal na Leanaí
- Bunachar Sonraí Dhiaibéiteas Shaghas II
- Dochtúirí agus Comhairle na nDochtúirí Leighis
- Sonraí Géiniteacha agus Taighde Sláinte
- An Córas Náisiúnta Faisnéise Cliniciúla Oinceolaíocht Mhíochaine
- Taifid Leictreonacha Othar (EPR) – nuabheirthe agus máthartha
- Ospidéal Achadh an Toir (faoi leachtú)

Chomh maith leis sin, rinneadh breathnóireacht chuimsitheach ar dhréacht-reachtaíocht do Ranna éagsúla Rialtais i rith 2016. Bhí an méid seo a leanas i gceist leo seo:

- An Dréacht-Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016
- Dreacht-Chinn Bille, Cónascadh Oifigí an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus an Ombudsman do Phinsin
- Scéim Ghinearálta Bhille na Cartlainne Náisiúnta (Leasú), 2016
- An Bille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar, 2015
- An tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (comhlachtaí breise faoi Sceideal 2)

### An Earnáil Phríobháideach/Airgeadais (gan an earnáil ilnáisiúntach a áireamh):

- Banc Ceannais na hÉireann/an Clár Tuairiscithe Creidmheasa
- Árachóirí Sláinte (éilimh)
- Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann
- Comhair Chreidmheasa
- IBEC (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann)
- Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais
- Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Eagraíocht Shealbhóirí Morgáiste na hÉireann

## Tograí 'Ainmnigh agus Aithisigh'

Tugadh treocht faoi deara in 2016 a bhí ag teacht chun cinn i dtreo feachtais de stíl 'ainmnigh agus aithisigh' a chuir eagraíochtaí earnála poiblí ar bun. Caithfidh comhlachtaí earnála poiblí a lorgaíonn chun tionscnaimh de shaghas 'ainmnigh agus aithisigh' a chur i bhfeidhm a bheith cinnte go bhfuil an fhianaise soiléir, go mbaineann an t-ainmniú agus an t-aithisiú na torthaí inmhianaithe amach agus mura féidir na torthaí siúd a bhaint amach gan cur isteach ar chearta príobháideachais. Sa chás go gcuirtear sin i bhfeidhm, ní foláir gan ró-dhifear a dhéanamh do chearta daoine aonair. Anuas air sin, sa chás go leantar ar aghaidh le tionscnaimh ainmnigh agus aithisigh, caithfear na cosaintí riachtanacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú nach ndéantar próiseáil gan chuimhneamh ar shonraí tríú páirtithe neamhurchóideacha, nó nach n-ainmnítear an duine aonair mícheart nó nach bhfágtar liostaí gan fhoilsiú go deo.

## Measúnú Neamhleor

In 2016, thugamar marbhántacht faoi deara i ngach earnáil ag céim phleanála an tionscadail chun tabhairt faoi mheasúnuithe um chosaint sonraí ar thograí próiseála sonraí. Braitheann sé air go nglacann gach rialaitheoirí sonraí le cur chuige mionsonraithe fianaisebhunaithe. Caithfidh measúnú ceart a bheith i gceist leis seo a cheistíonn na leasanna agus na saincheisteanna éagsúla um chosaint sonraí a thagann chun solais agus a thugann bunús cuí leis an bhfáth nach mór cearta duine aonair a thabhairt suas – ar bhealach cuí – dá leasanna dlisteanacha.

Cur chuige deá-chleachtais is ea Measúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí. Próiseas atá in MTCS ina ndéantar breithniú córasach ar an tionchar féideartha a d'fhéadfadh tionscadal nó tionscnamh imirt ar phríobháideacht daoine aonair. Cumasóidh sé saincheisteanna féideartha príobháideachais a shainaithint, agus a shainaithint conas dul i ngleic leis na saincheisteanna siúd go cuí, chomh maith leis sin, sula ndéantar próiseáil agus i rith saolré thionscadal/thionscnamh féin. Tá na torthaí bunaithe ar phlé leis na páirtithe/páirtithe leasmhara ábhartha. D'fhéadfadh go mbeadh an measúnú sin thar a bheith fiúntach, ar deireadh thiar, chun inmharthanacht tionscadail/ tionscnaimh amach anseo a dheimhniú.

I ndiaidh fhoilsiú threoir Mheitheal Oibre Airteagal 29 ar Mheasúnachtaí Tionchair um Chosaint Sonraí (MTCSanna) an RGCS, a bhfuil coinne leis in 2017, beidh ábhar breise treorach á fhoilsiú againn maidir le conas Measúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí a ullmhú. Faoin RGCS, beidh MTCSanna éigeantach le haghaidh saghsanna áirithe de phróiseáil sonraí ó Bhealtaine 2018 ar aghaidh.

# Iniúchtaí Príobháideachais

In 2016, tugadh faoi 50 iniúchadh agus cigireacht (Tá liosta na n-eagraíochtaí a rinneadh a iniúchadh ag Aguisín 1). Is é aidhm ár n-iniúchtaí agus ár gcigireachtaí uile chun seiceáil a dhéanamh i dtaobh chomhlíonadh na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus chun cabhrú leis an rialaitheoir sonraí nó leis an bpróiseálaí sonraí lena chinntiú go bhfuil a gcórais um chosaint sonraí a éifeachtaí agus a chuimsithí agus is féidir. Uaireanta bíonn iniúchtaí forlíontach ar imscrúduithe a dhéanann an CCS mar fhreagairt do ghearáin faoi leith. Sainaithnímid tosaíochtaí agus spriocanna le haghaidh iniúchta trí bhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós mhéid agus shaghas na sonraí pearsanta a phróiseálann an eagraíocht atá i gceist, anuas ar líon agus chineál na dteagmhálacha, na gceisteanna agus na ngearán a fhaighimid.

Threisigh bunú na rannóige Ilnáisiúntach agus Teicneolaíochta acmhainneacht iniúchóireachta teicniúla an CCS i rith 2016 go mor. Earcaíodh acmhainní speisialaithe chun saineolas slándála sonraí agus iniúchóireachta teicniúla a sholáthar d'Iniúchtaí Príobháideachais, agus chun acmhainní a fhorbairt don chlár leanúnach iniúchta atá dírithe ar ilnáisiúntaigh theicneolaíochta.

Tá ár gclár bliantúil iniúchta saindeartha chun díriú ar roinnt earnálacha a roghnaítear go cúramach. In 2016, thugamar faoi iniúchtaí doimhne ar ghníomhaireachtaí stáit (an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, na Fórsaí Cosanta agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána) faoi mar a fhorordaítear faoin Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 a dhéanann iarrataí ar shonraí le soláthraithe seirbhíse cumarsáide. Roghnaíodh PeoplePoint, ina theannta sin, chun scrúdú dlúth a dhéanamh air de bhun an lín mhóir sáruithe ar sonraí a bhí á dtabhairt le fios don oifig. Anuas air sin, tugadh faoi iniúchtaí ar Ospidéal Ginearálta an Chabháin, an Bord Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe agus Aonad Náisiúnta Europol i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce.

I measc na n-iniúchtaí a rinneadh ar aonáin earnála príobháidí, bhí Allianz, Vhi, Laya Healthcare, Meteor agus eir. Roghnaíodh roinnt asraonta miondíola ar scríobh an CCS chucu mar chuid de rianú um chosaint sonraí maidir le cártaí creidmheasa chun iniúchadh a dhéanamh orthu d'fhonn níos mó a fhoghlaim faoi shonraí cárta creidmheasa a bheith á gcoimeád ag miondíoltóirí. Leanfaimid le scrúdú a dhéanamh ar an limistéar seo in 2017.

## An Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta, na Coimisinéirí Ioncaim agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána – An tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011

Rinne an tAcht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 an Treoir maidir le Sonraí a Choimeád (2006/24/CE) a thrasuí a leag ceanglais ar sholáthraithe áirithe seirbhíse cumarsáide (cuideachtaí teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí) chun sonraí faoi thrácht glaonna a choimeád (seachas ábhar). Tá sonraí tráchta gutháin agus guthán póca le coimeád ar feadh 2 bhliain; tá cumarsáid ar an idirlín le coimeád ar feadh bliain amháin.

De réir forálacha a chuimsítear san Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, déanann an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta, na Coimisinéirí Ioncaim agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (an CICT) iarrataí ar nochtadh le soláthraithe seirbhíse cumarsáide (SSCanna).

Is é ról maoirseachta an CCS a chinntiú go ndéantar gach iarraidh ar nochtadh i gcomhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus an Achta Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011.

Agus aird ar na cumhachtaí a insealbhaítear faoi alt 10(1A) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, tugadh faoi iniúchtaí ar na nósanna imeachta agus na córais chun próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ar nochtadh laistigh de na gníomhaireachtaí forordaithe stáit go léir agus scrúdaíodh breis agus cúpla céad iarraidh ar nochtadh a rinneadh le SSCanna.

## Torthaí agus Moltaí Ginearálta

Ar an iomlán, bhaineamar an tátal gur chuir na haonaid idirchaidrimh láraithe critéir dhiana mheasúnaithe chun feidhme i ngach gníomhaireacht stáit le haghaidh gach iarrata a cuireadh faoi bhráid SSC. Tugadh suntas ar leith don aird a thug na haonaid seo nuair a bhí siad ag oibriú le haonaid imscrúdaithe ar an talamh lena chinntiú go ndéantar scóip iarrataí ar nochtadh a chúngú agus a bheachtú a mhéid agus is féidir ag gach tráth. Chonacthas don Fhoireann Iniúchóireachta gur cuireadh i bhfeidhm prionsabail na comhréireachta, an riachtanais agus na hábharthachta i bhfeidhm i ngach iarraidh ar nochtadh agus rinneadh gach iarraidh a athbhreithniú, a shíniú agus a fhaomhadh ar an leibhéal a theastaigh ar bhonn cás ar chás.

Tháinig foireann an CCS ar an gcleachtas ina ndéantar iarratais ar shonraí a bhaineann le prótacal idirlín (IP) faoi alt 8 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar gheall nach dtagann seirbhísí cumarsáide leictreonaí nach bhfuil ar fáil go poiblí faoi chuimsiú scóip Acht 2011. Ceadaítear faoi alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí nochtadh deonach a dhéanamh ag rialaitheoir/próiseálaí sonraí, faoi réir breithniú ar bhonn cás ar chás maidir le cibé acu ar dhócha nó nach dócha go ndéanfadh scaoileadh na sonraí dochar (is é sin, díobháil shuntasach) d'aon iarracht a dhéanfadh eagraíochtaí a bhfuil feidhmeanna um chosc ar choireacht nó forfheidhmiú dlí acu chun cosc a chur ar choir nó ar chion a dhéanamh nó a réiteach.

Bhain an Fhoireann an tátal as nárbh ann d'aon saincheisteanna um chosaint sonraí a bhí ina n-ábhar buartha a tháinig chun solais mar thoradh ar na hiniúchtaí agus, dá bhrí sin, b'ionann na moltaí a eisíodh agus dea-chleachtas i dtaobh cineáil agus níor bhain siad ach le saincheisteanna nós imeachta.

- Moladh go ndéanann an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta, CICT agus COGS breithniú ar lámhleabhar a fhoilsiú atá cosúil leis sin a d'fhoilsíodh na Coimisinéirí Ioncaim ina dtugtar cuntas ar bheartais agus nósanna imeachta atá ag gníomhaireachtaí forordaithe a úsáideadh chun iarrataí ar nochtadh a dhéanamh.
- Níor cheart go dtagródh iarrataí ar nochtadh a rinneadh le SSCanna maidir le hiarrataí suibscríobhaithe don Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011 agus Alt 8 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí araon. Ba cheart an reachtaíocht shonrach faoina bhfuil an iarraidh ar nochtadh á déanamh a lua i ngach iarraidh ar nochtadh.
- Dhírigh moltaí eile ar shocruithe iniúchta inmheánaigh, beartais choinneála, cáipéisíocht nós imeachta, logaí rochtana agus deireadh a chur le húsáid a bhaint as an bpost cláraithe mar bhealach chun iarrataí ar nochtadh a sheoladh chuig SSCanna.

### An Garda Síochána

Chonacthas don Fhoireann Iniúchóireachta gur bhain tromlach na n-iarrataí ar nochtadh le himscrúdú a dhéanamh ar chionta tromchúiseacha. Ar na forais eile ar ar féidir iarraidh ar nochtadh a dhéanamh ná ar mhaithe le slándáil an Stáit a chosaint agus beatha dhaonna a shábháil. I dtaobh an mhiondealaithe ar an saghas sonraí a lorgaítear, cuimsíonn iad seo trí shaghas éagsúla d'iarraidh: iarrataí ar rianú glao; iarrataí ar shonraí faoi shuibscríobhaí; iarrataí ar phrótacal idirlín (IP). I gcaitheamh na dtrí bliana a rinneadh a athbhreithniú, dheimhnigh an Fhoireann go ndearnadh nach mór dhá thrian de na hiarrataí a rinne an Garda Síochána le haghaidh sonraí faoi shuibscríobhaí. Sa mhullach air sin, thángamar ar líon suntasach iarrataí a bhain le cosc a chur ar bheatha dhaonna a chailleadh agus bhain 'pingiú' le roinnt díobh – ar saghas rianú glao é seo a úsáidtear i gcásanna ina bhfuil duine ar iarraidh.

Thug an Fhoireann faoi deara nárbh ionann iarrataí ar SSCanna a rinne an Garda Síochána a bhain le sonraí faoi phrótacal Idirlín (IP) ach 3% den líon iomlán iarrataí ar nochtadh idir 2013 agus 2015.

### Na Coimisinéirí Ioncaim

I gcaitheamh na dtrí bliana a athbhreithníodh, thug an Fhoireann faoi deara gur lorg iarrataí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim idir 2013 agus 2015 sonraí faoin suibscríobhaí i ngach cás, seachas i gcás amháin. Lorgaíodh sonraí rianaithe glao i ngach mór 60% de na hiarrataí céanna siúd. I líon an-bheag cásanna, bhain na hiarrataí ar SSCanna a rinne na Coimisinéirí Ioncaim idir 2013 agus 2015 le sonraí faoi Phrótacal Idirlín (IP).

### Na Fórsaí Cosanta

De réir alt 6(3) den Acht Cumarsáide (Sonraí a Choimeád), 2011, bhain na hiarrataí go léir a athbhreithníodh le 'slándáil an Stáit a chosaint'. Dheimhnigh an Fhoireann gur bhain tromlach na n-iarrataí a rinne na Fórsaí Cosanta idir 2013 agus 2015 le sonraí faoi chumarsáid mhóibíleach.

### Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

I gcaitheamh na dtrí bliana a rinneadh a athbhreithniú, dheimhnigh an Fhoireann go ndearnadh nach mór 74% de na hiarrataí a rinne COGS le haghaidh sonraí 'rianaithe glao'.

### An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Chuir an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an Oifig ar an eolas nach ndearna sé na cumhachtaí a bhronntar air faoi alt 6(3A) a ghairm go fóill agus, ar an ábhar sin, ní dhearnadh aon iarrataí ar nochtadh le SSCanna idir 2013 agus 2015.

Chuireamar tús le sraith iniúchtaí ar iarrataí ar nochtadh a phróiseáil SSCanna ag tosú le eir agus Meteor i Ráithe 4 2016 agus leanfaimid leis an gclár seo iniúchtaí in 2017.

### PeoplePoint

Soláthraíonn PeoplePoint seirbhís acmhainní daonna agus seirbhís chomhroinnte phinsean do chomhlachtaí seirbhíse poiblí, a bhainistíonn sonraí os cionn 35,000 státseirbhíseach. I gcomhthéacs an ollmhéid sonraí pearsanta a próiseáladh trí ionad seirbhíse comhroinnte PeoplePoint, tugadh faoi iniúchadh ar PeoplePoint i mBealtaine 2016. Dhírigh an t-iniúchadh go príomha ar sháruithe ar shonraí i ngeall ar an ardlíon sáruithe a chuir PeoplePoint in iúl don CCS in 2015 agus in 2016. Ar an iomlán, chuir an tAonad um Shárú ar Shonraí 163 sárú in iúl, i gcomparáid le 155 sárú a cuireadh in iúl in 2015.

Bhain an Fhoireann Chigireachta an tátal as gur tharla tromlach mór na sáruithe ar shonraí laistigh den eagraíocht mar thoradh ar earráidí riaracháin dhaonna. Ar an iomlán, mheas an Fhoireann nárbh ann do leibhéal inghlactha d'fheasacht ar phrionsabail um chosaint sonraí, go ginearálta, laistigh de PeoplePoint nuair a chuirtear an líon sáruithe san áireamh a bhí á dtuairisciú ag PeoplePoint leis an CCS. Glacaimid leis, ar a shon sin, gur tharla tromlach mór na sáruithe ar shonraí trí shonraí, ar le comhlacht earnála poiblí amháin iad, a eisiúint go hearráideach d'oifigeach/oifigigh acmhainní daonna i gcomhlacht seirbhíse poiblí eile, agus rialaítear gach oifigeach acmhainní daonna atá i gceist faoin Acht um Rúin Oifigiúla.

Príomhthátal i dtaobh ár dtorthaí de ná cé gur cuireadh beartais ardleibhéil i bhfeidhm ar rialachas sonraí, níor bhain dóthain díobh seo leibhéal oibríochtúil amach. Measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach go dtéitear i mbun bearta soiléire in PeoplePoint lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann ról PeoplePoint i gceart nuair a bhíonn gach scéim á riar acu. Ar an ábhar sin, tugadh chun solais sa tuarascáil iniúchta an gá atá le hoiliúint níos déine don fhoireann, go ginearálta, maidir le saincheisteanna um chosaint sonraí, anuas ar dhíriú ar an ról um chosaint sonraí maidir le saincheisteanna acmhainní daonna maidir le sáruithe roimhe seo. Beartaíonn an Oifig chun monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar an líon sáruithe a tuairiscíodh in 2017 agus chun gníomh athleantach a dhéanamh dá bharr.

### Laya Healthcare agus Vhi

In 2016, fuaireamar faisnéis ó chleachtas dochtúra ghinearálta faoi iarraidh a fuair siad ó árachóir sláinte inar lorgaíodh taifid áirithe leighis othair a luaigh alt 4 (iarrataí ar rochtain) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus ina raibh seic arbh fhiú ¤6.35 é faoi iamh.

Thugamar faoi iniúchtaí ar Laya agus Vhi agus chuireamar in iúl don dá eagraíocht go mb'fhéidir nach bhfuil iarrataí ar rochtain faoi alt 4 a dhéanamh ar chleachtóir leighis maidir le héileamh árachas sláinte a bheith i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí (fiú má thug an t-ábhar sonraí toiliú sínithe). Go ginearálta, níor cheart do dhaoine aonair iarrataí ar rochtain faoi Alt 4 a bhfuil cóipeanna dá sonraí pearsanta á lorg acu dá riachtanais féin, seachas riachtanais tríú páirtí i gcomhthéacs tráchtála nó eile. Is é an chúis atá leis seo ná gur gá go mbíonn duine aonair in ann smacht a bheith acu ar cén sonraí dá gcuid sonraí pearsanta a thugann siad don árachóir, seachas an baol a bheith orthu go ndéanfaí a gcomhad iomlán leighis a nochtadh gan ghá.

Leanfaimid ar aghaidh leis an gclár iniúchtaí seo in 2017.

**Príomhthátal i dtaobh ár dtorthaí de ná cé gur cuireadh beartais ardleibhéil i bhfeidhm ar rialachas sonraí, níor bhain dóthain díobh seo leibhéal oibríochtúil amach.**

## Torthaí Iniúchta

I measc na dtéamaí a sainaithníodh in iniúchtaí 2016, tá an méid seo a leanas:

### 1. UPSP á lorg ag Fostóirí

Níor cheart go lorgódh fostóir UPSP fostaí ionchasaigh ach má éiríonn leo sa phróiseas earcaíochta agus má bhíonn siad ag glacadh le fostaíocht leis an eagraíocht. Cé go dteastaíonn UPSP gach fostaí ón bhfostóir ar mhaithe le cuspóirí na gCoimisinéirí Ioncaim, níl bonn ar bith ann go mbaileodh fostóir UPSP iarrthóra ag céim an iarratais.

### 2. Sonraí a Choinneáil

Foráiltear in Alt 2(1)(c) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 nach gcoimeádfaidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá don chuspóir a fuarthas iad. Agus na tréimhsí oiriúnacha coinneála á ndeimhniú le haghaidh faisnéis phearsanta, ní mór do rialaitheoirí sonraí an aird cheart a thabhairt ar aon oibleagáidí reachtúla. Má cuireadh stop leis an gcuspóir lena bhfuarthas an fhaisnéis agus mura dteastaíonn an fhaisnéis phearsanta, ní mór na sonraí a scriosadh nó a dhiúscairt ar bhealach slán.

### 3. Slándáil sonraí íogair

Nuair a bhíonn sonraí pearsanta íogair á bpróiseáil ag eagraíocht, sonraí leighis, mar shampla, ba cheart go mbeadh na caighdeáin chuí slándála i bhfeidhm ag gach tráth. Caithfidh eagraíochtaí a chinntiú dóibh féin go dtugtar faoi na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta i gcomhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus go gcoimeádtar na sonraí go slán. D'fhéadfadh córas maoirseachta inmheánaí a bheith i gceist leis seo, ar nós athbhreithniú slándála.

### 4. Beartas agus comharthaíocht CCTV

Má tá machnamh á dhéanamh ag eagraíocht ar CCTV a úsáid, ar cheann de na príomhriachtanais ba cheart a shásamh na trédhearcacht an chórais. Ceanglaítear in Alt 2D de na hAchtanna go soláthraítear faisnéis áirithe ríthábhachtach d'ábhar sonraí sula dtaifeadtar aon sonraí pearsanta, an cuspóir san áireamh dá bhfuil an córas á oibriú agus aitheantas an rialaitheora sonraí. Baintear seo amach trí bheartas doiciméadaithe CCTV a bheith ann agus trí chomharthaí soléite agus atá dea-shoilsithe a chur in airde in áiteanna feiceálacha.

### 5. Úsáid neamhdhleathach a bhaint as iarrataí ar rochtain ar ábhar a forfheidhmíodh

I gcaitheamh 2016, lean an Oifig ag teacht ar chásanna inar bhain eagraíochtaí úsáidí míchuí as iarrataí ar rochtain ag ábhar. Tá sé in aghaidh an dlí má iarrann fostóirí ar fhostaithe nó ar iarratasóirí ar fhostaíocht chun iarraidh ar rochtain faoi alt 4 a dhéanamh ar rialaitheoir sonraí, ar nós an Gharda Síochána agus cóip a lorg d'aon sonraí pearsanta a cuireadh i dtaifead fúthu, a chuirtear ar fáil, ina dhiaidh sin, don fhostóir nó don fhostóir ionchasach.

### 6. Cuntais úsáideora an chórais ríomhaire

Nuair a bhogann fostaí laistigh d'eagraíocht nó nuair a fhágann sé/sí eagraíocht, caithfear na cearta rochtana a bhíonn acu ar na córais éagsúla ríomhaire a leasú nó a chealú. Ba cheart go mbeadh nós imeachta scríofa ag gach eagraíocht atá i bhfeidhm chun cuntais an chórais atá imithe as feidhm a shainaithint agus a dhíchumasú. Is minic go dtugtar 'beartas do ghluaisneoirí, fágálaithe agus daoine a ghlac ballraíocht' air seo.

### 7. Slándáil socruithe poist

Féadfaidh buarthaí slándála eascairt as socruithe ad hoc chun post agus cáipéisí eile a sheachadadh chuig limistéir fáiltithe gnólachta. Mar shampla, ní mheasfaí go mbeadh bosca cairtchláir a úsáidtear mar áit chun an post a leagan ann agus a fhágtar i limistéar fáiltithe slán. Ba cheart comhfhreagras poist atá á sheachadadh chuig limistéar forhalla nó fáiltithe eagraíochta a choimeád slán amach as radharc an phobail i gcoitinne. Tá saincheisteanna eile tagtha chun solais, chomh maith maidir le seoltaí cruinne agus cothroma le dáta a bheith á gcoimeád ag eagraíochtaí do chustaiméirí.

### 8. Margaíocht

Caithfear seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha guthán póca ar chuspóirí margaíochta a bhailiú agus a úsáid i gcomhlíonadh na rialachán margaíochta (IR 336 de 2011). Caithfidh eagraíochtaí a chinntiú go bhfuair siad toiliú ón duine aonair chun margaíocht a fháil agus caithfidh rogha díscríofa a bheith ar fáil i ngach cumarsáid. Is féidir leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí imeachtaí achomair le haghaidh ciona faoi IR 336 de 2011) a thionscnamh.

Mar fhreagairt ar thorthaí ar nós iad seo, déanann an fhoireann iniúchóireachta moltaí dea-chleachtais, tugann sí treoir láithreach bonn d'eagraíocht chun dul i mbun gníomh ar leith nó tugann sí cuntas ar amfhráma ar cheart beartas ceartaithe a dhéanamh laistigh de.

# Dlíthiúil

## Bunú na feidhme dlíthiúla lárnaithe inmheánaí

Chonacthas bunú aonaid dlíthiúil lárnaithe laistigh den CCS sa bhliain 2016 trí earcú aturnae shinsearaigh le saineolas sa dlíthíocht agus sa chosaint sonraí mar Cheann Dlíthiúil ag leibhéal an Leas-Choimisinéara. Is mar chuid dár bplean leanúnach d'fhorbairt an CCS, is amhlaidh a bheidh an t-aonad ag formhéadú thar an gcéad bhliain eile mar ghné dár gclár earcaíochta don bhliain 2017. Cé go n-oibreofar an fheidhm dhlíthiúil lárnach go cothrománach chun tacaíocht a sholáthar thar gach ceann dár ngníomhaíochtaí, is amhlaidh a leanfaidh roinnt dlíodóirí (aturnaetha agus abhcóide) i measc na foirne reatha chomh maith leis an bhfoireann le cáilíochtaí dlíthiúla acadúla ag saothrú laistigh dár bhfoirne feidhmiúla go léir (imscrúduithe, iniúchóireacht, comhairliúchán). Is í an fheidhm dhlíthiúil lárnaithe a bhainisteoidh gach cineál dlíthíochta ina mbíonn an CCS gafa, agus a chinnteoidh comhéadan comhsheasmhach leis na foirne dlíthiúla in údaráis chosanta sonraí eile an AE chun dlí comhchuibhithe nua GDPR a fhorfheidhmiú.

## Comhairleoirí dlíthiúla seachtracha

Lean an Coimisiún ar aghaidh sa bhliain 2016 le hionadaíocht sa dlíthíocht ó Philip Lee Solicitors, agus chun comhairle agus seirbhísí dlíthiúla seachtracha a fháil uathu, a ceapadh de bhun próisis tairisceana oscailte sa bhliain 2015.

## Seoladh bhunachar sonraí na mbreithiúnas

Ba mhar chuid dár bhfeachtas leanúnach chun an trédhearcacht agus an fhaisnéis is infhaighte don phobal i leith ár ngníomhaíochtaí a mhéadú, a seoladh Bunachar Sonraí na mBreithiúnas ar ár láithreán gréasáin i mí na Nollag 2016. Is éard is cuspóir leis an tionscadal seo ná chun cur ar chumas na ngeallsealbhóirí agus ar dhaoine den phobal chun rochtain a fháil ar bhreithiúnais scríofa (lena n-áirítear breithiúnais nach bhfoilsítear ar líne, .i. breithiúnais na Cúirte Cuarda) i gcásanna a raibh an Coimisinéir mar pháirtí leo, agus chun feasacht a spreagadh i leith na dlí-eolaíochta náisiúnta agus Eorpaí i mbéal forbartha um chosaint sonraí agus cúrsaí príobháideachais. Is tionscadal leanúnach é seo, agus leanfaimid ar aghaidh ag tiomsú breithiúnas ó na blianta a chuaigh thart agus freisin chun breithiúnais nua a fhoilsiú de réir mar a sheachadtar iad.

## Ionchúisimh choiriúla

Ghlac an Coimisinéir ionchúisimh sa bhliain 2016 i leith réimse cionta a rinneadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 agus faoi I.R. 336 de 2011 (dá dtagraítear go minic mar na "Rialacháin ríomh-Phríobháideachais").

Ionchúisíodh naoi n-aonán trí chéile as cionta a bhain leis na rialacha um margaíocht leictreonach de réir na Rialachán ríomh-Phríobháideachais. Cuireadh cúig chúis is daichead ar leithligh ar fud na naoi dtacar ionchúiseamh úd. Áirítear mionsonraí na n-ionchúiseamh le cuid na gCás-Staidéar (Aguisín 2).

**9 Ionchúisíodh naoi n-aonán**

trí chéile as cionta a bhain leis na rialacha um margaíocht leictreonach de réir na Rialachán ríomh-Phríobháideachais. Cuireadh cúig chúis is daichead ar leithligh ar fud na naoi dtacar ionchúiseamh úd.

## Cás-Staidéar 4

### Ionchúiseamh Yourtel Limited ar Chionta Margaíochta

Fuaireamar gearán i mí na Nollag 2014 ó dhuine aonair a fuair glaonna gutháin mhargaíochta ó Yourtel Limited, soláthraí seirbhíse gutháin a tháinig chun margadh na hÉireann sa bhliain 2013, tar éis dó treoir a thabhairt don chomhlacht le linn glao roimhe sin gan glao air in athuair. Chuir an gearánaí in iúl dúinn gur bhain na glaonna le tairiscint chun malartú idir soláthraithe seirbhíse gutháin.

Fuarthas gearán ar leithligh i mí Feabhra na bliana 2015 thar ceann duine aonair eile a fuair glaonna gutháin mhargaíochta ó Yourtel Limited tar éis dó treoir a thabhairt don chomhlacht le linn glao margaíochta chomhchosúil Oíche Nollag 2014 gan glao ar a uimhir in athuair. Bhain na glaonna margaíochta chuig an duine aonair sin le malartú idir soláthraí seirbhíse gutháin freisin.

D'admhaigh Yourtel Limited go ndearnadh glaonna gutháin mhargaíochta le linn ár n-imscrúdaithe ar na gearáin úd. Mhaígh sé gur bhlocáil sé na huimhreacha gutháin ó fháil tuilleadh glaonna margaíochta tráth an ghlao dheireanaigh i ngach aon chás nuair a thug na daoine i gceist le fios dó nár theastaigh uathu go ndéanfaí teagmháil leo chun cuspóirí margaíochta. Níor ghlac sé leis i gceachtar den dá chás gur choinnigh sé air ag glaoch ar na daoine aonair tar éis dóibh treoir a thabhairt do Yourtel Limited gan glaoch orthu arís.

Chinn an Coimisinéir um Chosaint Sonraí chun na cionta a ionchúiseamh óir gur tháinig Yourtel Limited chun airde dúinn roimhe sin sa bhliain 2014 de bhun gearáin faoi ghlao gutháin mhargaíochta a dhéanamh chuig uimhir ghutháin a bhí taifeadta i gClár Díliostála an Bhunachair Eolaire Náisiúnta (BEN). Thugamar foláireamh don chomhlacht tar éis imscrúdú an ghearáin úd gur dhócha go mbeadh ionchúiseamh i ndán dó dá ndéanfadh sé cionta breise faoi Rialachán 13 de I.R. 336 de 2011 (ar ar tugadh na Rialacháin ríomh-Phríobháideachais) ag tráth ar bith ina dhiaidh sin.

Phléadáil Yourtel Limited ciontach in dá chúis os comhair Chúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 21 Eanáir 2016 i leith dhá ghlao gutháin mhargaíochta gan iarraidh a dhéanamh tar éis don bheirt dhaoine ar ghlaoigh sé orthu fógra a thabhairt don chomhlacht nár thoiligh siad d'fháil na nglaonna úd. Chiontaigh an Chúirt an comhlacht sa dá chúis, agus ghearr sí dhá fhíneáil €2,500 an ceann air. D'aontaigh an cosantóir chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a chumhdach.

Maidir leis na hionchúisimh a rinneadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ionchúisíodh duine amháin i gcionta faoi Alt 22, ionchúisíodh comhlacht amháin i gcionta faoi Ailt 19(4) agus 22 araon, agus ionchúisíodh stiúrthóir leis an gcomhlacht úd i gcionta faoi Alt 29. Bhain dhá chéad agus trí chúis déag ar leithligh leis na trí ionchúiseamh úd san iomlán. Is sa chuid a bhaineann lenár nAonad um Imscrúduithe Speisialta agus sna Cás-Staidéir le hAguisín 2 a leagtar amach sonraí na n-ionchúiseamh úd.

## Fógraí Forfheidhmithe Reachtúla

Faoi Chuid 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, má mheasann an CCS go bhfuiltear ag sárú nó gur sáraíodh na hAchtanna, féadfaidh an CCS fógra forfheidhmithe a eisiúint ag treorú don duine/aonán lena mbaineann chun cibé céim a ghlacadh agus ar riachtanach iad san fhógra forfheidhmithe, laistigh den tráthchlár sonraithe. Is cion é chun mainneachtain chun cloí le ceangaltas i bhfógra forfheidhmithe faoi na hAchtanna ar féidir an CCS imeachtaí ionchúisimh a thabhairt ina choinne.

Leagtar amach thíos mionsonraí an dá fhógra forfheidhmithe arna n-eisiúint ag an CCS i rith na bliana 2016. Ní eisítear fógraí forfheidhmithe ach amháin mar a mbíonn mainneachtain sheasmhach ag duine/aonán chun dul i ngleic leis an CCS agus/nó chun cloí le treoir ón CCS. Téann móramh mór na rialtóirí agus na bpróiseálaithe sonraí i ngleic linn go saorálach, agus cloíonn lenár dtreoracha gan aon riachtanas ar an CCS chun beart forfheidhmithe foirmiúil a ghlacadh ach fógra forfheidhmithe reachtúil a eisiúint. I gcás an dá fhógra forfheidhmithe a eisíodh i rith na bliana 2016, chloígh an rialtóir sonraí i gceist ina dhiaidh sin leis na hábhair a sonraíodh san fhógra forfheidhmithe faoi seach.

## Fógraí Forfheidhmithe a eisíodh sa bhliain 2016

| Rialtóir sonraí | Saincheisteanna Neamh-chomhlíonta |
|---|---|
| **1.** Joe Curran t/a Joe Curran Commercials, Oldcastle, Co Meath | Alt 4(1) (iarratas rochtana) |
| **2.** Antoinette McMahon, McMahon & Co. Solicitors, Woodquay, Galway | Alt 4(1) (iarratas rochtana) |

## Fógraí Faisnéise Reachtúla

Faoi réir Alt 12 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, is féidir leis an CCS fógra faisnéise a eisiúint ag cur iallaigh ar dhuine/aonán chun an fhaisnéis shonraithe a theastaíonn chun is go bhfeidhmeoidh an CCS a cuid feidhmeanna i scríbhinn laistigh den tráthchlár sonraithe. Is cion é faoi na hAchtanna chun mainneachtain chun cloí le fógra faisnéise, nó chun faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt mar fhreagra ar fhógra forfheidhmithe faoi na hAchtanna ar féidir leis an CCS imeachtaí ionchúisimh a thabhairt ina choinne.

Dréachtaíodh roinnt fógraí faisnéise sa bhliain 2016 lena n-ullmhú dá seirbheáil ar rialtóirí sonraí éagsúla, ach níorbh éigean ceann ar bith acu a eisiúint sa deireadh thiar, óir gur fhreagair na rialtóirí sonraí i gceist go dearfach i ngach aon chás nuair a tugadh comhairle dóibh go raibh beart foirmiúil leis an CCS ar na bacáin.

## Achomhairc Reachtúla agus Athbhreithnithe Breithiúnacha

B'fhreagróir/chosantóir é an Coimisinéir i rith na bliana 2016 i leith na dtacar imeachtaí Cúirte seo a leanas:

### Achomharc leis an gCúirt Uachtarach i gcás Nowak v. An Coimisinéir Cosanta Sonraí [2016] IESC 18 (breithiúnas tugtha an 28 Aibreán 2016 le O'Donnell J.)

Ba é an duine ab ábhar do na sonraí a thug an t-achomharc sin chun na Cúirte Uachtaraí, tar éis teip air sna hachomhairc roimhe sin chun na Cúirte Cuarda, na hArd-Chúirte agus na Cúirte Achomhairc maidir le láimhseáil a ghearáin ag an gCoimisinéir.

Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach an cheist nóis imeachta an bhfuil ceart chun achomhairc ann faoi réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ag duine a rinne gearán chun an Choimisinéara, ach gur chinn an Coimisinéir gan an gearán sin a imscrúdú ar an bhforas a leagadh amach in Alt 10(1)(b) .i. mar a mbíonn an Coimisinéir "den tuairim gur baoth nó cráiteach é". D'aisiompaigh an Chúirt Uachtarach cinntí na Cúirte Cuarda, na hArd-Chúirte agus na Cúirte Achomhairc i leith na ceiste seo, agus chinn gurb ann do cheart chun achomhairc sna cúinsí úd i gcoinne cinnidh leis an gCoimisinéir gan an gearán a imscrúdú.

Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach freisin an cheist shubstainteach um an dlí cosanta sonraí ar sonraí pearsanta í script scrúdaithe um scrúdú cuntasaíochta gairmiúil, (ar fhéach an t-achomharcóir le rochtain a fháil faoi iarratas rochtana) laistigh de bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Chinn an Coimisinéir roimhe sin nár shonraí pearsanta a bhí sa script scrúdaithe i gceist, agus seasadh leis sin ag gach ceann de na cúirteanna íochtaracha ar tugadh achomharc chucu leis an duine ab ábhar do na sonraí. Chinn an Chúirt Uachtarach ámh gur faoin dlí Eorpach é sa deireadh thiar, agus tharchuir ceisteanna i leith na saincheiste chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhair réamhrialaithe. Tá an tarchur sin fós ar feitheamh agus is í C-434/16 an chástagairt sa Chúirt Bhreithiúnais don tarchur féin.

### Athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Choimisinéara gan éisteacht ó bhéal a reáchtáil i gcás Martin v An Coimisinéir Cosanta Sonraí [2016] IEHC 479 (breithiúnas tugtha an 10 Lúnasa 2016 le Haughton J.)

Bhain iarratas ar athbhreithniú breithiúnach leis an gcás seo, arna thabhairt ag duine is ábhar do shonraí a d'fhéach i measc nithe eile chun ordú mandamus a fháil ag treorú don Choimisinéir chun éisteacht ó bhéal a stiúradh chun coinbhleacht fianaise a fhuascailt, ar choinbhleacht é a tháinig aníos i gcaitheamh imscrúdaithe ar ghearán a rinne an duine ab ábhar do na sonraí. Cé gur dhearbhaigh Haughton J. nár bhain an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach le hábhar de bharr fáthanna nóis imeachta áirithe, léirigh sé tuairim na Cúirte i leith na príomhcheiste an mbíonn an chumhacht ag an gCoimisinéir faoi réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 nó faoi réir dhlí an AE chun éisteacht ó bhéal a stiúradh. Tháinig Haughton J. chun na conclúide nach gcuirtear iallach ná nach gcumhachtaítear an Coimisinéir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ná leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí go neamhbhalbh nó trí impleacht chun éisteacht ó bhéal a stiúradh i ndáil leis na gearáin a tugadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Dhearbhaigh an Chúirt freisin nach ndeonaítear cumhacht bhunúsach ar an gCoimisinéir le riachtanais an cheartais aiceanta agus bhunreachtúil, chun éisteacht ó bhéal a stiúradh fiú féin i gcúinsí mar a mbíonn aighneas fíorasach i ndáil le sárú líomhnaithe de na hAchtanna um Chosaint Sonraí.  Chinn Haughton J. go bhféadfadh an duine ab ábhar do na sonraí achomharc a thabhairt i gcoinne chinneadh an Choimisinéara chun na Cúirte Cuarda, agus go bhféadfaí an rialtóir sonraí a chur mar pháirtí fógra leis an gcás úd a ndearnadh an gearán ina gcoinne. Thabharfaí éisteacht ó bhéal don duine ab ábhar do na sonraí agus fuascailt an aighnis fhíorasaigh i gceist leis an bpróiseas sin.

### Achomharc reachtúil i gcoinne chinneadh an Choimisinéara maidir le gearán i ndáil le hiarratas ar dhíliostáil ó thoradh cuardaigh idirlín i gcás Savage v An Coimisinéir Cosanta Sonraí, An Chúirt Chuarda, Uimhir Thaifid 2015/02589 (breithiúnas tugtha ag Sheahan J. An 11 Deireadh Fómhair 2016

Thug an duine ab ábhar do na sonraí achomharc chun na Cúirte Cuarda sa chás seo i gcoinne chinneadh an Choimisinéara i leith a ghearáin i gcoinne Google. Tháinig an gearán chun an Choimisinéara ó dhiúltú Google d'iarratas an duine ab ábhar do na sonraí chun nasc le leathanach gréasáin (i gcomhair fóraim phlé) a bhaint síos. Ba é cinneadh an Choimisinéara nár tharla aon sárú ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, óir gur chruinn é an nasc leis an leathanach gréasáin sa mhéid agus gur fheidhmigh sé mar thuairim an duine ab ábhar do na sonraí a léirigh úsáideoir an fhóraim phlé, seachas bheith ina fhíoras dearbhaithe. Sheas an Chúirt Chuarda le hachomharc an duine ab ábhar do na sonraí ar bhunús gur dealraíodh fíoras dearbhaithe leis an nasc leathanaigh ghréasáin, agus dá réir nach raibh sé cruinn toisc nár léir ón nasc go raibh an bunphostálaí ag cur a dtuairime in iúl.

## Dlíthíocht maidir le Clásail Chonarthacha Caighdeánacha

Chuir an Coimisinéir tús le nósanna imeachta an 31 Bealtaine 2016 in Ard-Chúirt na hÉireann, ag lorg tagartha do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i ndáil le bailíocht na "gclásal conarthach caighdeánach" (CCCí). Is meicníocht iad na CCCí, arna bunús ag cinneadh Choimisiún an AE, faoinar féidir sonraí pearsanta a aistriú ón AE chuig SAM i láthair na huaire. Ghlac an Coimisinéir na himeachtaí sin i gcomhréir leis an nós imeachta ar rialaigh an CBAE roimhe seo (ina breithiúnas 6 Deireadh Fómhair 2015 lenar cuireadh ar ceal córas aistrithe sonraí pearsanta Tearmainn idir an tAE agus SAM) go gcaithfidh údarás cosanta sonraí an AE cloí leo mar a dtugann an duine is ábhar do na sonraí gearán maidir le hionstraim an AE.

### Cúlra

Tagann bunús na n-imeachtaí ar ghlac an Coimisinéir leo sa bhungheárán a tugadh don Choimisinéir i mí an Mheithimh 2013 faoi Facebook leis an Uas. Maximillian Schrems maidir le haistriú sonraí pearsanta ag Facebook Ireland chuig a mháthairchuideachta, Facebook Inc. Thall i SAM. Bhí an tUas. Schrems buartha go raibh gníomhaireachtaí slándála stáit SAM ag fáil rochtana go mídhleathach ar a chuid sonraí pearsanta toisc go rabhthas ag aistriú a chuid sonraí pearsanta ó Facebook Ireland chuig Facebook Inc. Tháinig imní an Uas. Schrem aníos i bhfianaise ar nocht Edward Snowden maidir le clár ar ar tugadh "PRISM" air, a mhaítear bheith á oibriú ag Gníomhaireacht Slándála Náisiúnta SAM. Dhiúltaigh an Coimisinéir (ag an am) chun an gearán sin a imscrúdú leis na forais gur bhain sé le cinneadh Choimisiún an AE (lenar bunaíodh córas na dTearmann chun sonraí a aistriú idir an tAE agus SAM) agus go mb'éigean dó faoin dlí náisiúnta reatha agus faoi dhlí an AE chun an t-achomharc a chur chun feidhme. Thug an tUas. Schrems caingean i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach i gcoinne chinneadh an Choimisinéara, agus go ndearnadh tagairt do CBAE in Ard-Chúirt na hÉireann mar thoradh air sin

### Nós imeachta na CBAE i leith gearán maidir le cinntí Choimisiún an AE

Soiléiríodh le rialú na CBAE an 6 Deireadh Fómhair 2015 sa chás go ndéantar gearán chuig údarás cosanta sonraí an AE lena mbaineann éileamh gur neamh-chomhoiriúnach é cinneadh le Coimisiún an AE le cosaint an phríobháideachais agus le bunchearta agus le bunsaoirsí, nach foláir don údarás cosanta sonraí ábhartha an gearán sin a imscrúdú. Rialaigh CBAE má mheasann an t-údarás cosanta sonraí go bhfuil údar maith leis an ngearán, nach mór dó nósanna imeachta dlíthiúla a thabhairt os comhair na Cúirte náisiúnta, agus má bhíonn an t-amhras céanna ag an gCúirt náisiúnta maidir le bailíocht chinneadh Choimisiún an AE, go gcaitheann an Chúirt náisiúnta tagairt a dhéanamh don CBAE ansin i gcomhair réamh-rialaithe i leith na bailíochta.

### Dréachtchinneadh an Choimisinéara

Tar éis chur ar ceal an chórais aistrithe sonraí Tearmainn, d'athfhoirmligh agus chuir an tUas. Schrems a ghearáin isteach in athuair chun an imeacht sin a thabhairt san áireamh, agus d'aontaigh an Coimisinéir chun dul ar aghaidh ar bhunús an ghearáin athfhoirmlithe sin. Scrúdaigh an Coimisinéir ansin gearán an Uas. Schrem i bhfianaise airteagail áirithe de Chairt an AE um Chearta Bunúsacha, eadhon Airteagal 7 (an ceart d'urraim ar an saol príobháideach agus teaghlaigh, baile agus cumarsáid), Airteagal 8 (ceart gach duine ar chosaint a sonraí pearsanta) agus Airteagal 47 (ceart ar leigheas éifeachtach mar a sáraítear na cearta agus na saoirsí arna ráthú le dlí an AE). I gcaitheamh imscrúdú gearáin athfhoirmlithe an Uas. Schrem, fuair an Coimisinéir amach go gcoinníonn Facebook Ireland orthu ag aistriú sonraí pearsanta chuig Facebook Inc. thall i SAM i dtuilleamaíocht den chuid is mór ar úsáid na CCCí. Ag éirí as a himscrúdú ar ghearán athfhoirmlithe an Uas. Schrem, tháinig an Coimisinéir chun na réamhthuairime (mar a léiríodh i ndréachtchinneadh an 24 Bealtaine 2016 agus faoi réir fháil a thuilleadh aighneachtaí ó na páirtithe) go raibh údar maithe le gearán an Uas. Schrem. Bhí sé sin bunaithe ar dhréachtchinneadh an Choimisinéara nach mbíonn leigheas dlíthiúil comhoiriúnach le hAirteagal 47 den Chairt ar fáil i SAM do shaoránaigh an AE a n-aistrítear a sonraí chuig SAM, mar a bhféadfaidís bheith i mbaol a rochtana agus a bpróiseála ag gníomhaireachtaí Stáit SAM chun cuspóirí slándála náisiúnta ar bhealach atá neamhchomhoiriúnach le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt. Tháinig an Coimisinéir chun na réamhthuairime nach dtugtar aghaidh sna CCCí ar an easpa leighis éifeachtaigh sin ar comhoiriúnach le hAirteagal 47 é, agus gur dócha go sáróidh na CCCí iad féin dá réir Airteagal 47 sa mhéid agus go mbíonn siad ceaptha chun aistriú sonraí pearsanta shaoránaigh an AE chuig SAM a dhlisteanú.

## Na hImeachtaí agus an Éisteacht

Chuir an Coimisinéir tús dá réir le himeachtaí dlíthiúla in Ard-Chúirt na hÉireann ag lorg dearbhú i leith bhailíocht chinntí Choimisiún an AE maidir le CCCí, agus réamhthagairt do CBAE i leith na saincheiste sin. Níor lorg an Coimisinéir faoiseamh sonrach ar bith sna himeachtaí i gcoinne Facebook Ireland ná an tUas. Schrems. Ainmníodh an bheirt acu mar pháirtithe leis na himeachtaí ámh chun an deis a thabhairt dóibh (cé nár oibleagáid í) chun bheith lán-rannpháirteach toisc go rachaidh toradh na n-imeachtaí i bhfeidhm ar mhachnamh an Choimisinéara faoi ghearán an Uas. Schrem i gcoinne Facebook. Roghnaigh an bheirt pháirtithe chun bheith lán-rannpháirteach sna himeachtaí. Rinne deichniúr páirtithe leasmhara iarratas freisin chun bheith mar amicus curiae ("cairde na cúirte") leis na himeachtaí, agus rialaigh an Chúirt go gcuirfí ceathrar den deichniúr bpáirtithe úd (Rialtas SAM, BSA Business Software Alliance, Digital Europe agus EPIC) mar amici.

Tharla éisteacht na n-imeachtaí os comhair Ard-Chúirt na hÉireann (Rannán Tráchtála) thar 21 lá i míonna Feabhra agus an Mhárta 2017. Táthar tar éis an breithiúnas a fhorchoimeád, agus níor tugadh faoin tráth a cuireadh i gcló é, níor tugadh tásc ar bith faoin tráth a thabharfar an breithiúnas.

## Dúshlán i gcoinne neamhspleáchas na TCC

Cuireadh tús le himeachtaí san Ard-Chúirt i gcoinne an Stáit agus an Ard-Aighne i mí na Samhna 2015 le Digital Rights Ireland Limited (DRI), ag éileamh gurb é an Stát atá ag sárú a oibleagáidí faoi dhlí an AE mar gheall ar an bhfíoras nach údarás neamhspleách é an Coimisinéir de réir mar a theastaíonn faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí (Treoir 95/46/CE). Tá DRI ag lorg dearbhuithe éagsúla ón Ard-Chúirt, agus tagartha más gá chuig an CBAE i leith ceisteanna sonraithe áirithe ag éirí as na héilimh a thug an DRI go bhfuil easpa neamhspleáchais ag an gCoimisinéir. Níor ainmníodh an Coimisinéir mar pháirtí leis na himeachtaí úd. Leanadh ar aghaidh le hidirmhalartú na bpléadálacha i rith na bliana 2016, agus tuigeann an Coimisinéir go bhfuil an Stát ag cosaint ina n-iomláine na n-éileamh ag an DRI.

## Forbairt Reachtúla an AE

Chonacthas forbairtí ríshuntasacha sa bhliain 2016 in éabhlóid chreatlach dhlíthiúil an AE um chosaint sonraí le bailchríochnú agus le glacadh dhá ionstraim dhlíthiúla atá deartha chun córas rialaitheach reatha ar fud an AE um chosaint sonraí a athchóiriú ó bhonn. Is iad seo An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí d'Údaráis Phóilíneachta agus Ceartais Choiriúil.

## An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

D'fhoilsigh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an AE téacs críochnaithe an RGCS (Rialachán (AE) 2016/679) an 27 Aibreán 2016. Beidh feidhm leis an RGCS ar fud gach ballstát den AE ó 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh. Is amhlaidh go comhuaineach le tosach feidhme iarratas an RGCS an 25 Bealtaine 2018, a aisghairfear dlí reatha an AE um chosaint sonraí, an Treoir maidir le Cosaint Sonraí (Treoir 95/46/CE). Leagtar béim sa RGCS ar thrédhearcacht, slándáil agus freagracht le rialtóirí sonraí, agus déantar ceart na saoránach Eorpach ar phríobháideachas sonraí a chaighdeánú agus a neartú ag an am céanna.

## Treoir maidir le Cosaint Sonraí d'Údaráis Phóilíneachta agus Ceartais Choiriúil

Fágtar próiseáil na sonraí pearsanta chun cuspóirí forfheidhmithe dlí ar lár go neamhbhalbh ó raon feidhme an RGCS. Is amhlaidh ámh in éineacht le glacadh an RGCS, tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach tar éis glacadh freisin le Treoir (Treoir (AE) 2016/680) chun críocha rialáil phróiseáil na sonraí pearsanta ag údaráis forfheidhmithe dlí chun críocha chosc, imscrúdú, bhrath nó ionchúiseamh na gcionta coiriúla nó chur i bhfeidhm na bpionós coiriúil agus shaorghluaiseacht na sonraí úd. Aisghairfear leis an treoir freisin Cinneadh Réime na Comhairle 2008/977/JHA um chosaint sonraí pearsanta arna bpróiseáil i gcreatlach an chomhoibrithe phóilíneachta agus bhreithiúnaigh i gcúrsaí coiriúla. Teastaíonn trasuíomh na hionstraime sin sa dlí náisiúnta mar threoir. Tabharfar an próiseas trasuite ag na Ballstáit chun críche faoi 6 Bealtaine 2018.

## Dréacht-Rialachán um Príobháideachas Leictreonach

Ba mar chuid d'athchóiriú ó bhonn na creatlaí reatha dlíthiúla um chosaint sonraí de chuid an AE, a foilsíodh dréachtrialachán inar leagadh amach rialacha nua um príobháideachas sa chumarsáid leictreonach an 10 Eanáir 2017 (COM/ 2017/010/ final). Ba é cuspóir an dréachtrialacháin ná chun na rialacha reatha um príobháideachas sa chumarsáid leictreonach a ailíniú (arna leagan amach faoi láthair le Treoir 2002/58/ CE (arna leasú le Treoir 2006/24/CE agus le Treoir 2009/136/CE) agus ar a dtugtar an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas) leis an RGCS. Caithfidh an dréachtrialachán dul trí phróiseas ceaptha reachtaíochta an AE, ach aisghairfear leis an Treoir reatha maidir le ríomh-Phríobháideachas ach a mbeidh téacs deiridh an rialacháin faofa agus foilsithe. Tá Coimisiún an AE tar éis moladh go dtiocfaidh an Rialachán ríomh-Phríobháideachais nua i bhfeidhm ó 25 Bealtaine 2018.

## Gníomhú um reachtaíocht RGCS

Is rialachán de chuid an AE é RGCS, arb í an ionstraim dlí is infheidhmithe atá ceangailteach ina n-iomláine agus lena mbaineann feidhm ar fud an AE. Is amhlaidh dá réir a thugtar aghaidh go díreach sa RGCS ar eagrais lena bpróiseáiltear sonraí pearsanta, i dtéarmaí na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis, agus daoine aonair freisin, i dtéarmaí na gceart a bhronntar orthu leis. Cé nach gnách go dteastaíonn trasuíomh intíre ó rialachán chun is go mbeidh feidhm leis mar an dlí i mballstáit an AE, tá roinnt forálacha sa RGCS ina gceadaítear do bhallstáit nó nach foláir dóibh imeall teoranta rogha a chleachtadh maidir le feidhmiú forála faoi leith. Teastaíonn reachtaíocht náisiúnta chun na hairteagail sin a chur chun feidhme ar an gcúis sin. Ba i rith na bliana 2016 a chuaigh an CCS, mar eochair-gheallsealbhóirí sa chóras rialaitheach nua faoin RGCS, i ngleic go cuimsitheach le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt i ndáil le hullmhú na dréacht-reachtaíocht a bheidh ag teastáil chun éifeacht a thabhairt ag leibhéal náisiúnta do na hairteagail ábhartha den RGCS. Tá an rannpháirtíocht sin fós ar siúl.

## Ionstraimí an AE/SAM

### Glacadh leis an Sciath Phríobháideachais

Ghlac an Coimisiún Eorpach le creatlach nua d'aistriú sonraí pearsanta idir an tAE agus SAM ar a dtugtar an Sciath Phríobháideachais, an 12 Iúil 2016 (trí mheán chinneadh Forfheidhmithe an Choimisiúin (AE) 2016/1250) mar chóras ionaid don chóras Tearmainn ar chuir an CBAE ar ceal é an 6 Deireadh Fómhair 2015.

### Scáth-Chomhaontú AE/SAM

Scáth-Chomhaontú AE/SAM ina leagtar amach creatlach chosanta sonraí ardleibhéil do chomhoibriú idir forfheidhmiú dlí an AE-SAM' síníodh é an 2 Meitheamh 2016 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2017.

Féach Aguisín 3 do chásdlí cosanta sonraí an CBAE sa bhliain 2016.

# Rialacha Corparáideacha Ceangailteachta agus Iarratas ar Chomhsheasamh Google

Tugadh isteach Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha (RCC) tar éis comhráite ag Páirtí Oibre Airteagal 29 mar fhreagra ar éileamh na n-eagras chun glacadh le cur chuige domhanda i leith na cosanta sonraí mar ar bhain roinnt fo-chuideachtaí ar fud na cruinne le go leor eagras. Toisc go n-aistríonn siad sonraí ar scála mór, aithníodh go gcaithfí an t-éileamh sin a shásamh ar bhealach éifeachtúil chun is go seachnófaí ilsíniú na gconarthaí ar nós clásal conartha caighdeánach nó faomhadh le roinnt ÚCSí.

D'fheidhmigh an CCS mar an príomh-athbhreithneoir i rith na bliana 2016 i ndáil le seacht n-iarratas RCC a thabharfar chun críche sa bhliain 2017. D'fheidhmíomar freisin mar chomh-athbhreithneoir i gceithre iarratas RCC, ar faomhadh dhá cheann acu sa bhliain 2016, eadhon Starwoods agus MasterCard. Baineadh leas as RCC MasterCard ag an gComhdháil Bhliantúil IAPP Europe sa Bhruiséil i mí na Samhna 2016 mar chás-staidéar i láithreoireacht le hAbhcóide Bainistíochta MasterCard chun cé chomh mín, tapa agus héifeachtúil agus a bhí an próiseas a léiriú.

D'fheidhmíomar i rith na bliana 2016 mar cheann-athbhreithneoir d'iarratas WP 226 le Google, lenar bhain measúnú ar chloígh téarmaí na gconarthaí leis na clásail chonartha caighdeánacha do rialtóir le próiseálaithe ar glacadh leo trí chinneadh leordhóthanachta ag an gCoimisiún thiar sa bhliain 2010. Tugadh faomhadh dó sin thiar sa bhliain 2016 - i leith G-Suite agus Google Cloud. Cé nár iarratas RCC a bhí i gceist leis seo, is sampla é de nós imeachta comhoibrithe éigin eile a ndeachaigh an CCS faoi leis ÚCSí eile an AE.

Samhlaítear le haitheantas do na RCCí mar uirlis chun sonraí a aistriú sa RGCS agus le tabhairt isteach na meicníochta d'aon láthair amháin go mbeidh méadú ar líon na n-iarratas úd agus ar an gcomhoibriú i measc ÚCSí an AE.

**D'fheidhmigh an CCS mar an príomh-athbhreithneoir i rith na bliana 2016 i ndáil le seacht n-iarratas RCC a thabharfar chun críche sa bhliain 2017.**

# Treoir agus For-rochtain

Choinnigh cur chun cinn agus spreagadh na feasachta i leith chearta agus oibleagáidí cosanta sonraí ina eochairthosaíocht sa bhliain 2016. Le himeacht aon bhliain amháin is amhlaidh atáimid tar éis bheith gafa go honnghníomhach le treoir agus cumarsáid ár n-eochairtheachtaireachtaí, ag baint leasa as réimse leathan cainéal cumarsáide, teicníochtaí agus ardán. Áiríodh leo sin comhdhálacha agus imeachtaí labhartha; dlúthpháirtíocht leis na meáin agus leis na meáin sóisialta; an treoir; agus feachtais spreagtha feasachta agus faisnéise.

## Spreagadh feasachta RGCS

Chun feasacht faoin RGCS a spreagadh, ghlacamar ról ceannais sa bhliain 2016 ag stiúradh na feasachta i leith an chórais dhlíthiúil nua, ag comhshaothrú le geallsealbhóirí eile de réir mar ba ghá. Cuirfimid dlús lenár bhfeachtas feasachta ullmhachta RGCS sa bhliain 2017, ag comhshaothrú in athuair le comhlachtaí ábhartha, ag tabhairt aitheantais go mbeidh spreagadh éifeachtach na feasachta RGCS ina chomhshaothar leis an CCS, an Rialtais, leis na cleachtóirí, leis an lucht tionscail agus le comhlachtaí ionadaíocha gairmiúla.

D'fhoilsíomar i mí na Samhna 2016 cáipéis ullmhachta RGCS 'The GDPR and You' chun treoir a thabhairt d'eagrais trí phríomhfhorálacha an RGCS agus trí na céimeanna ar cheart dóibh glacadh leo chun ullmhú do mhí na Bealtaine 2018. Foilseofar a thuilleadh treorach ón RGCS i gcaitheamh na bliana 2017.

Táimid tar éis bheith ag rannchur go fairsing sa bhliain 2016 agus isteach sa bhliain 2017 le tionscnaimh de chuid Páirtí Oibre Airteagal 29 an AE chun treoir thráthúil a ullmhú lena léirmhíneofar roinnt limistéar prionsabal-bhunaithe a thabharfar isteach leis an RGCS.

Beimid ag stiúradh feachtais phoiblíochta sa bhliain 2017, ag baint leasa as éagsúlacht cainéal cumarsáide ag díriú ar an mbonn is forleithne agus is féidir de dhaoine is ábhair do na sonraí, rialtóirí sonraí agus próiseálaithe sonraí chun a chinntiú go mbíonn an fheasacht i leith RGCS chomh fada le gach earnáil ghnó.

## Cainteanna poiblí

Chloíomar le sceideal for-rochtana fairsing sa bhliain 2016 agus d'fheidhmíomar go gníomhach le bonn leathan geallsealbhóirí. Áiríodh leis sin an Coimisinéir, na Leas-Choimisinéirí agus foireann eile ag labhairt agus ag láithreoireachtaí ag seimineáir, comhdhálacha agus le heagrais aonair, lena n-áirítear comhlachtaí earnála poiblí, thar ní ba mhó ná 60 ócáid i rith na bliana. Áiríodh leis na samplaí:

- Comhdháil um Príobháideachas agus Cosaint Sonraí le hIonad na hÉireann um an Dlí Eorpach
- Cruinniú Mullaigh Dhomhanda IAPP um Príobháideachas (Washington DC)
- Seimineár spreagtha feasachta RGCS na hEarnála Poiblí
- An Websummit (Liospóin)
- Comhdháil PDP
- Comhdháil Dhlíthiúil Mhic Léinn COBÁC 'Data Protection and IT Rights – The Right to Know and the Right to be Forgotten'
- Comhdháil Bhliantúil Líonra na Leas-Rúnaithe
- Faisnéisithe bricfeasta um Chosaint Sonraí arna n-óstáil ag cuideachtaí dlí éagsúla
- Comhdháil Náisiúnta um Chosaint Sonraí le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann
- Datenschutz Kongress (Beirlín)
- Seimineár an Institute of Banking
- Seimineár Chumann Cheantar Gnó Átha an Ghainimh um Chosaint Sonraí
- Comhdháil na NA arna hóstáil ag an CSO um Olltiomsú Sonraí agus Staitisticí
- Comhdháil ríomh-Shláinte Bhliantúil
- Láithreoireacht don choiste idir-rannach um chomhroinnt sonraí san earnáil phoiblí
- Láithreoireachtaí do mhic léinn sa dlí, sa mhargaíocht idirnáisiúnta agus digiteach ag ollscoileanna agus coláistí éagsúla

# I dteannta le treoir maidir le RGCS, foilsíodh treoir mhionsonraithe sa bhliain 2016 i leith na saincheisteanna seo a leanas um chosaint sonraí

## Treoir

### Comhroinnt Sonraí san Earnáil Phoiblí

Tugtar cúnamh leis an treoir seo do chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí chun comhshocruithe comhroinnte comhlíontacha sonraí a cheapadh i bhfianaise chinneadh ceannródaíocht CBAE in Bara & Oths C-201/2014. Soiléiríodh leis an mbreithiúnas sin roinnt cúrsaí lena mbaineann socruithe comhroinnte sonraí san earnáil phoiblí ar nós na tábhachta a bhaineann le cur gach duine is ábhar do shonraí ar an eolas roimh réir faoi phróiseáil a sonraí pearsanta. Éascaítear do chomhroinnt dhlíthiúil na sonraí idir comhlachtaí earnála poiblí tríd an gcloí lenár dtreoirlínte nuashonraithe. Bíonn sé de dhualgas ar gach comhlacht earnála poiblí chun athbhreithniú iomlán a chomhlánú dá n-oibleagáidí agus dá socruithe ar bhunús na dtreoirlínte úd i leith tionscadal reatha agus amach anseo, de réir mar is ábhartha, chun a chinntiú go gcomhlíonann na socruithe úd go hiomlán leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus an RGCS ag teacht aníos.

### Anaithnidiúchán

Nuair a dhéantar go héifeachtach iad, is féidir leas a bhaint as an anaithnidiúchán agus as an mbréagainmniú chun cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí a chosaint, agus chun ligean d'eagrais chun an ceart sin a chothromú leis an gceart ar phríobháideachas i gcoinne a spriocanna dlisteanacha. Cé go mbaineann féidearthacht mhór leis an anaithnidiúchán mar straitéis chun tairbhí na sonraí oscailte a bhaint do dhaoine aonair agus don tsochaí, táthar tar éis a léiriú leis na cás-staidéir agus leis na foilseacháin taighde cé chomh deacair agus atá sé chun tacar sonraí fíor-anaithnide a chruthú agus an oiread den eolas faoina bhun a choinneáil don tasc agus is féidir. Is cúnamh a bheidh lenár dtreoirlínte do rialtóirí sonraí chun measúnú a dhéanamh ar chineál na sonraí ina seilbh, agus chun na teicníochtaí sin a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach.

### Bréagáin Nasctha

Tháinig cúiseanna imní aníos sa bhliain 2016 maidir le saincheisteanna féideartha um chosaint sonraí a d'fhéadfadh tarlú nuair a d'úsáidfeadh leanaí agus tuismitheoirí bréagáin le micreafóin agus le ceamaraí leis an gcumas chun nascadh leis an idirlíon. Nasctar roinnt de na bréagáin úd le feidhmchláir ar fhóin chliste nó ar tháibléid lena bhféadfaí tiomsú agus taifeadadh "comhráite" idir an bréagán agus an leanbh a cheadú. Comhroinntear na taifeadtaí béil i gcás roinnt de na táirgí úd le comhlachtaí eile, agus b'fhéidir go ligfí faoi théarmaí agus coinníollacha na mbréagán d'úsáid comhráite linbh mar an bunús d'fhógraíocht spriocdhírithe. D'fhoilsíomar treoir do thuismitheoir chun a chur in iúl dóibh faoin méid ar cheart dóibh bheith ag faire amach dó nuair a cheannaítear na bréagáin úd.

### Sonraí Suímh

Taifeadtar ar ghairis leictreonacha ar nós na bhfón cliste a suíomh féin. Is féidir nochtadh leis na sonraí suímh a cheaptar, go háirithe sonraí faoi phatrún beacht gluaiseachtaí an duine le himeacht ama, mionsonraí fíordhílse faoi shaol pearsanta an duine sin. D'fhéadfadh an cineál sin sonraí bheith luachmhar do roinnt eagras, óir gur féidir ligean leis do spriocdhíriú fíorshonrach seirbhísí ar dhaoine aonair faoi leith. Baineann baoil mhóra leis sin ámh don phríobháideachas aonair, chomh maith leis na baoil go bhféadfaí leas as na sonraí sin chun cinntí a cheapadh ag a mbeidh tionchar diúltach ar an duine aonair lena mbaineann. Bíonn freagracht ar rialtóirí sonraí chun méid na sonraí bailithe, próiseáilte agus coinnithe a íoslaghdú, mar gheall ar na baoil a bhaineann le sonraí suímh idirnasctha. Tugtar cúnamh lenár dtreoir d'eagrais chun fáil amach nuair a cheadaítear do bhailiú sonraí suímh agus na hoibleagáidí a bhaineann dóibh nuair a bhítear ag bailiú nó ag próiseáil na sonraí úd.

### Stocaireacht Olltoghchánaíochta agus Margaíocht Dhíreach

Chun cúnamh leis na hiarrthóirí chun ceart ar phríobháideachas sonraí an duine aonair a chosaint nuair a bhítear ag stocaireacht in olltoghchán na bliana 2016, d'fhoilsíomar treoir i leith oibleagáidí na n-iarrthóirí maidir le bailiú mionsonraí pearsanta na dtoghthóirí agus úsáid na margaíochta leictreonaí chun teagmháil a dhéanamh le toghthóirí.

Foilseofar an treoir maidir le hiarratais rochtana, margaíocht dhíreach agus measúnachtaí tionchair chosanta sonraí sa chéad leath den bhliain 2017.

## Na Meáin Sóisialta

Sheolamar i mí Dheireadh Fómhair 2016 ár gcuntas Twitter @DPCIreland, a mbainimid leas onnghníomhach as chun teachtaireachtaí rialta agus eochair-theachtaireachtaí a scaipeadh i leith ár saothair, an RGCS agus teachtaireachtaí tábhachtacha eile a bhaineann le cosaint sonraí. Gineadh lenár dtvuíteanna thar na cúig mhí tar éis an tseolta ní ba mhó ná 390,000 amas agus táimid tar éis ár lucht leanta náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Twitter a mhéadú chuig níos mó ná 1,250.

## Láithreán Gréasáin Nua

Leanadh ar aghaidh le pleanáil mhionsonraithe do láithreán gréasáin nua sa bhliain 2016. Táimid ag ullmhú i láthair na huaire chun próiseas soláthair a thosú le conradh a dheonú d'fhorbairt an láithreáin ghréasáin. Tabharfar san áireamh sa láithreán nua go sonrach riachtanais RGCS, agus éascófar ag an am céanna d'fhógairt na sáruithe sonraí agus d'fhógairt na nOifigeach Cosanta Sonraí.

# Caidreamh AE agus Idirnáisiúnta

## Páirtí Oibre Airteagal 29

D'fhreastail an Coimisinéir agus / nó na Leas-Choimisinéirí sa bhliain 2016 ar gach cruinniú iomlánach de Pháirtí Oibre Airteagal 29, a fheidhmíonn mar chomhairleoir don Choimisiún Eorpach i leith saincheisteanna cosanta sonraí. Cuireann sé chun cinn freisin forfheidhmiú comhionann dhlí cosanta sonraí an AE ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Ba iad príomhlimistéir airde do shaothar an Pháirtí Oibre sa bhliain 2016 ná ullmhú comhsheasamh agus treorach um fhorfheidhmiú an RGCS agus cúrsaí a bhaineann le haistrithe sonraí AE-SAM. Éireoidh an Páirtí Oibre ina Bhord Cosanta Sonraí Eorpach i mí na Bealtaine 2018, mar chuid den chóras comhchuibhithe nua ag teacht leis an RGCS.

Leis an gcuspóir chun cúnamh le Páirtí Oibre Airteagal 29 chun a shainordú a chomhlíonadh, bíonn naoi bhfo-ghrúpa gníomhach i limistéir ar nós na teicneolaíochta, na treorach agus na nósanna imeachta RGCS, aistrithe sonraí, forfheidhmiú dlí, cúrsaí airgeadais, agus comhoibriú idir na húdaráis um Chosaint Sonraí. Bhíomar rannpháirteach go gníomhach sa bhliain 2016 le gach ceann de na grúpaí, ag glacadh rannpháirte i dtimpeall 50 cruinniú sa Bhruiséil san iomlán ó cheann ceann na bliana.

Is trínár ról gníomhach i struchtúir Pháirtí Oibre Airteagal 29 ar féidir linn saineolas agus fios a chomhroinnt lenár gcomhghleacaithe ó fud an AE i leith réimse leathan saincheisteanna, agus rannchur ag an am céanna le léirmhíniú comhsheasmhach ar dhlí cosanta sonraí Eorpach agus le dréachtú tuairimí agus treorach um fhorfheidhmiú an dlí.

## Comhchomhlachtaí Maoirseachta an AE

Choinníomar orainn ag glacadh rannpháirte i rith na bliana 2016 le cláir oibre na gComhchomhlachtaí Maoirseachta de CCM Europol, Eurojust agus CUM Custam agus na ngrúpaí Maoirseachta Cosanta Sonraí Eorpacha do Eurodac agus don bhunachar sonraí um Fhaisnéis Margaidh Inmheánaigh (FMI). Ba le cleachtadh ár gcumhachtaí maoirseachta a rinneamar iniúchtaí ar Europol, Eurodac agus an FMI.

## Clár TAIEX AE

Ghlacamar rannpháirt freisin in dá imeachta faoi Chlár TAIEX le hurraíocht ó Choimisiún an AE sa bhliain 2016:

- Ceardlann TAIEX um chosaint sonraí pearsanta in earnáil an leasa shóisialaigh, Ankara, An Tuirc
- Misean Saineolach TAIEX um príobháideachas sa chaidreamh fostaíochta (príobháideachas sa láthair oibre agus monatóireacht ar fhostaithe) arna eagrú i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um Chosaint Sonraí Pearsanta, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine.

## Comhoibriú Idirnáisiúnta

I dteannta le bheith mar rannpháirtí gníomhach ag leibhéal an AE, bíonn idirchaidreamh onnghníomhach ag an CCS leis an bpobal idirnáisiúnta um chosaint sonraí. Baineann riachtanas domhanda leis an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta na ndaoine aonair, ar féidir í a ghnóthú nuair a chomhroinneann na húdaráis chosanta sonraí ar fud an domhain fios, dea-chleachtas le chéile agus, de réir mar is cuí, nuair a aontaíonn siad ar chomhsheasamh um chuspóirí agus caighdeáin chosanta sonraí. Choinníomar orainn sa bhliain 2016 ag comhoibriú lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta ÚCS tríd an Líonra Domhanda um Fhorghníomhú Príobháideachais (GPEN), trínár Meabhráin Comhthuisceana leis na ÚCSí eile, agus trí theagmhálacha déthaobhacha.

Ba mar chuid dár n-idirchaidreamh le ÚCSí eile a d'fhreastlaíomar ar roinnt comhdhálacha, lenar áiríodh:

- Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachais (Marrakech, Maracó)
- Comhdháil an Earraigh de na hÚdaráis Eorpacha um Chosaint Sonraí (Búdaipeist, An Ungáir)
- Cruinniú Mullaigh Dhomhanda IAPP um Príobháideachas (Washington DC)
- Comhdháil Údaráis Chosanta Sonraí na Breataine, na hÉireann agus na nOileán (Málta)
- Comhdháil na hEorpa um Chosaint Sonraí IAPP (An Bhruiséil)

D'fheidhmíomar mar óstach freisin i rith na bliana 2016 d'ionadaithe ó údarás cosanta sonraí Cheanada i gcomhair comhráite faoi shaincheisteanna comhleasa um modheolaíocht dea-chleachtais faoi leith i ndáil le himscrúduithe agus iniúchtaí.

### Cuardach Príobháideachais Domhanda GPEN - 'Idirlíon na nEarraí'

Rinne 25 rialtóir cosanta sonraí ó fud an domhain, lenar áiríodh Éire, Cuardach Príobháideachais don Líonra Domhanda um Fhorghníomhú Príobháideachais (GPEN) sa bhliain 2016. Rinneadh iniúchadh sa staidéar ar na bealaí ina ndearna na cuideachtaí ag oibriú in Idirlíon na nEarraí cumarsáide lena gcustaiméirí maidir le slándáil a sonraí pearsanta.

B'in é an ceathrú Cuardach GPEN bliantúil a rinneadh tar éis na gCuardach roimhe seo ina ndearnadh iniúchadh ar sheirbhísí ar líne do leanaí, ar bheartais phríobháideachais de chuid na láithreán gréasáin agus sna feidhmchláir d'fhóin chliste.

Fuarthas amach i gcuardach na bliana 2016:

- teip i gcás **60** faoin gcéad de na gairis chun míniú go leordhóthanach do chustaiméirí faoin gcaoi inar bailíodh a bhfaisnéis phearsanta, faoin gcaoi ar baineadh leas aisti agus ar nochtadh í;
- teip i gcás **68** faoin gcéad chun míniú ceart a thabhairt faoin gcaoi ar stóráladh an fhaisnéis;
- teip i gcás **72** faoin gcéad chun míniú an chaoi arbh fhéidir le custaiméirí a bhfaisnéis a scriosadh den ghaireas, agus
- teip i gcás **38** faoin gcéad chun sonraí teagmhála so-aitheanta a áireamh má bhain imní do chustaiméirí faoin bpríobháideachas.

Rinne na húdaráis chosanta sonraí iniúchadh trí chéile ar ní ba mhó ná 300 gaireas, agus tá siad ag machnamh anois faoi bheart a ghlacadh i gcoinne gaireas nó seirbhísí a cheaptar bheith ag sárú na ndlíthe um chosaint sonraí.

Rinne an CCS imscrúdú in Éirinn i leith naoi ngaireas lenar áiríodh méadair leictreachais chliste, teileamaitic agus rianairí corpacmhainne. Bhí ár dtorthaí náisiúnta beagnach mar a chéile leis na treochtaí domhanda. Rinneamar ina dhiaidh sin saothar leantach i leith na dtorthaí d'aithníomar spriocanna iniúchta féideartha tar éis an Chuardaigh GPEN faoi gach ceann de na cinnteidil úd, agus rinne ár bhfoireann iniúchóireachta roinnt réamhshaothair imscrúdaithe agus scóipe. Samhlaítear go ndéanfar iniúchadh ar cheann amháin de na haonáin úd sa chéad leath den bhliain 2017.

**Rinne an CCS imscrúdú in Éirinn i leith naoi ngaireas lenar áiríodh méadair leictreachais chliste, teileamaitic agus rianairí corpacmhainne.**

# Clárúchán

Bíonn dualgas dlíthiúil ar roinnt catagóirí rialtóirí agus próiseálaithe sonraí chun clárú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar bhonn bliantúil. Sainmhínítear in Alt 16(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 na daoine dá mbíonn feidhm leis an gceangaltas clárúcháin. Baineann feidhm leis an gceangaltas chun clárú le gach rialtóir sonraí agus próiseálaí sonraí a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann na rialtóirí sonraí úd mura mbíonn an rialtóir sonraí ina eagras 'neamhbhrabúsach'; is chun críche cláir phoiblí infhaighte a phróiseáiltear na sonraí; déantar sonraí láimhe a phróiseáil (seachas i gcás catagóirí sonracha sonraí forordaithe); nó bíonn feidhm le díolúintí faoi Rialachán 3 de I.R. 657 de 2007;

Níor cheart go léirmhíneofaí an clárúchán bheith comhionann le meastóireacht uathoibríoch go mbíonn eagras lán-chomhlíontach ó thaobh sonraí de, de bhrí go mbíonn a n-iontráil chlárúcháin nuashonraithe acu. Ní foláir do na rialtóirí sonraí clárú, is cuma an gcaitheann siad clárú nó nach gcaitheann, de réir na gcúraimí cosanta sonraí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Is ceanglais dlíthiúil é an clárúchán faoi dhlí cosanta sonraí reatha an AE nach mbeidh ag teastáil a thuilleadh faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí ó 25 Bealtaine 2018. Táthar ag forbairt socruithe idirthréimhseacha don bhliain 2018 i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

B'ionann líon iomlán na n-iontrálaithe sa chlár don bhliain 2016 agus 6,901.

| Catagóir | Líon |
|---|---|
| Institiúidí airgeadais agus creidmheasa | 701 |
| Eagrais árachais | 347 |
| Daoine arb í an mhargaíocht dhíreach, soláthar teistiméireachtaí creidmheasa nó bailú fiachas a bhaineann lena ngnó ina iomláine nó i bpáirt de. | 80 |
| Soláthraithe teileachumarsáide/Idirlín | 69 |
| Earnáil na sláinte | 2,417 |
| Cógaiseoirí | 1,199 |
| Ilghnéitheach | 489 |
| Próiseálaithe sonraí | 1,599 |






# Gnóthaí Corparáideacha

## Scéim Gaeilge

Cuireadh tús le Scéim Gaeilge na CCS faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i mí Dheireadh Fómhair 2014, agus tá sí fós i bhfeidhm nó go dtí mí Dheireadh Fómhair 2017. Coinnímid orainn ag soláthar seirbhíse Gaeilge chomh maith le heolas trí Ghaeilge trí mheán ár láithreáin ghréasáin www.cosantasonrai.ie.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Tá an CCS tar éis bheith faoi réir cuid den Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 ó 14 Aibreán 2015 i dtaca le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige. Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais faoi iarratas SF a dhéanamh linn ar ár láithreán gréasáin www.dataprotection.ie. Foilsímid freisin faisnéis áirithe faoi oifig i gcomhréir le hAlt 8 den Acht SF faoinár Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin freisin.

Fuaireamar 20 iarratas san iomlán sa bhliain 2016 ina ndearnadh tagairt don Acht SF, i gcomparáid le 9 sa bhliain 2015.

Soláthraítear mar seo a leanas forbhreathnú ar na hiarratais úd:

As na 16 iarratas a fuarthas sa bhliain 2016 a measadh bheith lasmuigh den raon feidhme óir nár bhain an fhaisnéis iarrtha le riarachán ginearálta na hoifige, thug an t-iarrthóir achomharc in aghaidh ceann amháin acu le hOifig an Choimisinéara Faisnéise. Dhearbhaigh an Coimisinéir Faisnéise cinneadh an CCS go luath sa bhliain 2017.

## Oiliúint

Leanadh ar aghaidh lenár gclár oiliúna foirne sa bhliain 2016. Áiríodh leis sin oiliúint ionduchtaithe agus oiliúint speisialtóra um chosaint sonraí don fhoireann reatha agus nua, chomh maith leis an oiliúint um bainistiú foirne, soláthar, reachtaíocht SF agus um nochtuithe cosanta.  Ba dhíol spéise é an cúrsa oiliúna dhá lá um RGCS a soláthraíodh d'os cionn 40 ball dár bhfoireann. B'in í an chéad chéim sa phróiseas lena bhfaighidh roinnt dár bhfoireann deimhniúchán le haitheantas idirnáisiúnta um chosaint sonraí.

Faightear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2016 ag Aguisín 5, agus faightear an Tuairisc Fuinnimh don bhliain 2016 ag Aguisín 6.

| Iarratais ar Shaoráil Faisnéise Faighte de réir Cineáil | Iomlán na Catagóire | Toradh |
|---|---|---|
| A bhaineann le saincheisteanna riaracháin | 1 | Diúltú |
| A bhaineann le sonraí pearsanta (lasmuigh de raon feidhme) | 3 | Diúltaithe/nach nGlactar leis |
| A bhaineann le cúrsaí lasmuigh de raon feidhme na nAchtanna | 16 | Diúltaithe/nach nGlactar leis |
| **For-Iomlán** | **20** | |

# Aguisín

# Aguisín 1

## LIOSTA EAGRAS ARNA nINIÚCHADH NÓ ARNA nIMSCRÚDÚ SA BHLIAIN 2016

Ba mhaith leis an gCoimisinéir buíochas a ghabháil leis na heagrais go léir a ndearnadh iniúchadh agus imscrúdú orthu i rith na bliana as ucht a gcomhoibrithe. Cé go bhfuair na foirne cigireachta amach go raibh feasacht chuibheasach ard i leith phrionsabail na cosanta sonraí agus go rabhthas á gcomhlíonadh sna heagrais a imscrúdaíodh, theastaigh beart feabhais go láithreach ón móramh díobh i limistéir áirithe. Léirigh an chuid ba mhó acu toilteanas chun nósanna imeachta a chur i dtoll a chéile chun a chinntiú go sásaíonn siad a bhfreagrachtaí cosanta sonraí ina n-iomláine.

- An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Rialáil Tacsaithe
- Lárionad NCT Chill Chainnigh
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin
- Laya Healthcare
- VHI
- Allianz
- An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe
- Europol
- ORAC / Eurodac
- An Garda Síochána - sonraí teileachumarsáide
- Óglaigh na hÉireann - sonraí teileachumarsáide
- Na Coimisinéirí Ioncaim - sonraí teileachumarsáide
- Ombudsman An Gharda Síochána - sonraí teileachumarsáide
- Eir - sonraí teileachumarsáide
- Meteor - sonraí teileachumarsáide
- PeoplePoint
- An Roinn Cosanta (PeoplePoint)
- An Roinn Talmhaíochta (PeoplePoint)
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Bunachar Sonraí um Fhaisnéis faoin Margadh Inmheánach (FMI)
- CPL Recruitment
- Paragon Executive Intelligence
- Pinergy
- Heatons CCTV
- Gamestop (Cuardach Cártaí Creidmheasa)
- Expert Credit (Cuardach Cártaí Creidmheasa)
- Eleavon (Cuardach Cártaí Creidmheasa)
- AIB Merchant Banking (Cuardach Cártaí Creidmheasa)
- Dawn Foods
- Patrick Troy Solicitors
- Eir
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Banc Ceannais na hÉireann
- Lawlor Partners
- Dlí-Chumann na hÉireann
- Two's Company
- Eamon O'Mordha & Co. Ltd.
- Scéim Íocaíochtaí um Simfiseatóime Máinliachta
- KOD Lyons Solicitors
- NAMA
- An Binse Comhionannais
- Banc na hÉireann
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Eir
- Dublin Tech Summit
- Grant Thornton
- Comhar Creidmheasa Bhaile Shláine
- Marks & Spencer CCTV (Gleann na Life)
- Marks & Spencer CCTV (An Droichead Nua)
- Perfect Partners

# Aguisín 2

## Cás-Staidéir

**Cás-Staidéar 1 – féach cuid um Imscrúduithe Speisialta**

**Cás-Staidéar 2 – féach cuid um Fhógraí Sáraithe Sonraí**

**Cás-Staidéar 3 – féach cuid um Ilnáisiúntaigh agus an Teicneolaíocht**

**Cás-Staidéar 4 – féach cuid um an Dlí**

### Cás-Staidéar 5 – Ionchúiseamh Glen Collection Investments Limited agus duine amháin dá Stiúrthóirí

Fuarthas amach leis an imscrúdú sa chás seo go bhfuair an chuideachta ba chosantóir rochtain ar thaifid i seilbh na mbunachar sonraí ríomhaireachta sa Roinn Coimirce Sóisialaí thar achar fada ama, agus gur bhain stiúrthóir cuideachta leas as gaol teaghlaigh a bhí fostaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí chun rochtain a fháil ar na taifid. Bhí cuideachta aturnaetha bunaithe i mBaile Átha Cliath tar éis an chuideachta ba chosantóir a earcú chun seoltaí reatha na gcustaiméirí bainc a lorg, a raibh spéis ag na bainc faoi seach chun dul sa tóir orthu i ndáil le fiachais gan íoc.  Tar éis di faisnéis faoi sheoladh reatha a fháil nó seoltaí reatha na gcustaiméirí bainc i gceist a dheimhniú ó na taifid i seilbh na Roinne Coimirce Sóisialaí, thaisc an chuideachta ba chosantóir tuairiscí lorgtha ina bhfuarthas an fhaisnéis sin leis an gcuideachta aturnaetha a d'fheidhmigh thar ceann na mbanc. Tháinig an cás aníos de bhun gearáin a fuaireamar i mí Feabhra na bliana 2015 ó chustaiméir le Banc AIB a líomhnaigh gur nochtadh seoladh a bhain leis agus nach raibh ar eolas ach ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus gur nocht an roinn sin é le gníomhaire ag feidhmiú thar ceann bhanc AIB.

Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun ionchúiseamh a thabhairt i gcoinne na cuideachta agus an stiúrthóra i gceist, An tUas. Michael Ryan. Cúisíodh Glen Collection Investments Limited le sé scór déag is trí fichid um sháruithe de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003. Bhain cúis amháin is trí fichid le sáruithe d'Alt 19(4) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí i leith phróiseáil sonraí pearsanta mar phróiseálaí sonraí, agus níor taifeadadh iontráil ar bith don chuideachta sa chlár poiblí arna chothabháil ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí faoi Alt 16(2) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Bhain cúig chúis déag le sáruithe d'Alt 22 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí as rochtain a fháil ar shonraí pearsanta gan údarás an rialtóra sonraí a choinníonn na sonraí roimh ré, agus as nochtadh na sonraí úd le duine éigin eile.

Cúisíodh an tUas. Michael Ryan, stiúrthóir le Glen Collection Investments Limited, ar leithligh le sé scór déag is trí fichid de sháruithe d'Alt 29 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 dá pháirt sna cionta a rinne an chuideachta. Foráiltear san Alt sin freisin d'ionchúiseamh stiúrthóirí cuideachta mar a gcruthaítear cion le cuideachta bheith déanta le toiliú nó le cúlcheadú, nó bheith inchurtha i leith faillí ar bith ag na stiúrthóirí cuideachta nó ag oifigigh eile.

Glaodh na cásanna i gcoinne Glen Collection Investments Limited agus a stiúrthóra i gCúirt Dúiche Thuama i míonna Eanáir, na Bealtaine agus Iúil den bhliain 2016 sular thaifid na cosantóirí pléadálacha ciontacha faoi dheireadh an 10 Deireadh Fómhair 2016. Cé go raibh ionadaíocht ag an gcuideachta ba chosantóir sa chúirt gach aon uair, d'eisigh an Chúirt barántas binse do ghabháil an stiúrthóra cuideachta, an tUas. Ryan, an 10 Bealtaine 2016 tar éis dó mainneachtain chun teacht i láthair faoi dhó. Cuireadh an barántas i bhfeidhm ag Cúirt Dúiche Thuama an 10 Deireadh Fómhair 2016 roimh thosú imeachtaí an lae úd.

Phléadáil Glen Collection Investments Limited ciontach i gcúig chúis shamplacha is fiche ag Cúirt Dúiche Thuama an 10 Deireadh Fómhair 2016 – trí cinn déag i ndáil le cionta faoi Alt 22 agus dhá cheann déag i ndáil le cionta faoi Alt 19(4). Ciontaíodh an chuideachta sna chéad chúig scór, leis an bhfuílleach á dtabhairt san áireamh. Ghearr an chúirt cúig fhíneáil ¤500 an ceann. Phléadáil an tUas. Ryan ciontach i ndeich gcúis shamplacha faoi Alt 29. Ciontaíodh é sna deich gcúis go léir, agus ghearr an chúirt deich bhfíneáil ¤500 an ceann air. B'ionann méid iomlán na bhfíneálacha a gearradh i ndáil leis an ionchúiseamh sin go hachomair agus €7,500.

## Cás-Staidéar 6 – Ionchúiseamh Shop Direct Ireland Limited ag trádáil mar Littlewoods Ireland i gCionta Margaíochta

Fuaireamar gearán i mí Eanáir 2015 i gcoinne Shop Direct Ireland Limited ag trádáil mar Littlewoods Ireland ó dhuine aonair a fuair ríomhphost margaíochta gan iarraidh tar éis di díliostáil ón margaíocht leis an gcuideachta. Thug an duine aonair, ar chustaiméir le Littlewoods Ireland í, gearán breise cúpla seachtain ina dhiaidh sin go bhfuair sí ríomhphost margaíochta ag cur chun cinn tairiscintí do Lá na Máithreacha ó Littlewooods Ireland. D'eisíomar foláireamh roimhe sin le Littlewoods Ireland i mí na Nollag 2014 tar éis imscrúdú ar ghearán a fuarthas ón ngearánaí céanna maidir le ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh a fuair sí tar éis di díliostáil ó fháil na margaíochta. Tháinig imscrúdú ón ngearán roimhe sin, ina bhfuarthas amach nár tugadh an deis don chustaiméir chun díliostáil ón margaíocht le Littlewoods nuair a d'oscail sí a cuntas. (Níor tugadh an deis di chun díliostáil ach amháin ón margaíocht tríú páirtí – rogha a thapaigh sí). Ag éirí as ár n-imscrúdú i leith an ghearáin úd, chuir Littlewoods Ireland in iúl dúinn gur díliostáladh seoladh ríomhphoist an chustaiméara ón margaíocht dhíreach ó 7 Márta 2014 i leith.

Chuir na haturnaetha ag feidhmiú thar ceann Littlewoods Ireland i rith imscrúdú na ngearán ón mbliain 2015 in iúl dúinn, tar éis chríochnú an ghearáin roimhe sin i mí na Nollag 2014, go ndearna Littlewoods Ireland athbhreithniú ar chuntas an chustaiméara. Fuarthas amach cé go raibh sí díliostáilte i gceart ón margaíocht ríomhphoist, ní raibh sí díliostáilte ón margaíocht le tríú páirtí. Ghlac sí bearta ansin chun an custaiméir a dhíliostáil ón margaíocht le tríú páirtí. Nuair a cuireadh an nuashonrú i leith rogha margaíochta tríú páirtí chun feidhme chuntas an chustaiméara i mí Eanáir 2015, cuireadh luach nialasach chun feidhme sa réimse don mhargaíocht ríomhphoist. B'éard ba rún leis an luach nialasach sin a chur chun feidhme ná chun comhartha a thabhairt nach rabhthas chun athrú ar bith a dhéanamh sa réimse sin. Bhain an iarmhairt neamhbheartaithe le cur chun feidhme an luacha sin ámh gur liostáladh an custaiméir ar ais isteach sa mhargaíocht ríomhphoist. B'amhlaidh ina dhiaidh sin mar thoradh ar an nuashonrú mícheart sin, a seoladh dhá ríomhphost margaíochta chun an chustaiméara i míonna Eanáir agus an Mhárta 2015.

Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun an chuideachta a ionchúiseamh. Phléadáil Shop Direct Ireland Limited ag trádáil mar Littlewoods Ireland ciontach i gcúis amháin de sheoladh ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 4 Aibreán 2016. D'ordaigh an Chúirt íocaíocht €5,000 i bhfoirm deonaithe charthanachta le Pieta House, agus chuir sí an t-ábhar ar athlá ar feadh seacht seachtaine. D'aontaigh an cosantóir chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a chumhdach. Thug an cosantóir cruthúnas íocaíochta i leith an deonaithe charthanachta ag an éisteacht ar athlá, agus chaith an Chúirt an chúis amach.

## Cás-Staidéar 7 – Próiseáil breise sonraí pearsanta duine aonair ar bhealach neamh-chomhoiriúnach

Thaisc duine aonair gearán maidir le próiseáil éagórach a sonraí pearsanta. Mhaigh an duine aonair go bhfuair siad litreacha ó Thronton's Recycling agus ó Oxigen Environmental faoi seach inar míníodh go mbeadh aistriú sna seirbhísí bailithe dramhaíola idir Oxigen Environmental agus Thornton's Recycling laistigh de sheachtain amháin ó eisiúint na litreacha. Thug an gearánaí le comhairle nár thug siad údarú d'aistriú a sonraí pearsanta, agus nár cuireadh in iúl roimhe sin dóibh i leith an aistrithe úinéireachta sin.

Thugamar an t-ábhar aníos le hOxigen Environmental ag iarraidh mhíniú na cúise do phróiseáil sonraí pearsanta ar an mbealach sin i bhfianaise na gceangaltas cosanta sonraí d'fháil chóir agus do phróiseáil chóir na sonraí pearsanta. Dheimhnigh Oxigen Environmental gurbh ainm, seoladh agus aon iarmhéid a bhí fós i gcuntas réamhíoctha an chustaiméara a bhí sna sonraí custaiméara a aistríodh chuig Thornton's. Thug siad le fios nár tugadh aon sonraí baincéireachta ar láimh ag tráth ar bith. Líomhnaigh siad freisin gur seoladh litir chuig gach custaiméir á gcur ar an eolas faoin aistriú, agus gur eisíodh an litir sin sular aistríodh sonraí custaiméara ar bith, ach ní raibh siad in ann an dáta ar ar líomhnaíodh gur tharla sé sin a thabhairt le fios.

Thug Oxigen Environmental le fios go ndearnadh an chéad fhógra agus an t-aon fhógra amháin a fuair custaiméirí maidir le haistriú seirbhísí idir Oxigen Environmental agus Thornton's Recycling trí mheán dhá litir, ceann amháin ó Oxigen Environmental agus ó Thorntons Recycling faoi seach, a fuarthas sa chlúdach céanna a seachadadh le custaiméirí. Ba lú ná ceithre lá oibre an t-eatramh idir an fógra sin agus aistriú na seirbhísí. Mheasamar nár leor é sin mar thráthchlár do chustaiméirí chun an t-aistriú a bhreithniú agus chun socruithe malartacha a bheartú chun tuilleadh próiseála na sonraí pearsanta a chosc. Cé gur minic a chlúdaítear saincheist na dtáthcheangal/gcumasc faoi théarmaí conarthacha cuideachta lena custaiméirí, fuaireamar amach nár clúdaíodh na saincheisteanna úd faoi théarmaí agus coinníollacha agus faoi Chairt Custaiméirí Oxigen Environmental.

Ag tabhairt san áireamh an tráthchlár gairid a d'imigh idir fógra aistriú na seirbhísí agus an dáta ónar tháinig an t-aistriú i bhfeidhm, bhíomar den tuairim nár comhlíonadh na riachtanais phróiseála faoi na hAchtanna. Cé gur moladh togra do réiteach síochánta, níorbh fhéidir linn teacht ar réiteach síochánta i leith an ghearáin, agus eisíodh cinneadh foirmiúil leis an gCoimisinéir i mí Iúil 2016. Bhreithnigh an Coimisinéir go raibh Oxigen Environmental ag sárú Alt 2(1)(a) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 sa mhéid is gur phróiseáil sé sonraí pearsanta go héagórach gan dóthain fógra dá chustaiméirí.

Is réamhriachtanas bunúsach é an ceangaltas chun fógra cuí a thabhairt i leith na próiseála do na daoine is ábhar

do na sonraí i gcomhréir le hAlt 2(1)(a) agus le hAlt 2d de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 mar chuid de phróiseáil dhlíthiúil na sonraí pearsanta. Bíonn an ceart ag duine is ábhar do na sonraí chun bheith curtha ar an eolas go cuí le fógra leordhóthanach d'athrú um úinéireacht ina gcoinnítear a s(h)onraí pearsanta, chun is go mbeidís in ann tarraingt siar ó na seirbhísí á soláthar, agus chun próiseáil breise a sonraí pearsanta a chosc (lena n-áirítear cosc an aistrithe chuig úinéir nua) agus socruithe malartacha a cheapadh. Bíonn a bhfuil i gceist le fógra leordhóthanach éagsúil ó chás amháin dá chéile, ach caitheann sé bheith ag tréimhse íosta leordhóthanach i gcás ar bith chun ligean don duine is ábhar do na sonraí deis cheart a fháil ná chun na hathruithe ceaptha a bhreithniú, agus chun bearta a ghlacadh chun a roghanna a chleachtadh i ndáil leis na hathruithe molta.

## Cás-Staidéar 8 – Nochtadh faisnéise pearsanta le tríú páirtí ag próiseálaithe sonraí.

Fuaireamar gearán maidir le nochtadh neamhúdaraithe líomhnaithe d'fhaisnéis phearsanta an ghearánaí ag An Post chuig tríú páirtí. Chuir an gearánaí in iúl dúinn, ar cailleadh gaol leo le déanaí, gur eisigh An Post ráiteas luachála go hearráideach i ndáil le comhchuntas taisce coigiltis a bhí acu roimhe sin lena gcomhpháirtí nach maireann, d'aturnae ag feidhmiú thar ceann mhac a gcomhpháirtí nach maireann. Fuarthas sa ráiteas sonraí airgeadais an ghearánaí i ndáil lena gcomhchuntas Coigiltis Stáit le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Sula ndearna an gearánaí gearán leis an Oifig seo, fuair siad leithscéal ó An Post, thar ceann NTMA, inar aithníodh gur nochtadh faisnéis phearsanta an ghearánaí trí dhearmad. B'amhlaidh ámh toisc gur bheag faisnéis a fuair an gearánaí faoin gcaoi ar tharla an nochtadh a d'iarr siad orainn an cás seo a imscrúdú.

Cé gur thaisc an gearánaí gearán i gcoinne An Post, fuaireamar amach lenár réamhscrúdú go dtairgeann An Post táirgí agus seirbhísí thar ceann State Savings (Coigilteas Stáit), arb é an t-ainm branda leis an NTMA chun cur síos ar réimse táirgí coigiltis a thairgeann an NTMA le coigilteoirí pearsanta. Is amhlaidh dá réir ar "próiseálaí sonraí" atá in An Post, faoi mar a shainmhínítear faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, óir go bpróiseálann sé sonraí pearsanta custaiméirí thar ceann an NTMA. Is é an NTMA an "rialtóir sonraí" faoi mhar shainmhínítear faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, óir gurb iadsan a rialaíonn ábhar agus úsáid sonraí pearsanta a gcustaiméirí chun críocha bhainistiú a gcuntais State Savings (Coigilteas Stáit).

Chuireamar tús le himscrúdú ach scríobh chuig an NTMA, agus níor chuir an NTMA in aghaidh na fírice gur nochtadh faisnéis phearsanta an ghearánaí. Mhaigh an NTMA, tar éis dóibh tuairisc iomlán a fháil óna bpróiseálaí sonraí, An Post, gur dheimhnigh siad, d'ainneoin nósanna imeachta caighdeánacha State Savings (Choigilteas Stáit), gur seoladh ráiteas luachála, lenar áiríodh mionsonraí de chomhchuntas leis an ngearánaí agus lena gcomhpháirtí nach maireann, chuig aturnae ag feidhmiú thar ceann tríú páirtí. D'aithin an NTMA nár cheart go seolfaí an fhaisnéis úd chuig an tríú páirtí, agus nár chloígh na próiseálaithe sonraí leis na nósanna imeachta cearta sa chás seo.

Roghnaigh an gearánaí gan glacadh le leithscéal agus le comhartha dea-mhéine ón NTMA mar réiteach síochánta dá ngearán cosanta sonraí, agus roghnaigh siad ina ionad sin chun cinneadh foirmiúil a lorg ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Eisíodh cinneadh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí i mí Iúil 2016. Ina cinneadhsa, tháinig an Coimisinéir chun na tuairime gur sháraigh an NTMA Alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ach faisnéis phearsanta an ghearánaí a phróiseáil gan a gcomhthoil trí mheán an nochta, le An Post mar ghníomhaire leis an NTMA, i leith faisnéis phearsanta an ghearánaí le tríú páirtí.

Léirítear leis an gcás seo go mbíonn ríthábhachtach do rialtóirí sonraí chun a chinntiú go gcloíonn gach ball foirne go cuí agus go rialta lena mbeartais agus lena nósanna imeachta um chosaint sonraí pearsanta. Is eochairchuid de sin an fheasacht i measc na foirne, ach ba cheart go gcinnteodh na fostóirí freisin go ndéantar athbhreithnithe rialta ar an gcaoi ina gcuirtear na beartais agus na nósanna imeachta sin chun feidhme sa ghnáthchleachtadh, ionas go n-aithneofaí saincheisteanna féideartha agus go gcumasófaí an glacadh le bearta/hathruithe leigheasacháin do na cleachtais, beartais agus nósanna imeachta.

## Cás-Staidéar 9 – An riachtanas chun fógra soiléir a thabhairt nuair a bhailítear sonraí bithmhéadrach ag pointe iontrála

Fuaireamar gearán i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó chonraitheoir i ndáil le fáil agus próiseáil éagórach a gcuid sonraí pearsanta. Mhaigh an gearánaí gur bhailigh an chuideachta a gcuid sonraí bithmhéadracha gan a dtoil i gcaitheamh a bhfreastail ar lárionad sonraí i gcomhair cuspóirí a bhain lena n-obair, agus gur choinnigh siad a bpas freisin nó gur chríochnaigh siad an cúrsa oiliúna. Cé gur thug an rialtóir sonraí comhairle don ghearánaí roimh ré chun aitheantas a thabhairt leo lá an fhreastail ar an lárionad sonraí chun cuspóirí slándála, níor cuireadh ar an eolas ag an tráth sin iad go mbeadh an rialtóir sonraí ag bailiú a gcuid sonraí bithmhéadracha nuair a thiocfaidís chun an lárionaid sonraí.

Fuaireamar amach i gcaitheamh ár n-imscrúdaithe gur bhailigh an rialtóir sonraí sonraí bithmhéadracha an ghearánaí nuair a tháinig siad chun an lárionaid sonraí ach scanadh méarloirg a fháil. Níor soláthraíodh faisnéis ar bith faoin bpróiseas sin don ghearánaí faoin tráth sin ámh – dúradh go simplí leo nach bhféadfaidís dul tríd an tslándáil gan an mhéarlorgaireacht bhithmhéadrach sin. Dheimhnigh an rialtóir sonraí dúinne nár coinníodh sonraí an scanta méarloirg sin, gur baineadh leas astu ina ionad sin chun teimpléad uimhriúil a ghiniúint, a stóráladh ansin i bhfoirm chriptithe; agus gur comhtháthaíodh an

fhaisnéis uimhriúil úd le suaitheantas rochtana sealadach a tugadh don ghearánaí ar feadh an achair a raibh an gearánaí ag freastal ar an lárionad sonraí. Dheimhnigh an rialtóir sonraí gur scrios siad an fhaisnéis sin dá gcóras agus dá gcomhaid chúltaca ach iarratas an duine is ábhar do na sonraí a fháil nuair a d'fhág an duine is ábhar do na sonraí an lárionad sonraí féin. Dheimhnigh an rialtóir sonraí ina theannta sin, cé gur choinnigh siad pas an ghearánaí ar feadh achar freastail an ghearánaí ag an lárionad sonraí de bhun beartais chun tabhairt ar ais na suaitheantas rochtana sealadach a chinntiú, nach ndearna siad cóip ná nár choinnigh siad cóip de phas an ghearánaí.

Níor mhian leis an ngearánaí sa chás seo glacadh leis an tairiscint de réiteach síochánta a rinne an rialtóir sonraí, agus d'iarr ina ionad sin go nglacfadh an Coimisinéir le cinneadh foirmiúil faoina ngearán.

Breithníodh i gcinneadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí i mí Dheireadh Fómhair 2016 gur sháraigh an rialtóir sonraí Alt 2(1)(a) agus Alt 2D(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, óir go mba cheart go soláthródh an rialtóir sonraí don ghearánaí na cuspóirí a bhain le bailiú agus le próiseáil na sonraí bithmhéadracha, an tréimhse a gcoinneofaí iad agus an bealach ina gcoinneofaí iad, ina mbainfí leas astu, agus ina nochtfaí iad le tríú páirtithe dá mb'infheidhmithe. D'fhéadfadh an rialtóir sonraí é sin a dhéanamh nuair a bhí sé i dteagmháil leis an ngearánaí chun comhairle a thabhairt dóibh faoin riachtanas chun aitheantas a thabhairt leo chun iontráil a fháil ar an lárionad sonraí, nó ag a dhéanaí, nuair a bhí an gearánaí tar éis teacht chuig an lárionad sonraí.

I ndáil le fáil agus le próiseáil sonraí bithmhéadracha an ghearánaí ámh, tar éis dóibh an fhaisnéis a sholáthair an rialtóir sonraí a athbhreithniú i gcaitheamh an imscrúdaithe leis an oifig seo, bhreithnigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí go raibh leas dlisteanach ag an rialtóir sonraí faoi Alt 2A(1)(d) de na hAchtanna chun nósanna imeachta slándála iomchuí a chur i bhfeidhm chun críocha chumhdach na slándála sa lárionad sonraí, go háirithe chun críoch rialáil agus rialú na rochtana ag tríú páirtithe ar an lárionad sonraí. I bhfianaise nár baineadh leas as na sonraí bithmhéadracha ach amháin chun críocha na rochtana ar an lárionad sonraí, nár aistríodh iad le páirtí ar bith eile agus gur scriosadh iad ina n-iomláine ach iarratas a fháil ón duine is ábhar do na sonraí nuair a d'fhág siad an lárionad sonraí, ba í tuairim an Choimisinéara Cosanta Sonraí nárbh ionann sin agus réamhchlaonadh féideartha ba threise é ná leasanna dlisteanacha an rialtóra sonraí chun sláine an lárionaid sonraí a chosaint agus chun rochtain neamhúdaraithe air a chosc. B'amhlaidh dá réir a tháinig an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun na conclúide go raibh bunús dlíthiúil ag an rialtóir sonraí do phróiseáil sonraí bithmhéadracha an ghearánaí.

Maidir le coinneáil phas an ghearánaí ar feadh achar a gcuairte ar an lárionad sonraí, bhreithnigh an Coimisinéir nár éirigh aon sárú as sin ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, óir go raibh leas dlisteanach ag an rialtóir sonraí chun é sin a dhéanamh, agus nár tháinig aon bhac díréireach le bunchearta an ghearánaí le próiseáil theoranta fhaisnéis pas an ghearánaí (.i. coinneáil an phas féin).

Is eochairphrionsabal faoin dlí cosanta sonraí í an trédhearcacht, agus is cuid mhór de léiriú an chomhlíonta leis an bprionsabal seo í tabhairt fógra i leith phróiseáil na sonraí pearsanta do dhuine is ábhar do na sonraí. Ba cheart go háirithe go múnlófaí gach gné d'oibríochtaí próiseála sonraí rialtóra sonraí leis an dearbhphrionsabal nach mbeadh "ionadh" ar na daoine aonair a mbailítear agus a bpróiseáiltear a sonraí leis an mbailiú agus leis an bpróiseáil ná lena scála ná lena raon feidhme.

### Cás-Staidéar 10 – Nochtadh faisnéise pearsanta le tríú páirtí ag próiseálaithe sonraí.

Fuaireamar dhá ghearán ó sheirbhísigh phoiblí (fear céile agus bean chéile) ar nocht PeoplePoint a sonraí pearsanta, na seirbhísí comhroinnte um acmhainní daonna agus pinsin d'fhostaithe seirbhíse poiblí. Maíodh sa ghearán tosaigh i mí na Samhna 2015 go ndearna sé iarratas chun a iarratas ar shaoire breoiteachta a athrú tar éis dó iarratas a dhéanamh ar shaoire breoiteachta. Chuaigh an t-oifigeach in PeoplePoint a bhí freagrach as an rannóg sin ar aghaidh chun ríomhphost a sheoladh chuig bainisteoir líne an ghearánaí ag an roinn rialtais inar oibrigh an gearánaí. Chuaigh an t-oifigeach ar aghaidh tar éis dóibh freagra "as láthair" a fháil chun ríomhphost a sheoladh chuig comhpháirtí neamh-mhaoirseach an ghearánaí. Bhí PeoplePoint tar éis fógra a thabhairt dúinn i leith an tsáraithe sin i mí an Mheithimh 2015. Fuaireamar amach nuair a chuireamar tús leis an imscrúdú agus nuair a fuaireamar cóip den ríomhphost arbh é príomhábhar an tsáraithe é, go raibh sonraí pearsanta chéile an ghearánaí, a bhí ina seirbhíseach poiblí freisin i roinn éagsúil, le fáil sa ríomhphost agus gur seoladh an ríomhphost chuig triúr tríú páirtithe. Dealraíodh go bhfuair an t-oifigeach in PeoplePoint rochtain ar fhaisnéis phearsanta a chéile nuair a bhíothas ag breithniú saoire bliantúla an chéad ghearánaí, gan údarú óna fostóir ná gan a toiliú féin.

Dealraíodh le tuilleadh imscrúdaithe san ábhar gur chuir an t-oifigeach in PeoplePoint céile an ghearánaí agus a gcomhghleacaithe ar an eolas faoi fhaisnéis i ndáil leis an ngearánaí nuair nach raibh bunús dlíthiúil acu chuige sin, agus gan aon údarás ó rialtóir sonraí a gcuid sonraí pearsanta, .i. an fostóir féin.

Rinne an Oifig seo iniúchadh ar PeoplePoint. Chuir siad in iúl dúinn i dtaca leis an ngearán seo, gur bheartaigh siad chun na sonraí a aisghabháil nuair a cuireadh iad ar an eolas faoin sárú, agus dheimhnigh siad gur scriosadh na sonraí i measc gach páirtí lenar bhain siad. Shloinn siad freisin gur glacadh beart ceartaitheach chun feasacht an oifigigh ábhartha faoin bpríobháideachas sonraí a fheabhsú. Cé gur mhol PeoplePoint togra i gcomhair réitigh shíochánta, dhiúltaigh na gearánaithe dó agus d'iarr cinneadh foirmiúil a fháil ón gCoimisinéir.

Tháinig an Coimisinéir chun na conclúide leis an tuairim gur sáraíodh Alt 21(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Is próiseálaí iad PeoplePoint a bhfostaíonn an rialtóir sonraí iad (arb í an roinn rialtais ábhartha is fostóir í) agus is amhlaidh dá réir a bhíonn dualgas cúraim ar an rialtóir sonraí i leith na ndaoine is ábhar do na sonraí a bpróiseálann siad a sonraí. pearsanta Caithfidh próiseálaí sonraí faoi Alt 21 gan sonraí pearsanta a nochtadh gan údarás an rialtóra sonraí roimh ré, a bpróiseáiltear na sonraí thar a cheann.

Is meabhrúchán lom é an cás seo do phróiseálaithe sonraí faoin tábhacht a bhaineann le gan sonraí a phróiseáil ach amháin le toiliú roimh ré an duine is ábhar do na sonraí nó an rialtóra sonraí. Féadann iarmhairtí tromchúiseacha bheith le bearta i ndáil le sonraí pearsanta do na daoine is ábhar do na sonraí, a dhealrófaí bheith neamhurchóideach d'fhoireann mhí-eolach. Níl sé inghlactha do phróiseálaithe sonraí agus do rialtóirí sonraí chun bheith ag brath ar an leithscéal nár thuig fostaí gur shárú an dlí chosanta sonraí a bhí sa mhéid a bheartaigh siad. Luíonn an fhreagracht ar na fostóirí úd chun a chinntiú go mbíonn gach ball foirne oilte agus maoirsithe go hiomchuí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, chun na baoil do bhunchearta agus bhunsaoirse na ndaoine is ábhar do na sonraí a íoslaghdú an oiread agus is féidir, arb iad a sonraí pearsanta a bhíonn á bpróiseáil acu.

### Cás-Staidéar 11 – Mainneachtain le rialtóir sonraí chun faisnéis phearsanta duine aonair a choinneáil cruinn agus nuashonraithe ónar tháinig nochtadh sonraí pearsanta le tríú páirtí

We received two complaints from public servants (a Fuaireamar gearán i mí Feabhra na bliana 2015 maidir le nochtadh neamhúdaraithe líomhnaithe ag Permanent TSB (PTSB) d'fhaisnéis phearsanta an duine is ábhar do na sonraí le tríú páirtí. Mhaígh an duine ab ábhar do na sonraí sa ghearán seo gur chónaigh sí ag réadmhaoin lena hiar-fhear céile, go raibh an morgáiste don réadmhaoin sin ina chomhchuntas ina hainm féin agus in ainm a hiar-fhir chéile araon, agus gur baineadh í den mhorgáiste sin mar chuid den socrú colscartha. Chuir an duine ab ábhar do na sonraí in iúl don Oifig seo go bhfuair sí morgáiste ar leithligh ina dhiaidh le PTSB, ina hainm féin amháin, i leith réadmhaoine éagsúla. Tá an PTSB tar éis litir éilimh a sheoladh ámh, le seoladh uirthi ag a réadmhaoin nua, agus le seoladh uirthi freisin do réadmhaoin le tríú páirtí nach raibh baint ar bith aici léi. Tógadh iar-fhear céile an ghearánaí ag an réadmhaoin úd; bhí a leasmháthair fós ina chónaí ann, agus d'oscail sí litir éilimh an PTSB agus thug sí fógra di dá leasmhac (iar-fhear céile an duine ab ábhar do na sonraí), a thug fógra ar a sheal féin don duine ab ábhar do na sonraí. Chuireamar tús le himscrúdú, agus ghlac PTSB leis gur nochtadh sonraí pearsanta an duine ab ábhar do na sonraí le tríú páirtí. Thug an PTSB le fios dúinn gur tharla sé sin toisc go raibh an seoladh tríú páirtí (ar sholáthair an duine ab ábhar do na sonraí don PTSB mar sheoladh comhfhreagrais nuair a bhíothas ag cur isteach ar an iasacht roimhe sin a raibh ina seilbh lena hiar-fhear céile), nasctha go mícheart le hiasacht mhorgáiste iomlán ar leithligh ina dhiaidh sin faoi ainm aonair an duine ab ábhar do na sonraí.

D'fhéachamar le réiteach síochánta a fháil don ghearán seo, ach diúltaíodh don mholadh a rinne PTSB leis an duine ab ábhar do na sonraí, agus d'fhéach sí ina ionad sin chun cinneadh foirmiúil a fháil ón gCoimisinéir.

Rialaigh an Coimisinéir gur sháraigh PTSB Alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ach sonraí pearsanta an duine ab ábhar do na sonraí a phróiseáil gan a toiliú nó gan údar dlisteanach eile dó sin agus Alt 2(1)(b) chomh maith ach mainneachtain chun sonraí pearsanta a choinneáil cruinn, iomlán agus nuashonraithe.

Is cás iad na cúinsí leis an ngearán seo a bhaineann le hábhar don réasúnaíocht laistiar den phrionsabal nach foláir sonraí pearsanta a choinneáil cruinn, iomlán agus nuashonraithe. Buanaítear an baol go dtiocfaidh breis teipeanna cosanta sonraí (ar nós nochtadh neamhúdaraithe le tríú páirtithe) ón neamh-chomhlíonadh úd má mhainnítear chun cloí leis an bprionsabal sin, go háirithe i gcomhthéacs na faisnéise teagmhála.

### Cás-Staidéar 12 – Mainneachtain le Banc na hÉireann chun aitheantas duine aonair ar an bhfón a fhíorú i gceart ónar tháinig nochtadh faisnéise pearsanta le tríú páirtí

Fuaireamar gearán gur nocht Banc na hÉireann (BOI) faisnéis phearsanta an ghearánaí le tríú páirtí. D'fhógair BOI don ghearánaí faoin nochtadh úd a tharla nuair a ghlaoigh ball foirne BOI ar a fhón póca agus nach bhfuair freagra, mar chuid d'iarracht chun teagmháil a dhéanamh leis maidir lena chuntas. Mhaígh BOI toisc nárbh fhéidir leis an mball foirne teagmháil a dhéanamh leis ar a fhón póca, go ndearna siad iarracht ansin chun teagmháil a dhéanamh leis trí mheán líne talún a liostaíodh ar a chuntas. De réir fhógra an BOI, ba í máthair an ghearánaí a d'fhreagair an fón, agus d'iarr an comhairleoir BOI chun labhairt leis an ngearánaí, a bhfuil an t-ainm céanna air lena athair, agus mhínigh do mháthair an ghearánaí nárbh fhéidir leo an cuntas a phlé léise óir nach raibh sí liostaithe ar an gcuntas. Nuair a rinneadh tagairt don ghearánaí lena shloinne An tUas. X, shíl a mháthair go mícheart gur bhain an glao leis an gcuntas a bhí ina seilbh lena fear céile ar a dtugtar An tUas. X freisin. Ba é seasamh BOI gur áitigh máthair an ghearánaí go diongbháilte go raibh liostaithe ar an gcuntas agus go mba cheart go labhródh an chomhairle léi mar gheall air dá réir. Soláthraíodh faisnéis áirithe ansin do mháthair an ghearánaí maidir lena chuntas-san.

Chuireamar tús leis an imscrúdú den ghearán sin ach scríobh chuig an BOI ag iarraidh air chun deimhniú gur thuairiscigh siad an sárú sin cheana féin dúinne, óir go meastar é bheith mar dhea-chleachtas faoinár "Cód Cleachtais um Shlándáil Sonraí Pearsanta". Níor chuir an BOI in aghaidh na fírice gur nochtadh sonraí

pearsanta an ghearánaí, agus dheimhnigh siad dúinn gur tuairiscíodh an sárú dúinne roimhe seo. Thug an BOI le fios gur tháinig roinnt mearbhaill aníos, de bharr an céadainm céanna bheith ag athair an ghearánaí leis-sean, agus caidreamh baincéireachta bheith aige leis an mbrainse céanna, agus gur mhainnigh ar an BOI mar thoradh ar an mearbhall sin chun an duine a aithint i gceart lena raibh siad ag plé, agus gur nochtadh faisnéise phearsanta an ghearánaí le tríú páirtí. Mhaígh an BOI nár cuireadh iad ar an eolas faoi nochtadh a fhaisnéise pearsanta nuair a chuir máthair an ghearánaí glao gutháin ar an gcomhairleoir ní ba dhéanaí an lá úd chun an BOI a chur ar an eolas gurbh í a macsa a bhí sa ghearánaí, agus gur bhain an fhaisnéis lena chuntais iasachta. Thug an BOI le fios dúinn freisin gur eisíodh litir leithscéil leis an ngearánaí.

Shéan an gearánaí sa chás seo an tairiscint de réiteach síochánta a cheap an BOI, agus d'iarr cinneadh foirmiúil a fháil ón gCoimisinéir.

Tháinig an Coimisinéir chun na conclúide ina cinneadh i mí an Mheithimh 2016 gur sháraigh an BOI Alt 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 nuair a phróiseáil siad faisnéis phearsanta an ghearánaí gan a thoiliú ach í a nochtadh le tríú páirtí.

Is léiriú breise atá sa chás seo ar an gcaoi inar féidir nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta teacht mar thoradh ar mhainneachtain shaonta ag ball foirne chun cloí go docht leis an riachtanas chun aitheantas an duine is ábhar do na sonraí a fhíorú sula nochtar a sonraí pearsanta. Cé gur bhain nochtadh labhartha neamhúdaraithe sonraí pearsanta le ball teaghlaigh leis an duine is ábhar do na sonraí i gceist le cúinsí an cháis seo, ní chiallaíonn sé sin nach níos tromchúisí í dá mba nochtadh scríofa le tríú páirtí neamhmhuinteartha a bhí ann.

### Cás-Staidéar 13 – B'éigean do Rialtóir Sonraí a léiriú go ndearnadh iarracht chun sonraí a aimsiú laistigh den tréimhse reachtúil 40 lá

Fuaireamar gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas rochtana a rinne siad le Meteor ag lorg cóipe dá sonraí pearsanta, agus go sonrach na taifeadtaí glaonna de ghlaonna a rinne siad le Cúram Custaiméirí Meteor i gcomhair tréimhse faoi leith. D'fhreagair Meteor ar dtús dá iarratas ach maíomh a thabhairt nach raibh ach 10% de na glaonna chun a líne Chúraim Chustaiméirí taifeadta agus coinnithe ar feadh 30 lá, agus nach raibh aon ráthú ann gur taifeadadh a ghlaonna ó na 30 lá roimhe sin. D'fhreagair Meteor ina dhiaidh sin d'iarratas rochtana an ghearánaí, ag maíomh go cinnte nach raibh glao ar bith taifeadta agus infhaighte i ndáil leis an ngearánaí.

Chuireamar tús le himscrúdú i leith iarratas an ghearánaí ar fhaisnéis ó Meteor i ndáil leis na hiarrachtaí a rinne sé chun na taifeadtaí glao a aisghabháil a tháinig faoi ábhar an iarratais rochtana chomh maith le faisnéis i leith na suíomhanna agus/nó na n-aonad gnó lena ndearnadh fiosruithe i ndáil le hiarratas rochtana an iarratasóra. Sholáthair Meteor asphrionta dúinn ina dtaispeántar na cuardaigh a rinneadh agus d'fhreagair siad nach raibh aon ghlao ina seilbh acu i ndáil leis an ngearánaí.

B'éard a bhí i gceist sa chás seo ná saincheist an chomhlíonta leis na 40 lá d'fhreagairt ar iarratas rochtana faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Rinne an gearánaí iarratas rochtana bailí le Meteor trí ríomhphost ón dáta 24 Lúnasa 2015. D'fhreagair Meteor faoi dheireadh don iarratasóir trí ríomhphost an 29 Deireadh Fómhair le freagra substainteach. Tháinig an freagra substainteach don iarratas rochtana beagnach ceithre seachtaine lasmuigh den tréimhse reachtúil 40 lá d'fhreagairt. Ina theannta sin, níor sholáthair Meteor aon fhianaise dúinn gur thosaigh siad an cuardach ar na taifeadtaí glao a d'fhéach an gearánaí lena bhfáil laistigh den tréimhse 40 lá, ach ina ionad sin roghnaigh siad chun brath ar a mbeart nach dtaifeadtar ach 10% de ghlaonna ar an líne Chúraim Chustaiméirí, agus glacadh leis go simplí nár taifeadadh glaonna an ghearánaí féin.

In ainneoin iarracht a dhéanamh chun an gearán seo a réiteach go síochánta níorbh fhéidir linn é sin a dhéanamh, agus d'iarr an duine is ábhar do na sonraí cinneadh foirmiúil a fháil ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Tháinig an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun na conclúide ina cinneadh gur sháraigh Meteor na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 gan freagra a thabhairt d'iarratas rochtana an ghearánaí laistigh den tréimhse 40 lá mar a foráladh faoi Alt 4(1)(a).

Léirítear sa chás seo nach foláir do rialtóir sonraí gan caitheamh le hiarratas bailí ar rochtain sonraí leis an tuairim shimplí nach bhfuil na sonraí pearsanta a bhfuiltear á lorg ina seilbh acu. In ainneoin chúinsí an iarratais, bheartais ar bith a fheidhmíonn an rialtóir sonraí nó tuairimí ina seilbh, caithfidh siad gach beart riachtanach a ghlacadh chun fáil amach an bhfuil na sonraí iarrtha nó nach bhfuil siad i seilbh an rialtóra sonraí agus freagra substainteach a thabhairt don iarratas rochtana laistigh den tréimhse reachtúil 40 lá. Tá an ceart rochtana ag duine is ábhar do na sonraí ar cheann de na bunchlocha do chosaint sonraí pearsanta an duine aonair, agus caithfidh nach gcuirtear bac leis an gceart sin le gníomhartha na rialtóirí sonraí, bídís neamhbheartaithe nó a malairt.

### Cás-Staidéar 14 – Sonraí pearsanta coinnithe siar ó iarratas rochtana le Airbnb ar bhunús tuairime a tugadh faoi rún

Fuaireamar gearán i mí Iúil 2016 ó dhuine aonair (aoi Airbnb) maidir le hiarratas rochtana a thaisc sé le Aribnb. Ba é ábhar an ghearáin nár sholáthair Airbnb ríomhphost sonrach don aoi faoi féin, a seoladh chuig Airbnb leis an óstach de chóiríocht Airbnb a bhí ar cíos ag an aoi. Bhain an ríomhphost úd le gearán ag an óstach faoin aoi. Agus freagra á thabhairt d'iarratas rochtana an aoi, choinnigh Airbnb siar a ríomhphost ar an mbunús gur bhain léiriú tuairime leis a thug an t-aoi faoi rún dóibh.

Bhain ábharthacht anseo le hAlt 4(4A)(a) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ina gceadaítear do shonraí pearsanta lena mbaineann nochtadh tuairime faoin duine is ábhar do na sonraí le duine éigin eile chun bheith nochta ag an rialtóir sonraí leis an duine is ábhar do na sonraí mar fhreagra ar iarratas rochtana gan an t-éileamh chun toiliú an duine a fháil arbh iadsan a thug an tuairim. Bhain an ábharthacht chéanna le hAlt 4(4A)(b)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ina bhforáiltear do dhíolúine ón gceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta mar a mbaineann léiriú tuairime faoin duine is ábhar do na sonraí le duine éigin eile, a tugadh faoi rún nó leis an tuiscint go bhféadfaí caitheamh leo mar ábhar rúnda.

Chuireamar tús le himscrúdú ina ndearnadh iniúchadh sonrach ar bhain léiriú tuairime rúnda leis an óstach faoin aois leis an ríomhphost i gceist ón óstach chuig an rialtóir sonraí Airbnb. Fuaireamar amach go raibh ábhar an ríomhphoist i gceist fíorasach ina chineál den chuid ba mhó. Cé gur bhain léiriú tuairime le gné amháin den ríomhphost, ní raibh aon tagairt ná tásc sa ríomhphost d'ionchas leis an óstach go gcoinneofaí an ríomhphost go rúnda nó nach nochtfadh Aribnb leis an aoi é. Thugamar faoi deara i ríomhphost éigin eile díreach ón óstach chuig an aoi, gur thug an t-óstach le fios don aois go ndearna siad teagmháil le Airbnb faoin aoi.

Cé go raibh Airbnb ag iarraidh cheart an aoi a chothromú go cóir le cearta an óstaigh sa chás seo, ba í ár dtuairim bunaithe ar ár n-iniúchadh de na saincheisteanna agus den chumarsáid i gceist, agus ní raibh fianaise ar bith ann d'ionchas ná tuiscint ag an óstach nach scaoilfí a ríomhphost faoin aoi leis-sean. Ní raibh feidhm sna cúinsí úd le díolúine ón gceart rochtana faoi Alt 4(4A)(b)(ii). Ghlac Airbnb lenár seasamh, agus scaoil an ríomhphost i gceist leis an aois dá réir. Ba leis sin a ceadaíodh do réiteach síochánta an ghearáin.

Faoi mar a léirítear sa chás seo, sula gcoinnítear siar sonraí pearsanta ar an mbunús go mbaineann léiriú tuairime faoi rún nó leis an tuiscint go gcaithfí leis go rúnda, ní foláir go gcinnteodh an rialtóir sonraí go bhfuil bunús maith leis an dearbhú sin. Ní leor go nglacfadh an rialtóir sonraí leis gurbh amhlaidh an cás d'uireasa aon tuairisce chun na críche sin ón duine a léirigh an tuairim sin.

Ina theannta sin, ní chiallaíonn áireamh tuairime lena mealltar an díolúine sin go mbíonn gach sonra pearsanta eile a fhaightear laistigh den cháipéis chéanna díolmhaithe cosúil leis sin ón gceart rochtana. Is amhlaidh i gcomhthéacs cáipéise iomláine de shonraí pearsanta, bíonn an duine is ábhar do na sonraí i dteideal rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta laistigh di nach tuairim í a tugadh faoi rún, agus ní féidir leis an rialtóir sonraí ach an chuid nó na codanna dá bhfeidhmíonn an díolúine go bailí a cheilt. Na tuairimí faoi dhaoine aonair nach féidir ionchas rúndachta bheith ag feidhmiú ina leith, ná go deimhin faisnéis rúnda í féin; ní bhíonn siad díolmhaithe ó iarratas rochtana.

Faoi mar a tugadh mar achoimre lenár dtreoir fhoilsithe, an tuairim a thugtar go rúnda faoin tuiscint go gcoinneofar go rúnda í; ní foláir di tairseach rúndachta ard a shásamh. Ní hamhlaidh go mbíonn na sonraí rúnda má chuirtear an friotal "faoi rún" ag barr an leathanaigh, mar shampla. Agus feidhmiú molta na díolúine sin ar cheart rochtana á bhreithniú, déanfaimid iniúchadh ar na sonraí agus ar a gcomhthéacs, agus caithfear bheith sásta nach dtabharfaí na sonraí amach ar shlí éigin eile ach amháin an tuiscint rúndachta sin bheith ann.

### Cás-Staidéar 15 – Ionsaí le Bogearraí Éirice Cripteacha ar Bhunscoil

Fuaireamar tuairisc faoi shárú i mí Dheireadh Fómhair 2016 ó bhunscoil a bhí ina híospartach d'ionsaí "le Bogearraí Éirice Cripteacha", inar criptíodh codanna de chórais faisnéise na scoile le tríú páirtí, lenar éirigh comhaid na scoile dorochtana. Fuarthas sonraí pearsanta sna comhaid sin lenar áiríodh ainmneacha, dátaí breithe agus Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSPÍ). Éilíodh éiric ón scoil chun na comhaid chriptithe a scaoileadh.

Aithníodh inár measúnacht den ionsaí go raibh easnaimh ag an scoil sna bearta a ghlac sí chun sonraí pearsanta na ndaltaí a shlánú, lenar áiríodh:

- Ní raibh beartais ná nósanna imeachta ann chun cúltacaí leordhóthanacha a chothabháil;
- Ní raibh nósanna imeachta ná cáipéisí beartais ann inar díríodh ar ionsaithe córais ar nós bogearraí éirice nó víreas;
- Ní raibh conarthaí ar bith leis na próiseálaithe sonraí ann (na soláthraithe seirbhísí TFC)(faoi mar ba ghá faoi Alt 2C(3) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003) inar leagadh amach a gcuid oibleagáidí, agus dá thoradh sin, ghlac na soláthraithe TFC bearta neamhdhóthanacha mar fhreagra don ionsaí; agus
- Bhí easpa oiliúna agus feasachta foirne ann faoi na baoil a bhaineann le hoscailt ceangaltán nó comhad neamhaitheanta le ríomhphoist.

Bhreithníomar gur sháraigh an scoil forálacha Alt 2(1)(d) de na hAchtanna, tar éis dóibh mainneachtain chun

a chinntiú go mbeadh bearta slándála leordhóthanacha ann, chun cosaint i gcoinne phróiseáil agus nochtadh neamhúdaraithe na sonraí pearsanta.

Eisíodh moltaí don scoil go nglacfadh sí bearta chun na baoil aitheanta a mhaolú. Thug an scoil le fios dúinn gur ghlac sí na bearta seo a leanas bunaithe ar na moltaí a eisíodh:

- Clár oiliúna agus feasachta foirne a chur chun feidhme faoi na baoil a bhaineann le ríomhphost agus le húsáid na n-eochracha USB pearsanta.
- Tá forfheidhmiú phróiseas athbhreithnithe conartha ann chun a chinntiú go mbíonn conarthaí iomchuí ann lena soláthraithe TFC.
- A chinntiú gurb iad próiseálaithe sonraí inniúla a fheidhmíonn aon tacaíocht TFC arna fostú ag an scoil ar bhunús áitiúil nó mar a mhol an Bord di.

Léirítear sa chás seo go gcaithfidh scoileanna, cosúil le haon eagras eile - tráchtála, san earnáil phoiblí nó phríobháideach, a oibríonn córais stórála sonraí agus a idirghníomhaíonn ar líne; go gcaithfidh siad a chinntiú go mbíonn bearta iomchuí slándála agus eagrúcháin teicniúla ann chun cailliúint sonraí pearsanta a chosc, agus chun a chinntiú gur féidir leo sonraí a aischur dá dtarlódh ionsaithe Bogearraí Éirice Cripteacha.

### Cás-Staidéar 16 – Sárú Sonraí ag Miondíoltóir ar Líne

Fuaireamar tuairisc faoi shárú i mí Iúil 2016 ó eagras ag feidhmiú díolachán miondíola agus ar líne. D'fhógair custaiméir don eagras gur baineadh leas as a gcárta creidmheas in idirbheart calaoiseach i ngan fhios dóibh, agus chreid siad gur tháinig sé ó sholáthar a mionsonraí íocaíochta ar líne leis an eagras.

D'fhostaigh an t-eagras tríú páirtí saineolach chun anailís a dhéanamh ar a láithreán gréasáin. Breithníodh gur chuir bogearraí mailíseacha an córas íocaíochta ar an láithreán gréasáin i mbaol leis na 6-8 seachtaine roimhe sin. Cóipeáladh sna bogearraí mailíseacha sonraí a d'iontráil custaiméirí i rith na céime íocaíochta ar líne chuig sprioc sheachtrach.

Aithníodh inár measúnacht den ionsaí go raibh easnaimh ag an eagras sna bearta a ghlac sé chun sonraí pearsanta na n-úsáideoirí a shlánú, lenar áiríodh:

- Ní raibh aon chomhaontú ag leibhéal conartha ná seirbhíse ann idir an rialtóir sonraí agus an próiseálaí sonraí.
- Níor glacadh bearta ar bith chun a chinntiú gur chomhlíontach é an próiseálaí sonraí leis na bearta slándála agus eagrúcháin teicniúla.
- Bhí bearta neamhdhóthanacha ann a bhain leis na bearta slándála teicniúla agus na bearta slándála eagrúcháin iomchuí i leith:
  - a chinntiú gur cothabháladh an freastalaí agus an t-ardán láithreáin ghréasáin, agus go raibh na leaganacha bogearraí nuashonraithe;
  - a chinntiú go mbeadh bearta iomchuí fíordheimhnithe úsáideora agus rialála rochtana ann;
  - a chinntiú go mbeadh slándáil theicniúil iomchuí ann, ar nós chumraíocht shlán an ardáin láithreáin ghréasáin, bearta chun bogearraí mailíseach a bhrath, beart chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach agus ar bhearta chun a chinntiú gur glacadh cúltacaí rialta; agus
  - a chinntiú go mbíonn próisis rialachais ann ar nós athbhreithnithe tréimhsiúla ar an bpróiseálaí sonraí agus ar a shlándáil theicniúil agus ar bhearta eagrúcháin.

I bhfianaise an mhéid thuas, mheasamar gur sháraigh an t-eagras Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ach mainneachtain chun bearta slándála iomchuí a ghlacadh i gcoinne rochtana neamhúdaraithe ar, nó athraithe neamhúdaraithe, nochtadh nó scriosadh sonraí pearsanta na n-úsáideoirí.

Eisíodh moltaí don eagras go nglacfadh sé bearta chun na baoil aitheanta a mhaolú. Thug an t-eagras le fios dúinn gur ghlac sé na bearta seo a leanas bunaithe ar na moltaí a eisíodh:

- Tá conarthaí ann anois chun a chinntiú go mbíonn na bearta slándála agus eagrúcháin teicniúla iomchuí ag feidhmiú;
- Déanann an t-eagras athbhreithnithe rialta ar ardáin freastalaí agus láithreáin ghréasáin chun a chinntiú go gcothabháiltear iad agus go mbíonn na leaganacha bogearraí nuashonraithe;
- Déanann an t-eagras athbhreithnithe bliantúla le saineolaí tríú páirtí chun comhlíonadh a chinntiú, agus chun a bhailíochtú go neamhspleách go mbíonn bearta slándála agus eagrúcháin teicniúla iomchuí ann.

Leagtar béim sa chás seo ar an ngá go gcinnteodh eagrais go mbíonn bearta slándála agus eagrúcháin teicniúla iomchuí ann acu don tslándáil TFC, go háirithe nuair a fhostaítear próiseálaí sonraí. Ba cheart go mb'fheasach do na heagrais i leith na mbeart a imlíníodh faoi Alt 2C de na hAchtanna chun tuiscint a fháil ar a gcuid oibleagáidí, go sonrach:

- Chun a chinntiú go mbíonn bearta slándála iomchuí ann;

- Glactar bearta réasúnta chun a chinntiú gur feasach faoina n-oibleagáidí d'fhostaithe an Rialtóra Sonraí agus do dhaoine ar bith eile, mar shampla, fostaithe Próiseálaí Sonraí, a bhaineann leis an bpróiseáil;
- Chun a chinntiú go mbíonn socruithe conarthacha iomchuí ann chun an phróiseáil a rialú;
- Go nglactar bearta réasúnta chun comhlíonadh leis na bearta a chinntiú.

### Cás-Staidéar 17 – Comhbhaint mhícheart mionsonraí pearsanta duine aonair le comhad éigin eile

Fuaireamar gearán maidir le sárú líomhnaithe de chearta cosanta sonraí an duine aonair le cuideachta árachais.

B'amhlaidh i rith ár n-imscrúdaithe, a thug an t-árachóir (Árachóir X) mar chomhairle dúinn gur iarr an gearánaí roimhe sin luachan d'árachas teaghlaigh ó chuideachta árachais éigin eile (Árachóir Y), ar aistríodh a gealltanais chuig Árachóir X. Mhainnigh ar Árachóir Y chun an luachan a scriosadh (ní dheachaigh an gearánaí ar aghaidh chun polasaí a ghlacadh) i gcomhréir lena bheartas coinneála sonraí féin. Ina theannta sin, cheangail Árachóir Y sonraí pearsanta an ghearánaí trí dhearmad sa luachan le comhad éilimh árachais i ndáil le héileamh a fuair sé ó dhuine éigin leis an ainm céanna.

Nuair a bhíothas ag cur aistriú ghealltanais Árachóir Y chuig Árachóir X i gcrích, aistríodh an comhad éilimh árachais lenar áiríodh trí dhearmad an gearánaí mar an t-éilitheoir (seachas duine aonair eile leis an ainm céanna) chuig Árachóir X. D'éirigh an t-éileamh calaoiseach nuair a rinneadh measúnú air ní ba dhéanaí, agus scríobh aturnaetha Árachóir X leis an ngearánaí ag tabhairt le fios gur measadh a n-éileamh bheith calaoiseach, agus inar táscadh beart leantach a bhí ar intinn ag Árachóir X chun a dhéanamh chun a leasanna a chosaint.

Bhain láimhsiú tútach na sonraí pearsanta le croílár an cháis sin. Tá an t-ainm agus an sloinne céanna ag go leor daoine in Éirinn, agus ní raibh fáth ar bith ann go gcuirfí sonraí pearsanta an ghearánaí a bailíodh nuair a fuair an gearánaí luachan le comhad éilimh árachais. Ba chóir go mbeadh dóthain srianta agus ceartúchán ann i bpróisis láimhsithe sonraí le hÁrachóir Y. Ba í an tsaincheist ba shuntasaí a tháinig aníos don ghearánaí seo nárbh fhéidir leo a fháil amach, roimh ár mbaint leis, an chaoi inar tháinig a gcuid sonraí i seilbh Árachóir X agus an chaoi inar tháinig an tsaincheist i gceist aníos.

Tharla roinnt sáruithe sa chás seo dá réir – sárú an cheangaltais ar thréimhse choinneála réasúnach de bharr an luachan a choinneáil ní b'fhaide ná mar ba ghá agus mar a leagadh amach i mbeartas coinneála na cuideachta féin; próiseáil breise neamhdhleathaí na sonraí pearsanta ach iad a chur leis an gcomhad éilimh; mainneachtain chun freagairt ar bhealach soiléir agus tráthúil leis an ngearánaí chun a mhíniú dóibh an chaoi ar foinsíodh a gcuid sonraí agus an chaoi ar próiseáladh iad ar an gcaoi sin. Bhain iarmhairtí cuibheasacha tromchúiseacha don ghearánaí sa chás seo, óir gur thabhaigh siad costais dlíthiúla suntasacha ag cosaint an chúisimh go ndearna siad éileamh calaoiseach agus ón mbagairt le hÁrachóir X chun nósanna imeachta a thionscnamh sa Chúirt Chuarda ina gcoinne.

### Cás-Staidéar 18 – Ionchúiseamh Irish Times Limited i gCionta Margaíochta

Fuaireamar gearán an 28 Aibreán 2015 ó dhuine aonair a fuair ríomhphost margaíochta gan iarraidh ní ba luaithe an lá úd ó The Irish Times Limited i bhfoirm nuachtlitir "Get Swimming". Mhínigh sé gur ghlac sé síntiús don nuachtlitir "Get Swimming" roinnt míonna roimhe sin, agus dúirt sé linn gur dhíliostáil sé uaithi tar éis fháil an tríú nó an ceathrú heagrán ach leas a bhaint as an treoir dhíliostála ag bun na nuachtlitreach. D'éiligh sé ámh gur choinnigh The Irish Times Limited orthu ag seoladh na nuachtlitreach "Get Swimming" dó gach seachtain ina dhiaidh sin, agus lean sé ar aghaidh ag díliostáil ach leas a bhaint as an treoir dhíliostála. Chuir sé in iúl dúinn gur sheol sé ríomhphost chuig Cúram Custaiméirí in The Irish Times Limited an 21 Aibreán 2015 ag iarraidh a bhaint den nuachtlitir, agus thug sé foláireamh go dtuairisceodh sé an cás don Choimisinéir Cosanta Sonraí mura ndéanfaí amhlaidh. D'fhreagair an Cúram Custaiméirí an lá céanna ag maíomh go mbainfidís é den nuachtlitir láithreach bonn. Fuair sé nuachtlitir breis an tseachtain dár gcionn ámh.

Mar fhreagra dár n-imscrúdú, mhaígh The Irish Times Limited gur shaincheist amháin a bhí i gceist leis seo a tháinig aníos trí earráid dhaonna le cumrú an phróisis díliostála, ar deisíodh ina dhiaidh sin é. Dheimhnigh siad go ndeachthas i bhfeidhm ar cheathrar úsáideoirí is trí fichid eile. Thug siad le fios dúinn gur cuireadh nós imeachta i bhfeidhm chun atarlú a chosc.

D'eisigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí foláireamh roimhe sin le The Irish Times Limited i mí na Samhna 2012 tar éis imscrúdú gearáin ó dhuine aonair éagsúil i ndáil le ríomhphoist mhargaíochta a fuair sé go leanúnach tar éis dó díliostáil ó fháil na ríomhphost úd.

Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun an chuideachta a ionchúiseamh. Phléadáil The Irish Times Limited ciontach i gcúis amháin de sheoladh ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 4 Aibreán 2016. D'ordaigh an Chúirt íocaíocht ¤3,000 i bhfoirm deonaithe charthanachta le Pieta House, agus chuir sí an t-ábhar ar athlá ar feadh seacht seachtaine. D'aontaigh an cosantóir chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a chumhdach. Thug an cosantóir cruthúnas íocaíochta i leith an deonaithe charthanachta ag an éisteacht ar athlá, agus chaith an Chúirt an chúis amach.

## Cás-Staidéar 19 – Ionchúiseamh Coopers Marquees Limited i gCionta Margaíochta

Fuaireamar gearán ó dhuine aonair i mí Mheán Fómhair 2015 faoi ríomhphost margaíocht a fuair sí bhí cúpla seachtain roimhe sin ó Coopers Marquees Limited. Thug an duine céanna gearán dúinn roimhe sin i mí Eanáir 2014 tar éis di ríomhphost margaíochta a fháil ón gcuideachta sin, faoinar mhaígh sé nár thug siú toiliú dá fháil. I gcaitheamh ár n-imscrúdaithe sa chéad ghearán, gheall an chuideachta chun seoladh ríomhphoist an duine a bhaint dá bunachar sonraí margaíochta. Chuireamar conclúid leis an ngearán ach foláireamh a eisiúint don chuideachta gur dhóichí go dtabharfadh an Coimisinéir Cosanta Sonraí ionchúiseamh ina haghaidh dá ndéanfadh sí cion in athuair.

Mar fhreagra dár n-imscrúdú den dara gearán, cuireadh sinn ar an eolas gur bhain feidhmeannach margaíochta nua don chuideachta leas as sealeagan den bhunachar sonraí margaíochta i gcomhair an fheachtais mhargaíochta. Tháinig seoladh an ríomhphoist mhargaíochta chiontaigh dá bharr sin chuig seoladh ríomhphoist an duine ar baineadh a mionsonraí le breis agus bliain amháin anuas. Ghlac an chuideachta nach raibh toiliú aici chun teagmháil a dhéanamh leis an duine i gceist trí ríomhphost agus mhaígh sé gur tharla earráid dhaonna ag an mball foirne nua ba chúis le seoladh an ríomhphoist. Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun an chuideachta a ionchúiseamh.

Phléadáil Coopers Marquees Limited ciontach i gcúis amháin de sheoladh ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú ag Cúirt Dúiche Achadh an Iúir an 7 Meitheamh 2016. D'ordaigh an Chúirt ranníocaíocht arbh ionann agus ¤300 í mar dheonú carthanachta le Trúpa Gasóg Mhullaigh, agus thug le fios go gcuirfeadh sí An tAcht um Promhadh Ciontóirí i bhfeidhm in ionad ciontaithe. D'aontaigh an chuideachta ba chosantóir chun ranníocaíocht a thabhairt do chostais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí.

## Cás-Staidéar 20 – Ionchúiseamh Robert Lynch ag trádáil mar The Energy Centre i gCionta Margaíochta

Thug beirt dhaoine gearán dúinn i mí Eanáir 2015 faoi ghlaonna margaíochta gan iarraidh a fuair siad ó The Energy Centre ar a ngutháin líne talún. B'amhlaidh i leith na beirte gearánaithe a bhí a n-uimhreacha gutháin taifeadta i gClár Bunachair Shonraí Díliostála an Eolaire Náisiúnta (NDD). Thug an chéad ghearánaí le fios dúinn go bhfuair sé glao margaíochta gan iarraidh an 5 Eanáir 2015 inar thairg an glaoiteoir chun stiúradh suirbhé ar a bhail a eagrú chun na críche tionscnaimh choigiltis fuinnimh a mholadh, arbh é The Energy Centre a dhíolfadh leis iad. Dúirt an gearánaí gur inis sé don ghlaoiteoir gan glaoch air arís, agus thug sé le fios go raibh a uimhir ar Chlár Díliostála NDD. Rinne sé gearán trí lá ní ba dhéanaí go bhfuair sé glao margaíochta breise gan iarraidh ó The Energy Centre. I gcás an dara gearánaí, fuair sé glao gutháin mhargaíochta gan iarraidh an 23 Eanáir 2015 ó ghlaoiteoir ó The Energy Centre a d'inis dó go raibh gníomhairí díolachán ina cheantar, agus gur mhian léi coinne a chur in áirithe le go dtabharfadh duine amháin acu cuairt ar a bhaile. Thug an gearánaí céanna gearán dúinn roimhe sin i mí na Samhna 2013 go bhfuair siad glao gutháin mhargaíochta gan iarraidh ón aonán céanna ag an tráth úd. Réitíodh a chéad ghearán go síochánta nuair a fuair sé litir leithscéil, comhartha dea-mhéine agus ráthaíocht gur glacadh bearta chun a chinntiú nach bhfaigheadh sé a thuilleadh glaonna margaíochta.

Thug The Energy Centre le fios mar mhíniú i rith ár n-imscrúdaithe sa dá ghearán a fuarthas i mí Eanáir 2015 go ndearna a shaineolaí TF iniúchadh sa chás, agus gur tháinig sé chun na conclúide gur tharla earráid dhaonna áit ar bith ar feadh na líne nuair a d'aistrigh duine éigin roinnt uimhreacha gutháin ó liosta neamhtheagmhála ar ais go dtí an córas chun teagmháil a dhéanamh leo.

D'eisigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí foláireamh le The Energy Centre roimhe sin tar éis imscrúdú gearáin ó dhuine aonair éagsúil i ndáil le glaonna margaíochta gan iarraidh a fuair sé ar ghuthán líne talún agus a uimhir bheith taifeadta ar an gClár Díliostála NDD.

Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun ionchúiseamh a thabhairt. Phléadáil Robert Lynch ag trádáil mar The Energy Centre ciontach i dtrí chúis de ghlaonna gutháin mhargaíochta gan iarraidh a dhéanamh chuig uimhreacha gutháin bheirt dhaoine ar taifeadadh a n-uimhreacha ar Chlár Díliostála NDD ag Cúirt Dúiche Dhroichead Átha an 21 Meitheamh 2016. I ndáil leis an gcéad chás inar glaodh uimhir an ghearánaí faoi dhó trí lá óna chéile, chiontaigh an Chúirt an cosantóir i ndáil leis an gcúis don dara glao gutháin, chuir sí fíneáil ¤100 chun feidhme, agus ghlac sí san áireamh an chúis eile i ndáil leis an gcéad ghlao gutháin. Chuir an Chúirt an tAcht um Promhadh Ciontóirí i bhfeidhm i ndáil leis an gcúis sa dara cás. D'aontaigh an cosantóir chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a íoc.

## Cás-Staidéar 21 – Ionchúiseamh Paddy Power Betfair Public Limited Company i gCionta Margaíochta

Thug duine aonair gearán dúinn i mí an Mheithimh 2016 faoi theachtaireachtaí téacs margaíochta a bhí sé ag fáil ó Paddy Power Betfair Plc, agus líomhnaigh sé freisin nach raibh an t-ordú 'stopadh' ag bun na dteachtaireachtaí téacs ag oibriú freisin. Mhaígh sé nár chuir sé geall riamh le Paddy Power Betfair Plc, ach ba chuimhin leis gur bhain sé leas as a Wi-Fi uair amháin.

D'admhaigh an chuideachta le linn ár n-imscrúdaithe den chás, i dtaca leis an líomhaint nach raibh an t-ordú 'stop' ag feidhmiú, gur bhain roinnt saincheisteanna teicniúla don tseirbhís dhíliostála dá soláthraí téacs, agus mhaígh gur bheartaigh siad láithreach bonn chun é sin a cheartú ach ar éirigh siad feasacht fúthu sin. Maidir leis an toiliú don mhargaíocht, thug an chuideachta le fios dár n-imscrúdú gur logáil an gearánaí isteach ar an Wi-Fi ag a siopa ar Shráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath i

mí Aibreáin 2016. Thuairiscigh siad an chaoi nach foláir d'úsáideoir uimhir a bhfóin phóca a iontráil sa leathanach isteach, agus go bhfaigheann siad uimhir PIN dá bhfón ina dhiaidh sin chun cur ar a gcumas chun dul ar aghaidh. Tar éis dóibh an PIN a iontráil i gceart, tugtar ticbhosca don chustaiméir chun glacadh leis na téarmaí seirbhíse lena n-áirítear beartas príobháideachais. Tar éis dúinn an cás a iniúchadh, thugamar le fios do Paddy Power Betfair Plc nach bhfacamar fianaise ar bith gur tugadh an deis don úsáideoir chun díliostáil ón margaíocht faoi mar is gá faoi I.R. 336 de 2011 (Na Rialacháin ríomh-Phríobháideachais). Thángamar chun na tuairime nárbh fhéidir leis an gcuideachta a léiriú gur thoiligh an gearánaí go glan soiléir le fáil na cumarsáide margaíochta. Thuig an chuideachta ár seasamh, agus gheall siad chun saothrú lena soláthraithe Wi-Fi chun an ticbhosca margaíochta riachtanach a chur lena leathanach clárúcháin. D'eisiaigh siad láithreach bonn freisin gach uimhir fhóin phóca a fuair siad trí na tairseacha Wi-Fi óna thuilleadh cumarsáide margaíochta.

Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun an chuideachta a ionchúiseamh. Eisíodh foláireamh leis an gcuideachta roimhe sin sa bhliain 2015 tar éis imscrúdú gearáin ó dhuine aonair éagsúil a fuair teachtaireachtaí téacs margaíochta go leanúnach tar éis dóibh díliostáil

Phléadáil Paddy Power Betfair Plc ciontach i gcúis amháin de sheoladh teachtaireachta téacs margaíochta gan iarraidh gan toiliú, agus i gcúis amháin gan bealach bailí a thabhairt don fhaighteoir chun díliostáil óna thuilleadh teachtaireachtaí margaíochta ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 28 Samhain 2016. In ionad ciontaithe agus fíneála, d'ordaigh an Chúirt don chosantóir ranníocaíocht ¤500 a thabhairt do Chlann Shíomóin faoi 12 Nollaig 2016, agus chuir sí an t-ábhar ar athlá ar feadh coicíse. D'aontaigh an chuideachta chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a íoc. Thug an cosantóir cruthúnas íocaíochta i leith an deonaithe charthanachta ag an éisteacht ar athlá, agus chaith an Chúirt na cúiseanna amach.

## Cás-Staidéar 22 – Ionchúiseamh Trailfinders Ireland Limited i gCionta Margaíochta

Taisceadh gearán linn i mí an Mheithimh 2016 le duine aonair a fuair ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh an tráth úd ó Trailfinders Ireland Limited d'ainneoin gur cuireadh ar an eolas í roimhe sin gur baineadh a seoladh ríomhphoist de bhunachar sonraí margaíochta na cuideachta i mí Lúnasa 2015. D'aithin an chuideachta ina freagra dár n-imscrúdú gur seoladh na ríomhphoist inar sáraíodh an dlí trí dhearmad. Mhínigh siad go bhfuair siad cumarsáid scríofa faoi shaincheist maidir le cúram custaiméirí ón ngearánaí cúpla lá sular seoladh na ríomhphoist mhargaíochta, agus gur nuashonraigh a bhfoireann Cúraim Chustaiméirí a cás i dtaca leis an tsaincheist úd. Tionscnaíodh próiseas uathoibrithe leis an nuashonrú sin, lenar iontráladh seoladh ríomhphoist an ghearánaí ina mbunachar sonraí margaíochta. Ghabh Trailfinders Ireland Limited leithscéal as an earráid chórasach, agus dúirt siad nár cheart go dtarlódh a leithéid faoi chúinsí ar bith.

De bhun gearáin roimhe sin sa bhliain 2015 i gcoinne Trailfinders Ireland Limited ón ngearánaí céanna maidir le ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh nár thoiligh sí leo, bhí an Coimisinéir Cosanta Sonraí tar éis foláireamh a eisiúint don chuideachta i mí Eanáir 2016. Ba tar éis ár n-imscrúdaithe den dara gearán a chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun ionchúiseamh a thabhairt i gcoinne na cuideachta.

Phléadáil Trailfinders Ireland Limited ciontach in dá chúis de sheoladh ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 28 Samhain 2016. In ionad ciontaithe agus fíneála, d'ordaigh an Chúirt don chosantóir ranníocaíocht ¤500 a thabhairt do Chlann Shíomóin faoi 12 Nollaig 2016, agus chuir sí an t-ábhar ar athlá ar feadh coicíse. D'aontaigh an chuideachta chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a íoc. Thug an cosantóir cruthúnas íocaíochta i leith an deonaithe charthanachta ag an éisteacht ar athlá, agus chaith an Chúirt na cúiseanna amach.

## Cás-Staidéar 23 – Ionchúiseamh Topaz (Local Fuels) Limited i gCionta Margaíochta

Rinne daoine aonair gearán linn i mí Iúil 2016 faoi ghlao gutháin mhargaíochta gan iarraidh a fuair sé ar a fhón póca ó Topaz (Local Fuels) Limited. Rinne sé gearán linn roimhe sin i mí na Samhna 2015 faoi theachtaireachtaí téacs margaíochta a sheol an chuideachta dó gan a thoiliú, agus chuir sé in iúl dúinn in ainneoin iarracht chun díliostáil ach freagra 'Stop' a sheoladh go raibh sé ag fáil a thuilleadh teachtaireachtaí téacs. Ina bhfreagra dár gcéad imscrúdú, dúirt an chuideachta gur tháinig áireamh uimhir fhóin phóca an ghearánaí lena bhfeachtas chur chun cinn mar thoradh ar earráid dhaonna, agus d'aithin siad an mhainneachtain ina gcóras chun a chuid iarrachtaí díliostála a chlárú. Thug siad le fios dúinn i mí Feabhra 2016 gur bhain siad an uimhir fhóin phóca i gceist dá mbunachar sonraí margaíochta. Chuireamar conclúid leis an ngearán an tráth sin le foláireamh chuig Topaz (Local Fuels) Limited.

Nuair a fuaireamar an dara gearán, chuireamar tús le himscrúdú breise ach míniú a lorg do ghlao gutháin mhargaíochta chuig fón póca an duine aonair sna cúinsí inar tugadh le fios dúinn roimhe sin gur baineadh an uimhir theileafóin de bhunachar sonraí margaíochta na cuideachta. Dúirt an chuideachta gur glaodh ar an uimhir sa lárionad glaonna de bharr í bheith ar liosta custaiméirí ionchasacha/as feidhm a soláthraíodh don lárionad glaonna ó limistéar éigin eile den ghnó. Mhaígh siad nach ndearna siad a ndóthain chun a chinntiú nach dtarlódh teip ina gcórais arís i ndáil leis an duine sin. Ghlac siad leis nár chóir go dtarlódh teagmháil margaíochta eile in uireasa thoiliú an duine aonair. Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí chun an chuideachta a ionchúiseamh.

Phléadáil Topaz (Local Fuels) ciontach i gcúis amháin de sheoladh teachtaireachta téacs margaíochta gan iarraidh gan toiliú, agus i gcúis amháin gan bealach bailí

a thabhairt don fhaighteoir chun díliostáil óna thuilleadh teachtaireachtaí margaíochta ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 28 Samhain 2016. In ionad ciontaithe agus fíneála, d'ordaigh an Chúirt don chosantóir ranníocaíocht ¤500 a thabhairt d'Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite faoi 12 Nollaig 2016, agus chuir sí an t-ábhar ar athlá ar feadh coicíse. D'aontaigh an chuideachta chun costais ionchúisimh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí a íoc. Thug an cosantóir cruthúnas íocaíochta i leith an deonaithe charthanachta ag an éisteacht ar athlá, agus chaith an Chúirt na cúiseanna amach.

## Cás-Staidéar 24 – Ionchúiseamh Dermaface Limited i gCionta Margaíochta

Fuaireamar gearán i mí Lúnasa 2016 ó iarchustaiméir le Dermaface Limited tar éis di ríomhphost margaíochta gan iarraidh a fháil. Tugadh le fios don ghearánaí roimhe sin sa bhliain 2014 de bhun gearáin roimhe sin faoi ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gur bhain Dermaface Limited a mionsonraí dá liosta margaíochta. D'fhéachamar le míniú a fháil ó Dermaface Limited inár n-imscrúdú. Chuir siad in iúl dúinn gur seoladh an ríomhphost margaíochta arbh é ab ábhar don ghearán deireanach trí chóras bogearraí na clinice ar cheannaigh siad. Mhaígh siad go ndeachaigh an córas nua i dteagmháil le hothair agus le hiarothair a dhíliostáil roimhe sin ó fháil cumarsáide margaíochta uathusan. D'admhaigh siad gur dhuine de na hothair/hiarothair úd lenar seoladh ríomhphost margaíochta í an gearánaí. Sheol siad leithscéal don ghearánaí.

Tar éis imscrúdú thiar sa bhliain 2011 ar ghearán ó dhuine aonair éagsúil a fuair roinnt teachtaireachtaí téacs margaíochta ó Dermaface Limited, d'eisigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí foláireamh don chuideachta. Chinn an Coimisinéir dá réir chun an chuideachta a ionchúiseamh i ndáil leis an gcion ba dhéanaí.

Phléadáil Dermaface Limited ciontach i gcúis amháin de sheoladh ríomhphoist mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú ag Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 28 Samhain 2016. In ionad ciontaithe agus fíneála, d'ordaigh an Chúirt don chosantóir ranníocaíocht ¤300 a thabhairt d'Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite faoi 12 Nollaig 2016. Thug an Chúirt le fios freisin go raibh sí ag dúil go nglanfadh an chuideachta na costais ionchúisimh a thabhaigh an Coimisinéir Cosanta Sonraí, agus chuir sí an t-ábhar ar athlá ar feadh coicíse. Thug an cosantóir cruthúnas íocaíochta i leith an deonaithe charthanachta agus i leith chostais an Choimisinéara Cosanta Sonraí ag an éisteacht ar athlá. Chaith an Chúirt amach an chúis.

# Aguisín 3

## Cásdlí cosanta sonraí an CBAE

Thug an CBAE roinnt breithiúnas suntasach i rith na bliana 2016 i ndáil leis an dlí cosanta sonraí a dtugtar achoimre orthu thíos.

### VKI v. Amazon EU – Cás C-191/15 (breithiúnas tugtha an 29 Meán Fómhair 2016)

Bhain an cheist leis an gcás seo, i measc ceisteanna eile, cén dlí ballstáit a mbíonn feidhm leis do phróiseáil sonraí pearsanta custaiméirí le gealltanais ríomhthráchtála (.i. soláthraithe seirbhíse ar líne) a bhíonn lonnaithe i mballstát éigin seachas an ceann ar a ndíríonn siad a gcuid gníomhaíochtaí/ina dtairgeann siad seirbhísí ar líne. Dhearbhaigh an CBAE go rialófaí próiseáil na sonraí pearsanta le gealltanas sa ríomhchumarsáid faoi dhlí an bhallstáit ar ar dhírigh an gealltanas a chuid gníomhaíochtaí, ach go dtiocfadh sé sin faoi réir a léirithe (agus ba faoin gcúirt náisiúnta chun teacht ar chinneadh ina leith sin) go ndearna an gealltanas an phróiseáil sonraí i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí gnólachta lonnaithe sa bhallstát sin. Maidir le saincheist na gnólachta, shloinn an CBAE nár cuireadh bac le gealltanas gnólacht bheith acu i mballstát éigin de bharr easpa brainse/fo-chuideachta bheith ann, ach nárbh ionann a láithreán gréasáin bheith inrochtana i mballstát faoi leith agus gnólacht bheith acu ann.

### Breyer v. An Ghearmáin– Cás C-582/14 (breithiúnas tugtha an 19 Deireadh Fómhair 2016)


Tugadh breis treorach leis an gcás seo faoin gcineál faisnéise is sonraí pearsanta ann. Rialaigh an CBAE leis seo i gcás seoladh IP dinimiciúil úsáideora, a logálann an t-oibreoir de láithreán gréasáin phoiblí (sa chás seo ba iad institiúidí feidearálacha na Gearmáine a d'oibrigh na láithreáin ghréasáin) nuair a thugann úsáideoir cuairt ar an láithreán gréasáin; gurb ionann é agus sonraí pearsanta más féidir leis an oibreoir an t-úsáideoir a aithint ach breis eolais a fháil go dlíthiúil ó sholáthraí seirbhíse idirlín an úsáideora úd.

### Tele 2 Sverige v. Údarás Poist agus Teileachumarsáide na Sualainne agus Watson v. An RA – Comhchásanna C-203/15 & C-698/15 (breithiúnas tugtha an 21 Nollaig 2016)

Bhain na cásanna comhcheangailte sin le dlíthiúlacht na gcóras reachtúil intíre sna ballstáit (sa Ríocht Aontaithe agus sa tSualainn anseo) lena ngearrtar oibleagáid ghinearálta ar oibreoirí teileachumarsáide chun sonraí cumarsáide leictreonaí a choinneáil. Bhreithnigh an CBA iad sin i bhfianaise bhreith an CBAE ní ba luaithe (2014) i gcás Digital Right Ireland (Cás C-293/12), an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Treoir 2002/58/CE lena mbunaítear an riail ghinearálta (agus roinnt eisceachtaí ceadaithe leis an riail sin) go mba cheart sonraí tráchta agus suímh a scriosadh nó a neamhaithnidiú nuair nach dteastaíonn a thuilleadh iad do tharchur na cumarsáide. Rialaigh an CBA gurbh é toradh na mbeart sin ná chun bac a chur leis an reachtaíocht náisiúnta chun na críche comhrac i gcoinne na coireachta, lena gceadaítear coinneáil ghinearálta agus neamhshrianta sonraí tráchta agus suímh na n-úsáideoirí i ndáil leis an gcumarsáid leictreonach. Leag an CBAE réimse coinníollacha freisin lena gcuirfí srian mór leis na cúinsí faoina mbeadh coinneáil na sonraí úd, agus an rochtain ar na sonraí coinnithe sin incheadaithe. Áirítear leo sin na ceangaltais: go dtagann an rochtain ar na sonraí coinnithe faoi réir réamh-athbhreithniú le cúirt nó le comhlacht neamhspleách éigin; go ndéantar fógairt na rochtana ar na sonraí sin don duine a bheidh i gceist léi ach nach gcuirfí imscrúdú i mbaoi leis an bhfógairt úd; agus go gcoinnítear na sonraí laistigh den AE. Rialaigh an Chúirt mar dhíol suntais freisin i bhfianaise an chaoi ar cuireadh isteach ar cheart bunúsacha a bhain leis an reachtaíocht do choinneáil agus do rochtain ar na sonraí úd, agus i bhfianaise cheangaltas na comhréireachta i ndlí an AE, i limistéar chosc/imscrúdú/bhrath/ionchúiseamh na gcionta coiriúla; ba le cuspóir na troda i gcoinne na coireachta tromchúisí amháin a bheifí in ann bonn cirt a thabhairt don rochtain ar na sonraí coinnithe.

# Aguisín 4

## Cairt Eagrúcháin



# Aguisín 5

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Cuntas na bhFáltas agus na nÍocaíochtaí sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016*

| **Fáltais** | **2016**<br>**€** | **2015**<br>**€** |
|---|---|---|
| Airgid arna soláthar ag an Oireachtas | 3,905,588 | 2.963,107 |
| Táillí | 775,729 | 670,307 |
| | **4,681,317** | **3,633,414** |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Costais foirne | 2,540,891 | 1,989,204 |
| Costais Bhunaithe | 340,495 | 283,396 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla | 906,261 | 549,365 |
| Táillí iniúchóirí | 10,200 | 4,600 |
| Caiteachais Ilghnéitheacha | 107,741 | 136,542 |
| | **3,905,588** | **2,963,107** |
| Íoc fáltas don bhliain leis an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 747,225 | 648,073 |
| Fáltais iníoctha leis an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag ceann na bliana | 28,504 | 22,234 |
| **Iomlán** | **4,681,317** | **3,633,414** |

**Tá na figiúirí a dtugtar achoimre orthu thuas fós faoi réir iniúchta leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuirfear na cuntais iniúchta deireanach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena gcur faoi bhráid an Oireachtais.*

# Aguisín 6

## Tuairisc Fuinnimh

### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2016

#### Baile Átha Cliath

Bhí áitreabh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i mBaile Átha Cliath lonnaithe go sealadach i bhFoirgneamh Regus, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 idir mí Iúil 2015 agus mí Lúnasa 2016. Bhog foireann Bhaile Átha Cliath chuig áitreabh saintiomanta i mí Lúnasa 2016 lonnaithe ag 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Tagraítear leis na mionsonraí rátála fuinnimh d'áitreabh Bhaile Átha Cliath do 21 Cearnóg Mhic Liam idir mhíonna Lúnasa agus na Nollag 2016. Bhí 25 ball foirne suite san fhoirgneamh sin faoi dheireadh na bliana 2016. Ba é an leictreachas don téamh, soilsiú agus úsáidí eile na foinsí don phríomhúsáid fuinnimh san Oifig sa bhliain 2016.

Is foirgneamh faoi chosaint é áitreabh Bhaile Átha Cliath ag 21 Cearnóg Mhic Liam, agus díolmhaítear ón gcóras rátála fuinnimh dá réir é.

#### Cúl an tSúdaire

Tá oifig an CCS i gCúl an tSúdaire lonnaithe ar ar urlár uachtarach d'fhoirgneamh dhá stór a tógadh thiar sa bhliain 2006, le hachar urláir 444 méadar cearnach inti. Bhí 27 ball foirne suite san fhoirgneamh sin faoi dheireadh na bliana 2016. Ba é an gás agus an leictreachas don téamh, soilsiú agus úsáidí eile an phríomhúsáid fuinnimh san Oifig sa bhliain 2016.

Ba é C1 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh i gCúl an tSúdaire sa bhliain 2016.

#### Bearta a Glacadh

Tá an CCS tar éis rannpháirt a ghlacadh sa chóras ar líne le ÚFIÉ sa bhliain 2016 chun na críche ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú chun cloí le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh Úsáide Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (IR 542 de 2009).

An úsáid fuinnimh bhliantúil don Oifig sa bhliain 2016:

### Oifig Bhaile Átha Cliath

| **Úsáid** | |
|---|---|
| **Neamhleictreach** | **Gan bheith ar fáil** |
| **Leictreach** | **36,480 kW** |

### Oifig Chúl an tSúdaire

| **Úsáid** | |
|---|---|
| **Neamhleictreach** | **46,629 kWH** |
| **Leictreach** | **51,650 kWH** |

Tá an CCS tar éis coinneáil air lena chuid iarrachtaí chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú ach a chinntiú go mbíonn gach trealamh agus soilsiú leictreach múchta ag deireadh an lae ghnó gach lá.



An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Data Protection Commissioner